Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0111

Tuarascáil eatramhach ar an togra le haghaidh an chreata airgeadais ilbhliantúil do 2028-2034

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2026 ar an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an Creat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2028 go 2034 (COM(2025)0571 – C10-0000/2025 – 2025/0571R(APP))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagail 8, 285, 287, 311, 312, 323 agus 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 dar teideal 'Buiséad AE dinimiciúil i gcomhair thosaíochtaí na todhchaí – Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034' (COM(2025)0570),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2028 go 2034 (COM(2025)0571),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 (COM(2025)0574),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 maidir le Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais (COM(2025)0572),

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Bealtaine 2025 ar bhuiséad fadtéarmach athchóirithe don Aontas i ndomhan atá ag athrú[1],

[1] IO C, C/2026/575, 24.2.2026,ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/575/oj.

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Meán Fómhair 2025 ar ról na hinfheistíochta faoin mbeartas comhtháthaithe chun an ghéarchéim tithíochta atá ann faoi láthair a réiteach[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2026 ar chur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta – tuarascáil bhliantúil 2025[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[4],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta)[5],

– ag féachaint do thuarascáil an 10 Aibreán 2024 ó Enrico Letta dar teideal ‘Margadh Thar an gCoitiantacht’ (tuarascáil Letta),

– ag féachaint do thuarascáil ó Mario Draghi an 9 Meán Fómhair 2024 dar teideal ‘Todhchaí iomaíochas na hEorpa’ (tuarascáil Draghi),

– ag féachaint do thuarascáil an 30 Deireadh Fómhair 2024 ó Sauli Niinistö dar teideal *Safer together – strengthening Europe’s civilian and military preparedness and preparedness* [Níos Sábháilte le Chéile – Ullmhacht Shibhialtach agus Mhíleata na hEorpa a Neartú] (tuarascáil Niinistö),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2026 maidir le réigiúin teorainn an Aontais i dteorainn leis an Rúis, leis an mBealarúis agus leis an Úcráin: Réigiúin láidre ar mhaithe le hEoraip shábháilte COM(2026)0082,

– ag féachaint do na rúin uaithi maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus tíortha agus críocha thar lear, do na beartais ghaolmhara atá i bhfeidhm agus d’fhoilseacháin an Choimisiúin a bhaineann leis an tacaíocht a bhaineann go sonrach leis na réigiúin sin, lena n-áirítear i réimse na talmhaíochta,

– ag féachaint do theachtaireacht an 11 Nollaig 2019 ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

---

2 IO C, C/2026/1474, 9.4.2026,ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1474/oj.
3 Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2026)0013.
4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
5 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1.

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2025 dar teideal ‘Compás Cultúir don Aontas Eorpach’ (COM(2025)0785),

- ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta an 22 Eanáir 2026 maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034,

- ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 22 Eanáir 2026 maidir le togra 2025 maidir le acmhainní dílse,

– ag féachaint do rún ó Choiste Eorpach na Réigiún an 15 Deireadh Fómhair 2025 ar an togra le haghaidh creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún an 4 Márta 2026 dar teideal *Multiannual Financial Framework (MFF) post 2027, including own resources package* [Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) tar éis 2027, lena n-áirítear pacáiste acmhainní dílse],

– ag féachaint do na tuarascálacha ábhartha ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil,

– ag féachaint don chomhaontú a glacadh ag an 15ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (COP 15) in Montréal an 19 Nollaig 2022 (Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal),

– ag féachaint don chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP 21) i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

– ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,

– ag féachaint don chruinniú/do na cruinnithe idir na hUachtaráin faoi Airteagal 324 CFAE,

– ag féachaint don litir ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, chuig Uachtarán na Cipire, Nikos Christodoulides, mar shealbhóir uachtaránacht rothlach na Comhairle, agus Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Roberta Metsola, an 6 Eanáir 2026 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta i gcreat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034,

– ag féachaint do Riail 107(5) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil eatramhach ón gCoiste um Buiséid (A10-0105/2026),

A. de bhrí, de bhun Airteagal 311 CFAE, nach mór don Aontas na hacmhainní is gá a sholáthar dó féin chun a chuspóirí a bhaint amach agus a chuid beartas a chur i gcrích;

B. de bhrí gur chruthaigh an CAI reatha go tapa a neamhleorgacht maidir le freagairt do shraith géarchéimeanna, boilsciú agus dúshláin pholaitiúla nua nach rabhthas ag dréim leo agus nach bhféadfaí a réamh-mheas tráth a ghlactha; de bhrí, chun críche cistiú riachtanach a fháil, gur brúdh CAI go barr a chumais, lena n-áirítear dul ar iontaoibh na bhforálacha solúbthachta agus na n-ionstraimí speisialta, rud nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, tar éis na corrlaigh a bhí ar fáil a ídiú chomh maith leis na leasuithe líonmhara a rinneadh ar an CAI; de bhrí nach bhfuil sé i gceist na huirlisí sin a úsáid in ionad pleanáil bhuiséadach fhónta fhadtéarmach; de bhrí, de dheasca sin, gur úsáideadh cláir amhail an beartas comhtháthaithe go mion minic chun freagairt d’éigeandálaí, rud a d’fhág go raibh sé deacair a gcuspóirí fadtéarmacha tosaigh a bhaint amach;

C. de bhrí gur léir go raibh an t-athbhreithniú meántéarma ar CAI a comhaontaíodh in 2024 ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí agus dúshláin a bhí ag teacht chun cinn, agus de bhrí go leanann an easpa acmhainní den bhonn a bhaint ón CAI reatha go dtí an lá atá inniu ann;

D. de bhrí go mbeidh bunú CAI nua ina thráth cinniúnach don Aontas, ós rud é go bhforálfar leis don fhéidearthacht fís chomhchoiteann a fhormhuiniú agus cinneadh a dhéanamh maidir leis na tosaíochtaí polaitiúla a bheidh ann amach anseo chomh maith le cumas an Aontais iad a bhaint amach; de bhrí gur cheart cistiú tosaíochtaí nua agus tosaíochtaí traidisiúnta a chothromú chun comhbheartais an Aontais is bonn lena thionscadal polaitiúil a choimirciú; de bhrí gur cheart don chéad CAI eile prionsabal na coimhdeachta a urramú;

E. de bhrí go bhfuil teannas geopholaitiúil, luaineacht eacnamaíoch, rioscaí slándála fuinnimh, tubaistí a bhaineann leis an aeráid agus bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn mar shaintréith den timpeallacht dhomhanda, lena n-áirítear filleadh na cogaíochta ard-déine i gcomharsanacht an Aontais, lena leagtar béim ar an ngá atá le buiséad an Aontais a bheith ann a bhfuil ar a chumas oiriúnú do shuaitíinmheánacha agus seachtracha araon, go háirithe trí infheistíocht sa tionsclaíocht, sa dá aistriú, sa nascacht agus sa bhonneagar, chomh maith le hullmhacht shibhialta agus cosaint shibhialta agus infheistíocht i mbeartais shóisialta;

F. de bhrí nach mór a ráthú leis an gcéad CAI eile go leanfaidh buiséad an Aontais de bheith ina uirlis infheistíochta agus go leanfaidh sé de bheith lárnach chun freagairt do riachtanais ár ndaoine agus lena

dtacaítear le cuideachtaí Eorpacha, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna);

G. de bhrí gur croíbheartais den tionscadal Eorpach iad beartais sheanbhunaithe an Aontais a chumhdaítear faoin togra maidir le pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí (pleananna CNR) agus go rannchuidíonn siad le hathléimneacht, comhtháthú, cóineasú agus neamhspleáchas an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil siad lárnach, an tráth céanna, dá shlándáil agus dá cheannasacht sa chomhthéacs idirnáisiúnta reatha agus dá chobhsaíocht eacnamaíoch, shóisialta agus chríochach agus dá chuspóirí inbhuanaitheachta;

H. de bhrí go bhfuil bearna iomaíochais atá ag dul i méid os comhair an Aontais i réaltacht gheopholaitiúil agus eacnamaíoch atá ag athrú, lena mbaintear an bonn dá tháirgiúlacht fhadtéarmach, dá uathriail straitéiseach, dá athléimneacht agus dá chumas gníomhú; de bhrí nach mór don Aontas a chumas infheistíochta a neartú go suntasach chun dul san iomaíocht ar fud an domhain;

I. de bhrí gur cheart tacaíocht leormhaith a thabhairt do réaltachtaí teicneolaíochta nua sa chéad CAI eile;

J. de bhrí, i bhfianaise na gciorruithe suntasacha ar bhuiséad USAID, nach mór do bhuiséad an Aontais seasamh le ról an Aontais mar an soláthraí is mó ar domhan maidir le cabhair um fhorbairt agus maoiniú don aeráid i gcomhréir le hoibleagáidí domhanda agus gealltanais dhomhanda an Aontais;

K. de bhrí go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus na hurraime do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad; de bhrí go ndéanann sáruithe ar na luachanna sin an bonn a bhaint de chomhtháthú an Aontais, go gcreimeann siad cearta shaoránaigh an Aontais agus go lagaíonn siad iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit;

L. de bhrí go mbunaítear le hAirteagal 8 CFAE an prionsabal maidir le chomhionnais inscne a phríomhshruthú;

M. de bhrí go measann an Coimisiún gurb ionann an infheistíocht bhreise is gá chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus 1,5 % den olltáirgeacht intíre in aghaidh na bliana i gcomparáid leis na 10 mbliana 2011-2020 agus nach féidir le buiséad an Aontais an bhearna sin a chumhdach leis féin; de bhrí go gcruthaíonn an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus géarchéim an truaillithe costais thromchúiseacha sláinte agus eacnamaíocha; de bhrí go bhfuil sé bunriachtanach don Aontas infheistíocht a dhéanamh i gcláir a bhfuil cuspóirí aeráide agus comhshaoil acu;

N. de bhrí, de bhun Airteagal 191 CFAE, nach mór beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol a bheith bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim;

O. de bhrí, de bhun Airteagal 349 CFAE, nach mór don Aontas tacú leis na réigiúin is forimeallaí; de bhrí gur léiríodh go bhfuil an clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht (POSEI) tábhachtach ina leith sin;

P. de bhrí go bhfuil sé de cheart ag na Ballstáit i gcónaí a meascán fuinnimh a chinneadh;

Q. de bhrí gur creat cuimsitheach de chuid an Aontais é an Comhshocrú don Mheánmhuir a bhfuil sé mar aidhm leis comhpháirtíochtaí struchtúrtha agus marthanacha le comhpháirtithe na Meánmhara Theas a neartú;

R. de bhrí, de bhun Phrótacal Uimh. 10 maidir leis an gCipir, go bhfuil cur i bhfeidhm *acquis* an Aontais ar fionraí sna limistéir sin de Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach iontu; de bhrí gur chuir an staid eisceachtúil sin cosc, le blianta fada anuas, ar úinéirí talún dleathacha a gcuid maoine a rochtain, a úsáid agus a theachtadh; de bhri go bhfuil an ceart chun maoine cosanta faoi Airteagal 17 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

S. de bhrí go raibh tionchar suntasach ag íocaíochtaí a bhaineann le NextGenerationEU (NGEU) ar an nós imeachta buiséadach bliantúil faoin CAI reatha toisc nach raibh sé beartaithe costais iasachtaíochta a chumhdach de bhreis ar na huasteorainneacha amhail a bhí molta ag an bParlaimint; de bhrí go ndéanfaidh aisíocaíocht NGEU difear don chéad CAI eile, ina bhfuil ús agus aisíocaíocht an bhunairgid araon i gceist leis;

T. de bhrí gur thíolaic an Coimisiún, an 16 Iúil 2025, tacar tograí maidir le Rialachán CAI 2028-2034 agus an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse an Aontais, agus tograí reachtacha ina dhiaidh sin maidir le cláir, cistí agus ionstraimí nua de chuid an Aontais a chur ar bun;

1. á chur i bhfios go láidir nach mór don chéad CAI eile na hacmhainní airgeadais is gá a thabhairt don Aontas chun freagairt do thimpeallacht gheopholaitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta atá ag athrú go mear, lena ndéanfar beartais sheanbhunaithe agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn araon a chur i gcrích an tráth céanna; á áitiú nach mór do bhuiséad an Aontais leanúint de bheith ina bhuiséad infheistíochta a bhfuil ar a chumas tacú le saoránaigh, réigiúin agus gnólachtaí, go háirithe FBManna, agus athléimneacht, iomaíochas agus comhtháthú sóisialta an Aontais á neartú an tráth céanna;

2. á iarraidh go socrófaí CAI 2028-2034 ag 1,27 % d’ollioncam náisiúnta (OIN) an Aontais, agus gur cheart seirbhísiú fiachais NGEU – arb

ionann é agus 0,11 % breise de OIN an Aontais – a eisiamh ón 1,27 % agus gur cheart é a chur san áireamh de bhreis ar na huasteorainneacha; á athdhearbhú nach mór don chéad CAI eile a bheith níos uaillmhianaí ó thaobh méide de, ós rud é nach bhfuil an leibhéal reatha maoiniúcháin ag teacht le huaillmhianta polaitiúla an Aontais, agus nach mór é a chosaint ar shuaitf boilscitheacha; á chur i bhfáth gurb é an leibhéal sin an t-íosmhéid atá riachtanach chun a chur ar a chumas don Aontas a ghealltanais Chonartha a chomhlíonadh, freagairt d'ionchais na saoránach agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra, lena n-áirítear filleadh na cogaíochta ar mórscála i gcomharsanacht an Aontais, bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn, cúlra eacnamaíoch agus sóisialta atá thar a bheith dúshlánach, bearna iomaíochais agus na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta atá ag dul in olcas;

3. ag cur go láidir i gcoinne aon chur chuige as a n-eascraíonn ilroinnt an mhargaidh aonair nó athnáisiúnú bhuiséad an Aontais agus ag diúltú go daingean d'aon aistriú i dtreo Aontas '*à la carte*'; á mheas go ndéanann cur chuige an Choimisiúin maidir le 'plean amháin in aghaidh an Bhallstáit' an bonn a bhaint ó bheartais an Aontais a chumhdaítear sna Conarthaí, go gcruthaíonn sé iomaíocht neamhriachtanach idir tairbhithe, go gcuireann sé gné Eorpach an chaiteachais i mbaol, go lagaíonn sé rialachas il-leibhéil, go ndéanann dúshlán a thabhairt do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus go laghdaíonn sé trédhearcacht;

4. á iarraidh go mbeadh imchlúdach méadaithe ann i gcás cheannteideal 1 chun cistiú a choinneáil ar leibhéal an CAI reatha ar a laghad; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh cistiú láidir, leithleach agus leordhóthanach ann don chomhbheartas talmhaíochta (CBT), don chomhbheartas iascaigh, don bheartas comhtháthaithe, do Chiste Sóisialta na hEorpa agus do ghnóthaí baile; á áitiú, sa chomhthéacs sin, go ndéanfaí na méideanna neamh-imfhálaithe faoi na pleananna CNR a leithdháileadh go hiomlán ar na beartais sin, lena n-áiritheofaí, dá bhrí sin, intuarthacht níos fearr do thairbhithe deiridh; á athdhearbhú gur gá creat cur chun feidhme cothrománach agus rialacha maidir leis na beartais sin a choimeád, lena n-áirítear coinníollacht an smachta reachta, chun comhleanúnachas a áirithiú agus ilroinnt a sheachaint; á iarraidh go mbunófaí caibidlí réigiúnacha i gcomhréir le creataí institiúideacha na mBallstát, agus go mbeadh na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla rannpháirteach go hiomlán i gceapadh, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht na gclár faoi cheannteideal 1, bunaithe ar phrionsabail na bainistíochta comhroinnte, an rialachais il-leibhéil agus na comhpháirtíochta;

5. á chur in iúl gur geal léi atreisiú suntasach na mbeartas a áirítear i gceannteideal 2, i gcomhréir le hiarrataí seanbhunaithe na Parlaiminte, arb ionann é agus méadú faoi dhó i gcomparáid leis an tréimhse reatha agus lena gcuirfear ar a chumas don Aontas freagairt ar bhealach níos fearr do dhúshláin a bheidh ann amach

anseo i dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos dothuartha; á aithint gur gá cumas an Aontais gníomhú i bpríomhréimsí straitéiseacha a threisiú, lena n-áirítear iomaíochas, cosaint agus slándáil, taighde agus nuálaíocht, an dá aistriú, bonneagar, sláinte agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, oideachas agus cultúr;

6. á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí treisiú leormhaith ar chláir thosaíochta faoi cheannteideal 2, lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), Fís Eorpach, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), Erasmus+, AgoraEU, Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS+), agus gníomhaíochtaí a bhaineann le EU4Health agus LIFE faoi CEI á gcur i leataobh;

7. á chur in iúl gur geal léi an méadú ar acmhainní do cheannteideal 3 mar chomhartha ar ghealltanas an Aontais a ról mar ghníomhaí domhanda a neartú; á mheas, áfach, go bhfuil an leibhéal atá beartaithe neamhleor i gcónaí i bhfianaise scála na ndúshlán domhanda;

8. á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí atreisiú leormhaith ar cheannteideal 3 lena gcuirfear ar a chumas don Aontas tacú leis an méadú a dhéanfar amach anseo, aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag dul i méid a bhaineann le forbairt, géarchéimeanna daonnúla agus cothú na síochána, tacaíocht a chur ar fáil don Úcráin agus do chomhpháirtithe eile, agus seasamh le luachanna an Aontais, le cearta an duine agus leis an daonlathas ar fud an domhain agus an t-iltaobhachas á neartú ag an am céanna; á áitiú nach mór leanúint de chabhair dhaonnúil a imfhálú, a sheachadadh trí chreat comhleanúnach le bonnlíne bhliantúil lena ngabhann acmhainní leordhóthanacha; á iarraidh go ndéanfaí an t-imchlúdach do thíortha agus críocha thar lear a threisiú, agus na bagairtí a rinneadh le déanaí ar iomláine chríochach na Graonlainne agus ar an gcomhthéacs geopholaitiúil níos leithne á gcur san áireamh;

9. á chur i bhfios go láidir nach mór an chéad CAI eile a bheith dírithe ar earraí poiblí Eorpacha a mhaoiniú, ar earraí iad lena mbaineann breisluach inbhraite i gcomparáid le caiteachas náisiúnta, amhail tionscadail trasteorann; á mheabhrú go bhfuil saoránaigh agus gnólachtaí na hEorpa ag éileamh gníomhaíocht ón Aontas; á iarraidh go ndéanfaí infheistíocht spriocdhírithe straitéiseach ar chistí an Aontais chun freastal ar a riachtanais i réimsí tosaíochta amhail tithíocht, fuinneamh agus slándáil;

10. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh Ionstraim Sholúbthachta fheabhsaithe agus á iarraidh go ndéanfaí í a fhorlíonadh le foinsí breise lena n-áirítear corrlaigh nár caitheadh agus athshreabha ó ionstraimí airgeadais, gan dochar do rialacha earnáilsonracha; á iarraidh go ndéanfaí cúlchiste dlúthpháirtíochta tiomnaithe le haghaidh tubaistí nádúrtha a shlógadh de bhreis ar uasteorainneacha CAI mar rogha dheireanach chun freagairt an

Aontais do riachtanais shonracha laistigh den Aontas a mhaoiniú tar éis damáiste de dheasca tubaistí nádúrtha;

11. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go n-aistríonn tograí an Choimisiúin príomhchinntí beartais agus buiséadacha chuig cláir oibre an Choimisiúin arna nglacadh gan rannpháirtíocht chomhreachtach; á áitiú nach mór na roghanna beartais substaintiúla uile a chinneadh sna bunghníomhartha ábhartha, agus lánurraim á tabhairt do shainchumais na Parlaiminte mar chomhreachtóir agus mar údarás buiséadach; á chur i bhfáth nár cheart go rachadh simpliú chun dochair don trédhearcacht, don chuntasacht dhaonlathach ná do ról formhaoirseachta na Parlaiminte; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an úsáid fhorleathan a bhaintear as maoiniú nach bhfuil nasctha le costais i gcás cuid shuntasach de na cláir faoin gcéad CAI eile agus ag tabhairt rabhaidh go bhfuil rioscaí suntasacha ag baint leis an gcur chuige sin agus d'uireasa coimircí leormhaithe go ndéantar in-iniúchóireacht a lagú;

12. á chur i bhfios go láidir gur réamhriachtanas bunriachtanach é luachanna agus smacht reachta an Aontais a chomhlíonadh chun rochtain a fháil ar chistí de chuid an Aontais; á áitiú a thábhachtaí atá sé bosca uirlisí rianúil agus comhleanúnach de luachanna an Aontais a bheith ann lena gcumhdófaí an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha ar fud bhuiséad uile an Aontais; á áitiú go mbeadh cur chuige láidir ann chun a áirithiú nach ngearrfaí pionós ar fhaighteoirí deiridh dlisteanacha as sáruithe ar an smacht reachta ag a rialtais;

13. á athdhearbhú go láidir go bhfuil géarghá le hioncam inbhuanaithe, intuartha agus athléimneach a bheith ann do bhuiséad an Aontais de bhun Airteagal 310 CFAE ar cheart dó a bheith ag teacht le taobh an chaiteachais agus le tosaíochtaí straitéiseacha agus le riachtanais mhaoinithe shainaitheanta an Aontais; ag athdhearbhú ghealltanas seanbhunaithe na Parlaiminte i leith fíoracmhainní dílse nua a thabhairt isteach, ní hamháin le haghaidh aisíocaíocht fiachais NGEU ach freisin chun uaillmhianta beartais feabhsaithe an Aontais a mhaoiniú; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Choimisiúin acmhainní dílse nua a shainaithint agus chun calabrúcháin áirithe a chur ar aghaidh chuig acmhainní dílse traidisiúnta; ag tacú leis an 'gcur chuige ciseáin' níos leithne a mhol an Coimisiún agus á iarraidh ar an gComhairle an tsáinn a tugadh faoi deara ó 2020 i leith maidir le ciseán d'fhíoracmhainní dílse nua a dhíbhlocáil chun leibhéal ioncaim EUR 60 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an togra ón gCoimisiún le haghaidh cineál nua sásra géarchéime a d'fhéadfadh deis a thabhairt don Aontas cumasú chun freagairt go mear d'fhorbairtí gan choinne; á chur i bhfios go láidir nach bhformheasfaidh an Pharlaimint ach buiséad fadtéarmach, lena n-áirítear taobh an ioncaim, atá oiriúnach don fheidhm don Aontas i ndomhan atá ag athrú;

14. á mheas gurb ionann na seasaimh a leagtar amach sa tuarascáil eatramhach seo agus sainordú na Parlaiminte maidir le caibidlíocht CAI agus go bhfuil siad le cur i gcuntas ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 312(5) CFAE chun toiliú na Parlaiminte a fháil; á chur in iúl go bhfuil sí réidh chun oibriú ar bhealach cuiditheach agus dul i mbun caibidlíocht fhóinteach leis an gComhairle chun buiséad fadtéarmach a chur ar fáil a thugann aghaidh ar riachtanais an Aontais; á iarraidh go dtiocfaí ar chomhaontú mear idir na hinstitiúidí faoi dheireadh 2026 chun lamháil do ghlacadh tráthúil an CAI agus chun cur chun feidhme na gclár caiteachais a chumasú ón 1 Eanáir 2028;

Ábhair a bhaineann le CAI

15. á éileamh go mbeadh Parlaimint na hEorpa rannpháirteach ag gach céim de phróiseas CAI, mar a cheanglaítear leis na Conarthaí in Airteagal 312(5) CFAE; á mheas nach mór don Chomhairle aird chuí a thabhairt ar sheasamh na Parlaiminte a leagtar amach anseo chun toiliú na Parlaiminte a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 312 CFAE;

Méid foriomlán

16. ag meabhrú a seasaimh, ‘i ndomhan atá ag athrú go tapa ina mbíonn súil ag daoine le tuilleadh ón Aontas agus a ábhar acu, agus ina mbíonn líon méadaitheach géarchéimeanna agus dúshláin dhomhanda le sárú ag an Aontas, nach mór acmhainní méadaithe a thabhairt don chéad CAI eile i gcomparáid leis an tréimhse 2021-2027 agus, ar an gcaoi sin, imeacht ón leibhéal féin-fhorchurtha a bhí sriantach go stairiúil, mar atá, 1 % de OIN’; á chur in iúl gur oth léi, in ionad togra fíor-uaillmhianach a thíolacadh, go dtéann an Coimisiún faoi cheilt taobh thiar de phríomhfhigiúr EUR 2 thrilliún i bpraghsanna reatha, nach bhfuil i ndáiríre ach cothrom le EUR 1,763 thrilliún i bpraghsanna tairiseacha 2025, arb ionann é agus 1,26 % de OIN an Aontais, agus 0,11 % á leithdháileadh ar aisíocaíochtaí NGEU; á chur in iúl gur saoth léi, mar thoradh air sin, nach bhfuil ach méadú comharthach ar lú é ná 0,01 pointe céatadáin OIN an Aontais i gceist leis do chláir an Aontais, lena ndéantar an buiséad a reo go héifeachtach i dtéarmaí réadacha; á thabhairt chun suntais go laghdófar cumhacht chaiteachais fhoriomlán an Aontais tuilleadh le céimniú amach na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA); á mheas nach gcuirfidh an leibhéal sin atá beartaithe ar chumas an Aontais a ghealltanais a chumhdaítear sna Conarthaí a chomhlíonadh ná freagairt do na dúshláin shuntasacha gheopholaitiúla atá romhainn, lena n-áirítear an ghéarchéim aeráide agus bhithéagsúlachta ar fearr a ndéileáiltear léi ar leibhéal an Aontais, chomh maith leis an ngéarchéim costais maireachtála;

17. á iarraidh go socrófaí CAI 2028-2034 ag 1,27 % de OIN an Aontais, gan aisíocaíochtaí NGEU a áireamh; á mheas gur cheart déileáil le seirbhísiú fiachais NGEU ar leithligh ó leithreasuithe do chláir an Aontais laistigh d’ollstruchtúr CAI a bheidh ann amach anseo, rud a

fhágfaidh gurb ionann an méid iomlán agus 1,38 % de OIN an Aontais; á chur i bhfáth gurb é an leibhéal sin an t-íosmhéid iomlán chun a chur ar a chumas don Aontas a ghealltanais a chomhlíonadh, freagairt do dhúshláin gheopholaitiúla agus a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach;

18. á chur in iúl gur oth léi go gcomhtháthaítear le haisíocaíocht NGEU, mar a thíolaic an Coimisiún í, tráthchodanna bliantúla faoi uasteorainneacha CAI ó 2028 ar aghaidh; á chur i bhfáth nach mór a áirithiú leis an bplean aisíocaíochta nach ndéanfaidh seirbhísiú fiachais NGEU caiteachas bunriachtanach an Aontais a phlódú amach ná nach gcuirfidh sé isteach ar chumas an Aontais aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo; ag meabhrú, dá bhrí sin, a seasaimh sheanbhunaithe gur cheart leithreasuithe atá nasctha le haisíoc NGEU a áireamh de bhreis ar na huasteorainneacha;

19. ag tacú go láidir leis an modh coigeartaithe teicniúil atá beartaithe a dhéanann boilsciú iarbhír a áireamh, rud atá bunriachtanach chun cumhacht cheannaigh bhuiséad an Aontais a choimirciú le linn tréimhsí suaití boilscitheacha; á chur in iúl gur geal léi an sásra sin, atá ríthábhachtach chun cláir an Aontais a chosaint ionas nach mbeidh saoránaigh thíos leis an mboilsciú;

20. á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go n-áiritheofaí leibhéal an chistithe do chláir agus do bheartais an Aontais, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an rún seo; á iarraidh go ndéanfaí na gealltanais agus na huasteorainneacha íocaíochta ábhartha a choigeartú dá réir sin;

Ceannteideal 1

21. ag tabhairt dá haire go leithdháiltear EUR 797,2 billiún i bpraghsanna 2025 ar cheannteideal 1 maidir le ‘Múnla sóisialta agus cáilíocht saoil na hEorpa’, tar éis an méid dá bhforáiltear d’aisíocaíocht NGEU a eisiamh, arb ionann é agus 45 % de CAI iomlán 2028-2034; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di gur laghdú é sin i gcomparáid leis an EUR 810.1 billiún a leithdháileadh in CAI 2021-2027, arbh ionann é agus 65 % den iomlán; á mheas go bhfuil an ciorrú substaintiúil sin do-ghlactha i bhfianaise a thábhachtaí atá sé beartais sheanbhunaithe an Aontais a choimeád;

22. á chur in iúl gur oth léi go ndéanann an Rialachán maidir le Pleananna CNR atá beartaithe (COM(2025)0558), lena ndéantar beartais éagsúla a chumasc in aon phlean amháin in aghaidh an Bhallstáit, éiginnteacht shuntasach maidir le hintuarthacht chistiúcháin do na tairbhithe deiridh a chruthú, go ndéanann sé iomaíocht nach bhfuil gá léi maidir le hacmhainní airgeadais idir tairbhithe agus beartais a chruthú agus leithdháileadh chistí an Aontais a pholaitiú, rud a bhféadfadh castacht mhéadaithe agus comhbhabhtálacha idir tosaíochtaí a bheith i gceist leis; á áitiú go

ndéantar gné Eorpach bhuiséad an Aontais agus cuspóirí chomhbheartais an Aontais a chreimeadh go hintuigthe leis an gcur chuige ‘plean amháin in aghaidh an Bhallstáit’, go n-eascraíonn lárú iomarcach as lena dtugtar dúshlán phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, go ndéantar údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus geallsealbhóirí ábhartha a eisiamh ó ról fóinteach a bheith acu maidir le tosaíochtaí a mhúnlú, agus go mbaintear an bonn den rialachas il-leibhéil agus den ghné chríochach den chaiteachas; á mheas gur cheart na méideanna neamh-imfhálaithe faoi na pleananna CNR a leithdháileadh go hiomlán chun intuarthacht a thairiscint do thairbhithe deiridh; ag tabhairt rabhaidh, ina theannta sin, go bhfuil an laghdú suntasach ar chistiú do cheannteideal 1 ina bhagairt freisin ar an mbonn a bhaint de bheartais an Aontais a chumhdaítear sna Conarthaí agus de chuspóirí an Aontais maidir lena chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú, a phróisis dhaonlathacha, an smacht reachta agus cearta sóisialta a choimirciú, agus slándáil bia agus caighdeán cóir maireachtála a áirithiú d’fheirmeoirí agus d’iascairí chomh maith le cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta; á athdhearbhú gur gá ilroinnt a sheachaint agus an creat cur chun feidhme cothrománach a choinneáil ar bun, lena n-áirítear rialacha agus prionsabail uileghabhálacha amhail urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha, ar cheart feidhm aonfhoirmeach a bheith acu ar fud na mbeartas a chumhdaítear faoi phlean CNR, agus forálacha cur chun feidhme comhleanúnacha agus comhsheasmhacha á n-áirithiú ag an am céanna;

23. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach an ghné Eorpach de bhuiséad an Aontais a choinneáil mar ionstraim bhunúsach chun cuspóirí coiteanna a bhaint amach, lena ndéantar dlúthpháirtíocht an Aontais a chur in iúl agus earraí poiblí Eorpacha a sholáthar; á chur i bhfios go láidir nach mór do bhuiséad an Aontais leanúint de bheith ina chnámh droma airgeadais lena dtacaítear le lánpháirtiú an Aontais a dhoimhniú, lena seachnaítear ilroinnt nó athnáisiúnú phríomhbheartais an Aontais, lena gcuirtear comhtháthú críochach, eacnamaíoch agus sóisialta chun cinn ar fud réigiúin uile an Aontais, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar shrianta struchtúracha leanúnacha a dhéanann difear do na réigiúin fhorimeallacha, oileánacha agus is forimeallaí, agus lena n-áirithítear iomaíocht chóir agus comhdheiseanna do na críocha uile ar fud na mBallstát, gan aon duine ná aon réigiún a fhágáil ar lár; á mheas, thairis sin, gur cheart do bhuiséad an Aontais rannchuidiú le dul i ngleic leis an ngéarchéim costais maireachtála agus le neamhionannais atá ag dul i méid chomh maith le cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a bhaint amach, trí infheistíochtaí i bpríomhréimsí ábhartha;

24. ag diúltú d’aon aistriú i dtreo Eoraip ‘*à la carte*’ ina mbaineann rannpháirtíocht dhifreáilte agus meascán de bheartais a bhfuil cuspóirí, tréimhsí ama agus loighce seachadta éagsúla acu an bonn d’aontacht agus de chomhleanúnachas bheartais agus chláir an Aontais; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhféadfadh

ionstraim aonair ag a bhfuil sraitheanna iomadúla cuspóirí, coimircí agus ceanglas tuairiscithe castacht a mhéadú, cuntasacht a lagú agus an bonn a bhaint de chur chun feidhme éifeachtach; ag tabhairt rabhaidh go ndéanfadh an cur chuige sin, trína ndéanann na Ballstáit cinneadh maidir le leithdháileadh sonrach chistí an Aontais, an margadh aonair a ilroinnt, buntáistí iomaíocha éagóracha a chruthú, agus prionsabal na dlúthpháirtíochta atá mar bhonn agus mar thaca ag lánpháirtiú na hEorpa agus cóineasú aníos a chreimeadh;

25. á iarraidh go mbeadh cistiú ar leithligh, leordhóthanach agus atá imfhálaithe go soiléir ann do CBT, don chomhbheartas iascaigh, don bheartas comhtháthaithe agus do Chiste Sóisialta na hEorpa chun athléimneacht chríochach fhadtéarmach, comhtháthú sóisialta agus muinín sa tionscadal Eorpach chomh maith le cóineasú aníos a fheabhsú;

26. á chur in iúl gur saoth léi an laghdú atá beartaithe ar chistiú do CBT tar éis 2027; á iarraidh go ndéanfaí buiséad tiomnaithe agus láidir do CBT sa chéad CAI eile a imfhálú le méid EUR 433,01 billiún i bpraghsanna reatha (comhionann le EUR 385,12 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025) chun slándáil agus ceannasacht bia, iomaíochas agus caighdeán cóir maireachtála d’fheirmeoirí a áirithiú, agus chun a chur ar a gcumas aistriú chuig cleachtais níos inbhuanaithe, lena n-áirítear bainistiú inbhuanaithe talún agus uisce; á iarraidh go mbeadh líontán sábhála aontachta treisithe, cuntasach agus níos solúbtha ann faoi chreat cothrománach phlean CNR; á chur i bhfáth gur gá sláine an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú go hiomlán agus cothrom iomaíochta a áirithiú idir feirmeoirí i mBallstáit éagsúla; á iarraidh go leanfaí de bhearta a ráthaíonn inmharthanacht na gceantar tuaithe agus go dtreiseofaí iad, trí LEADER agus trí fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail freisin; á chur i bhfios go láidir, trí aghaidh a thabhairt ar an aeráid, ar chailliúint na bithéagsúlachta agus ar dhúshláin eile a dhéanann difear do cheantair thuaithe, d’earnáil na talmhaíochta agus don tslándáil bia, go rannchuidítear le hinmharthanacht eacnamaíoch agus iomaíochas na hearnála agus na gceantar tuaithe agus le cobhsaíocht fhadtéarmach na táirgeachta talmhaíochta; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá tacú le hinfheistíochtaí saincheaptha, lena n-áirítear iad siúd lena gcothaítear cuimsiú sóisialta a dhéanann an talmhaíocht níos tarraingtí do dhaoine óga, do mhná agus d’fheirmeoirí nua;

27. á chur in iúl gur oth léi an laghdú suntasach ar an mbuiséad chomh maith le hidirleathadh chistiú an iascaigh i roinnt ceannteidil bhuiséadacha; á iarraidh go ndearbhófaí gurb ionann an leithdháileadh imfhálaithe don iascach agus don dobharshaothrú in CAI agus EUR 7,29 billiún ar a laghad i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 6,50 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025), d’fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na n-earnálacha sin; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, gur cheart gurbh ionann an maoiniú breise do ghné sheachtrach an iascaigh faoi cheannteideal 3 agus

EUR 1,69 billiún i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 1,50 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025) lena n-áirítear le haghaidh comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh; á athdhearbhú go rannchuidíonn an comhbheartas iascaigh le hioncam cobhsaí agus le hionchais fhadtéarmacha d'iascairí, agus éiceachórais mhuirí inbhuanaithe á gcosaint ag an am céanna, ar éiceachórais iad atá mar bhonn taca faoi iomaíochas na hearnála; á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar chabhlach iascaireachta an Aontais chun sábháilteacht agus slándáil a fheabhsú, lena n-áirítear trí dhul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach agus trí dhálaí oibre, éifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheacht a fheabhsú agus trí nuachóiriú chabhlach an Aontais agus athnuachan glúine a cheadú; á iarraidh, thairis sin, go n-áiritheofaí leis an gcéad CAI eile maoiniú tiomnaithe agus infheicthe, de bhreis ar an gcistiú don iascach, do bheartais an Aontais a bhaineann leis na haigéin, lena n-áirítear an Comhshocrú um an Aigéan;

28. á mheabhrú gur tosaíocht de chuid an Aontais é an beartas comhtháthaithe atá cumhdaithe go dlíthiúil agus atá bunaithe ar na Conarthaí; á chur i bhfáth nach mór don bheartas comhtháthaithe leanúint de bheith ag gníomhú mar phríomhionstraim infheistíochta críochaí an Aontais agus mar cholún de shamhail fáis an Aontais, bunaithe ar rannpháirtíocht éifeachtach na n-údarás réigiúnach agus áitiúil trína rannpháirtíocht iomlán in ullmhú, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht pleananna náisiúnta agus trí infheistíochtaí a chur in oiriúint dá riachtanais agus a chuirtear chun feidhme faoi shamhail atá bunaithe ar phrionsabal na comhpháirtíochta, le rannpháirtíocht ghníomhaithe eacnamaíocha agus na sochaí sibhialta agus an rialachais il-leibhéil ag a bhfuil buiséad iomlán EUR 306,93 billiún i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 274,34 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025) do chistí struchtúracha agus infheistíochta;

29. á iarraidh go leanfadh an beartas comhtháthaithe de bheith ina bheartas ar leith le buiséad tiomnaithe láidir atá imfhálaithe sa chéad CAI eile le méid iomlán EUR 248,37 billiún i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 222,00 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025) do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), EUR 46,99 billiún i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 42,00 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025) don Chiste Comhtháthaithe agus EUR 11,57 billiún i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 10,34 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025) do Interreg; á chur i bhfios go láidir gur coinníoll riachtanach é an méid sin a leithdháileadh ar an mbeartas comhtháthaithe, ní hamháin chun maoiniú cuspóirí comhtháthaithe fadtéarmacha a áirithiú agus chun cóineasú a chothú, ach freisin chun na cuspóirí agus na tosaíochtaí nua laistigh den bheartas sin a chistiú;

30. á chur in iúl gur oth léi nár thug an Coimisiún aghaidh ar easnaimh STA, a shainaithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa freisin, agus an

Rialachán maidir le Pleananna CNR á mholadh aige agus á iarraidh go mbeadh cur chuige bainistíochta comhroinnte ann ina nglacfadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha freagracht as gníomhaíochtaí a cheapadh, a chlársceidealú, a chur chun feidhme agus as faireachán a dhéanamh orthu;

31. á iarraidh go mbunófaí caibidlí réigiúnacha i gcomhréir le creat institiúideach na mBallstát; á iarraidh go mbeadh na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla rannpháirteach go hiomlán i gceapadh, i bhfaireachán agus i gcur chun feidhme na gcistí, bunaithe ar bhainistíocht chomhroinnte, ar rialachas il-leibhéil agus ar phrionsabal na comhpháirtíochta mar a thuigtear iad faoi láthair; á chur i bhfáth gur gá acmhainní atá sainithe go soiléir, rialacha comhpháirtíochta agus fócas láidir críochach, agus réigiúin ag gníomhú mar údaráis bhainistíochta, lena n-áirítear trí chaibidlíocht dhíreach leis an gCoimisiún maidir le garspriocanna agus spriocanna a shainiú agus a gcur chun feidhme, chomh maith le rochtain níos dírí ar chistiú AE do na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla;

32. á chur i bhfáth gur gá tacaíocht leormhaith do fhreagairt an Aontais ar dhúshláin dhéimeagrafacha; á iarraidh go n-áiritheofaí acmhainní leormhaithe, laistigh de na cláir ábhartha, do bhearta a chuireann le dul i ngleic leis na dúshláin sin, go háirithe do réigiúin agus do limistéir faoi mhíbhuntáiste a ndéanann éagothromaíochtaí réigiúnacha agus daonra atá ag dul in aois difear dóibh, agus lánurraim á tabhairt d’inniúlachtaí an Aontais agus do phrionsabal na coimhdeachta;

33. ag meabhrú na ndúshlán uathúil atá roimh réigiúin oileánacha, trasteorann agus shléibhtiúla san Aontas agus á iarraidh go mbeadh réitigh shaincheaptha ann chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear a srianta geografacha ar leith agus a réaltachtaí eacnamaíocha agus comhshaoil i gcuntas go cuí i ndearadh agus i gcur chun feidhme na gcaibidlí réigiúnacha;

34. ag tabhairt dá haire go mbainfidh clárú airgeadais Shaoráid AE, a lamhálann solúbthacht bhreise do na beartais a chlúdaítear léi agus a thagann go hiomlán faoi chúram an údaráis bhuiséadaigh, tairbhe as acmhainní suaithinseacha airgeadais a leithdháiltear uirthi chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna gan choinne;

35. ag tabhairt dá haire gur tugadh Catalyst Europe isteach sa togra ón gCoimisiún, a d’fhéadfadh suas le EUR 150 billiún a shlógadh in iasachtaí inacmhainne arna dtacú ag an Aontas chun a chur ar chumas na mBallstát infheistíochtaí straitéiseacha a dhéanamh lasmuigh dá n-imchlúdaigh náisiúnta leithdháilte; á chreidiúint gur céim thábhachtach é an sásra sin i dtreo dul i ngleic leis na bearnaí infheistíochta sa dícharbónú, sa digitiú agus san athléimneacht eacnamaíoch; ag cur béim ar an bhfíoras go mbeadh Catalyst Europe inrochtana do na Ballstáit uile, a chuirfeadh le comhtháthú

eacnamaíoch agus sóisialta dá bharr sin, chomh maith le hiomaíochas na hEorpa;

36. á mheas, chun cur i bhfeidhm iomlán agus éifeachtach Airteagal 349 CFAE a áirithiú, nach mór cistiú sonrach do na réigiúin is forimeallaí a bhunú laistigh de CAI 2028-2034; á iarraidh, mar sin, go mbeadh POSEI ann le leithdháileadh airgeadais dóthanach ar leithligh do bhearta sonracha, lena n-áirítear don dobharshaothrú agus don iascach a bhfuil ról lárnach acu sa tslándáil bia, san fhostaíocht agus san fhorbairt áitiúil;

37. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart ról lárnach a bheith ag CAI 2028-2034 i neamhionannas, i mbochtaineacht agus in eisiamh sóisialta a laghdú, trí thacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a phlean gníomhaíochta agus a phríomhspriocanna; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil fáil agus inacmhainneacht tithíochta cuibhiúla san Eoraip ag laghdú ar ráta scanrúil, i gcomhthéacs na hinfheistíochta foriomláine atá ag laghdú sa soláthar tithíochta ar fud go leor Ballstát, agus go bhfuil cistiú poiblí agus príobháideach fós faoi bhun an mhéid is gá chun freastal ar an éileamh; á iarraidh go ndéanfaí infheistíochtaí i dtithíocht chuibhiúil, inbhuanaithe agus inacmhainne a imscaradh ar shlí straitéiseach, fhreagrach agus éifeachtúil, trí chistí AE a úsáid, lena n-áirítear trí bhearta faoi CFRE, agus trí iasachtaí Catalyst Europe agus infheistíochtaí spriocdhírithe faoi CEI a úsáid, chomh maith le hurranna náisiúnta InvestEU, ina gcumasófar infheistíocht tithíochta níos mó d’fhonn an Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne a chur chun feidhme;

38. á iarraidh go leanfadh Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) de bheith ina chlár neamhspleách agus ar leithligh ag a bhfuil imchlúdach airgeadais tiomnaithe EUR 124,19 billiún i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 110,73 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025) chun cóineasú sóisialta aníos, fostaíocht ardcháilíochta agus comhdheiseanna a chur chun cinn; á chur i bhfáth gur príomhionstraim mhaoiniúcháin é CSE fós chun infheistiú san oideachas, san fhostaíocht agus i bhforbairt scileanna, chun comhionannas a chothú agus chun soláthar do dhaoine i staideanna soghonta agus dóibh siúd is mó atá i ngátar inár sochaithe, agus spriocanna phlean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta á mbaint amach; á chur in iúl gur oth léi go mór an ghné shóisialta chúng de Rialachán CNR beartaithe; á iarraidh go ráthófaí soiléireacht agus intuarthacht do thairbhithe deiridh agus do na húdaráis bhainistíochta fhreagracha;

39. á chur i bhfios go láidir nach mór do CAI tacú le Comhshocrú AE maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme go hiomlán agus go pras chun dálaí glactha leormhaithe, nósanna imeachta tearmainn tapa agus éifeachtúla, lánpháirtiú, agus nósanna imeachta fillte agus athligean isteach a áirithiú, i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine; á áitiú nach mór don chéad CAI

eile na hacmhainní is gá a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt go leormhaith ar mhórdhúshláin an Aontais i réimse an tearmainn, na himirce, na lánpháirtíochta, na bainistíochta teorainneacha agus na slándála inmheánaí, agus i gcosaint éifeachtach theorainneacha seachtracha AE, lena n-áirítear i gcás bonneagar teorann, chomh maith le bearta fisiciúla, leictreonacha agus faisnéise, nuair is ábhartha agus i gcás inarb ábhartha; á mheas nach bhfreagraíonn an togra a chuir an Coimisiún chun cinn go leormhaith do na ceanglais sin agus á iarraidh go méadófaí na méideanna do bheartais tearmainn agus imirce, don bhainistíocht teorainneacha agus don tslándáil go EUR 38,04 billiún i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 34,00 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025); á iarraidh go leathnófaí sruthanna cistiúcháin dhírigh laistigh de Shaoráid AE do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, ina dtógtar ar shamhail shaoráid théamach reatha an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht;

40. á aithint go bhfuil dúshláin mhéadaithe eacnamaíocha, shóisialta agus slándála roimh réigiúin teorann thoir uile AE toisc chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus bagairtí geopholaitiúla eile, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha; á chur i bhfáth gur gá tacaíocht chuimsitheach CAI chun a gcosaint, a n-ullmhacht, a n-athléimneacht agus a slándáil a neartú, chomh maith lena bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chríochach; á iarraidh, mar sin, go dtabharfaí freagairt chuimsitheach ar fud chláir AE agus go dtabharfaí tacaíocht leanúnach ar leibhéal AE, lena n-áirítear cúnamh airgeadais faoi na pleananna náisiúnta;

Ceannteideal 2

41. á chur in iúl gur geal léi treisiú suaithinseach Cheannteideal 2 maidir le ‘Iomaíochas, rathúnas agus slándáil’, a leithdháiltear EUR 522,2 billiún i bpraghsanna 2025 in CAI 2028-2034, arb ionann é agus 30 % de CAI iomlán i gcomparáid le EUR 224,8 billiún nó 17 % sa tréimhse reatha; ag tabhairt dá haire gur léiriú é breis is an dúbailt acmhainní sin ar thiomantas an Aontais don taighde, don nuálaíocht, don neamhspleáchas straitéiseach, d’earnálacha agus do bhonneagair thionsclaíocha straitéiseacha, don athléimneacht uisce, do theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, don bhith-theicneolaíocht, don aistriú glas agus digiteach, d’amhábhair chriticiúla, don tslándáil fuinnimh, don spás, don chosaint, don iompar agus don tsoghluaisteacht mhíleata, do thionscail chruthaitheacha, don oideachas, don chultúr, don daonlathas agus do chearta bunúsacha, don athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, don cheannasacht theicneolaíoch agus do thacaíocht i gcomhair FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú; á aithint go bhfreagraíonn an méadú suaithinseach sin d’iarrataí seanbhunaithe na Parlaiminte go ndéanfaí infheistíocht níos mó sna réimsí sin agus á chur i bhfáth gur cheart é a chur chun feidhme ar shlí a áirithíonn comhleanúnachas straitéiseach agus a uasmhéadaíonn breisluach AE;

42. á chur i bhfios go láidir gur gá gur ionstraim chistiúcháin spriocdhírithe í an tSaoráid Chreidmheasa Shínte chun bearna chistiúcháin sa CAI reatha a líonadh; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag CEI in iomaíochas an Aontais a neartú, mar acmhainneacht chuideachtaí an Aontais dul san iomaíocht ar mhargaí domhanda, a cheannasacht eacnamaíoch agus thionsclaíoch, a tháirgiúlacht fhadtéarmach, a uathriail straitéiseach agus a athléimneacht a neartú, lena n-áirítear rochtain ar amhábhair chriticiúla, agus san dá aistriú a bhaint amach; á iarraidh, maidir leis sin, go mbeadh buiséad EUR 264,35 billiún ann i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 234,00 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025) do CEI; á áitiú nár cheart do chomhdhlúthú na gclár trédhearcacht a laghdú ná teorainn a chur le cumas na Parlaiminte cistiú iomchuí a áirithiú do chuspóirí sonracha beartais; á áitiú, d'ainneoin cumaisc clár, nach mór do línte buiséid leanúint de bheith mionsonraithe go leor chun formhaoirseacht pharlaiminteach fhóinteach a chumasú agus chun infheictheacht an chistiúcháin do thosaíochtaí aonair a chothabháil; á mheas go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar CEI, lena n-áirítear gníomhaíochtaí LIFE, a chur chun feidhme trí shocruithe rialachais trédhearcacha lena gcumasófar rianú na gcaiteachas foriomlán, na gcuspóirí foriomlána agus na dtorthaí foriomlána agus ilroinnt nach bhfuil gá léi a sheachaint; ag meabhrú a seasaimh nach mór don iomaíochas fás eacnamaíoch a chothú, chomh maith le poist ardcháilíochta, sheasmhacha agus dea-íoctha a chur chun cinn mar a cuireadh i bhfios go láidir i dtuarascálacha Draghi agus Letta araon agus go bhfuil lucht saothair dea-oilte ríthábhachtach do gheilleagar Eorpach a sheasfaidh an aimsir agus, mar sin, go bhfuil gá le cistiú chun an lucht saothair a athsciliú agus a uas-sciliú, lena n-áirítear in earnálacha ina bhfuil claochluithe suaitinseacha ag tarlú;

43. ag tabhairt dá haire nach féidir le buiséad AE amháin an bhearna infheistíochta a líonadh agus, mar sin, gur gá sineirgí idir infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a uasmhéadú, dí-rioscú, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséid a úsáid mar uirlisí cumhachtacha agus éifeachtacha chun cuspóirí agus spriocanna beartais AE a bhaint amach, agus ollstruchtúr infheistíochta AE a shimpliú agus a chomhchuibhiú; á áitiú go láidir gur gá ionstraim InvestEU a bheith níos mó ná an clár reatha agus a bheith ar fáil ón tús agus gur cheart don bhuiséad urranna náisiúnta InvestEU níos solúbtha agus níos inrochtana a chur ar fáil, go háirithe do FBManna, agus á iarraidh go mbunófaí ionstraimí airgeadais láidre ar leibhéal AE agus sásraí comhroinnte riosca faoi CEI lenar féidir sreabhadh cobhsaí infheistíochta a áirithiú agus caipiteal príobháideach a phlódú isteach;

44. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé tacú le FBManna ós iad cnámh droma gheilleagar na hEorpa iad, tá fócas láidir críochach acu agus tá siad ina bpríomhspreagadh don fhás ar fud an Aontais; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá leibhéal dóthanach infheistíochta in FBManna; á chur i bhfáth gur cheart go gcumasódh buiséad AE do

FBManna rochtain a fháil ar chistiúchán ar shlí níos tapúla agus níos éasca, an bhearna nuálaíochta agus infheistíochta le hiomaitheoirí domhanda a dhúnadh agus cur le fás inbhuanaithe, cruthú post agus uathriail straitéiseach;

45. á thabhairt chun suntais go bhfuil dlúthbhaint idir an t-aistriú glas agus digiteach le rathúnas fadtéarmach, dea-bhail, inbhuanaitheacht, fás agus iomaíochas na hEorpa; á chur i bhfios go láidir go mbeidh rath deiridh an dá aistriú ag brath go mór ar a áirithiú go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach d'oibrithe, do réigiúin agus do ghnóthaí, agus go gcuirfidh sé leis an gceartas sóisialta do chách, agus béim ar leith á leagan ar na daoine is leochailí, chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár; á áitiú, mar sin, nach mór do CAI 2028-2034 leanúint de thacú leis an dá aistriú; á chur in iúl gur oth léi nach n-áirítear ionstraim neamhspleách sa togra le haghaidh CAI 2028-2034 agus á iarraidh go gcuirfí cistí ábhartha faoin gcéad MFF eile i bhfeidhm chun tacú le haistriú cóir, mar sin féin; á thabhairt chun suntais, ina theannta sin, gur gá sineirgí agus comhlántacht i measc chistí an bheartais chomhtháthaithe agus CEI;

46. á chur i bhfáth gur gá dlús a chur le bonn cosanta tionsclaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa; á mheabhrú nach mór don bheartas tionsclaíoch cosanta a bheith oscailte agus iomaíocht a chothú, agus gur colúin de réamh-mheastachán geopholaitiúil an Aontais agus de dhíspreagadh na hEorpa iad na teicneolaíochtaí dé-úsáide, an tsoghluaisteacht mhíleata agus na bonneagair chriticiúla; á iarraidh go sainaithneofaí leithdháiltí a bhaineann leis an gcosaint go soiléir agus go gcisteofaí iad go leormhaith; á iarraidh go leanfadh aon infheistíochtaí ábhartha don chosaint, lena n-áirítear faoi NRPP, critéir incháilitheachta chomhleanúnacha, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le breisluach soiléir Eorpach agus atá comhleanúnach le prionsabail na tosaíochta Eorpaí, na hidir-inoibritheachta, shlándáil an tsoláthair agus na hathléimneachta tionsclaíche;

47. ag tabhairt dá haire go bhfuil an buiséad beartaithe don chlár Fís Eorpach fós faoi bhun na ranníocaíochta is gá ón Aontas chun an sprioc chaiteachais 3% ar thaighde agus forbairt (T&F) a bhaint amach agus á iarraidh go mbeadh buiséad EUR 200 billiún ann do chlár Fís Eorpach i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 177,01 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025); á chur i bhfios go láidir go léiríonn infheistíochtaí méadaithe i dtaighde agus nuálaíocht AE, lena n-áirítear infheistíochtaí príobháideacha i bhfad níos mó, an gá eiseach atá ag an Aontas leis an mbearna nuálaíochta lenár n-iomaitheoirí domhanda a dhúnadh agus, ar an gcaoi sin, fás inbhuanaithe agus iomaíochas a thabhairt ar ais chun na hEorpa, ós é sin bunchloch ár rathúnais i gcónaí agus tá sé ríthábhachtach chun ár múnla sóisialta a chothabháil; á mheabhrú nach féidir caiteachas T&F AE a chur in ionad infheistíocht phoiblí náisiúnta mharthanach in T&F; á chur i bhfáth nach mór taighde comhoibríoch, iomaíocht oscailte agus barr feabhais eolaíoch agus teicneolaíoch a bheith i gcroílár an chláir réime i gcónaí, agus á chur in iúl gur geal léi an

cinneadh ón gCoimisiún leanúint den tacaíocht thiomnaithe a thabhairt do ghníomhaíochtaí leathnaithe agus do thíortha aistrithe chun cothromaíocht gheografach a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir gur cheart é a bheith mar phríomhaidhm ag an gclár réime, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí leathnaithe, barr feabhais sa taighde agus sa nuálaíocht a chothú ar fud an Aontais ar fad agus leas iomlán a bhaint as poitéinseal tallainne na hEorpa;

48. á mheabhrú a thábhachtaí atá SCE le linn aghaidh a thabhairt ar na naisc atá in easnamh in earnáil fuinnimh agus iompair na hEorpa agus a thábhachtaí atá a chabhair chun borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch, faoi phoist agus faoin iomaíochas in AE; ag tabhairt dá haire go bhfuil an t-aistriú chun an fhuinnimh ghlain, agus na hinfheistíochta struchtúraí trasteorann chun ar tslándáil fuinnimh agus an bonneagar criticiúil fuinnimh san Eoraip a fheabhsú fíor-riachtanach agus gur réamhriachtanas iad chun soláthar slán inacmhainne fuinnimh a áirithiú ar fud an Aontais; á mheabhrú a ríthábhachtaí atá infheistíocht AE agus an breisluach a bhaineann léi chun bonneagar fuinnimh ghlain a fhorbairt agus chun dlús a chur le nuachóiriú na heangaí agus leis an idirnascadh trasteorann, lena n-áirítear le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh; á chur in iúl gur geal léi an méadú fíor-riachtanach ar iompar agus ar shoghluaisteacht mhíleata SCE; ag tabhairt dá haire go mbraitheann cistiú do bhonneagar iompair, chomh maith le réitigh dícharbónaithe agus digitithe, anois ar dhlúthshioncrónú idir SCE, CEI agus NRPP; á iarraidh go leithdháilfí SCE de EUR 91,29 billiún i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 81 bhilliún i bpraghsanna tairiseacha 2025) chun tacú go leormhaith le fuinneamh, iompar agus soghluaisteacht mhíleata;

49. á chur i bhfáth go bhfuil ról lárnach ag clár LIFE le linn cuspóirí agus gealltanais chomhshaoil an Aontais a phríomhshruthú; á mheas, mar sin, gur cheart leanúint de ghníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi láthair faoi chlár LIFE, amhail tacaíocht spriocdhírithe, fhadtéarmach agus ardcháilíochta do chaomhnú an dúlra, d’athbhunú na bithéagsúlachta, d’oiriúnú don athrú aeráide, do chosc ar thruailliú agus do rialachas comhshaoil ar shlí shoiléir, le cistiú tiomnaithe EUR 3,39 billiún i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 3 bhilliún i bpraghsanna tairiseacha 2025) faoi CEI, chun intuarthacht, cobhsaíocht agus leanúnachas an chistiúcháin a áirithiú, lena n-áirítear d’údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus ionas go leanfaidh an cur chun feidhme ar an láthair de bheith éifeachtach agus infheicthe do thairbhithe agus do shaoránaigh; á chur i bhfáth, ina theannta sin, gur cheart do Shaoráid AE gníomhaíochtaí a bhaineann le LIFE a chur chun feidhme chomh maith chun an leibhéal reatha maoiniúcháin do chlár LIFE a bhaint amach;

50. á chur i bhfáth go bhfuil sláinte shaoránaigh na hEorpa fós ina tosaíocht; á thabhairt chun suntais gur spreagadh bunúsach d’iomaíochas, d’athléimneacht eacnamaíoch agus d’fholláine na

hEorpa daonra sláintiúil agus earnáil sláinte láidir; á chur i bhfios go láidir go bhfuil infheistíocht leanúnach agus intuartha sa tsláinte bunriachtanach chun athléimneacht na gcóras sláinte a neartú, tacú le lucht saothair sláinte oilte agus é a choinneáil, neamhionannais i rochtain ar chúram ar fud na mBallstát a laghdú agus ullmhacht an Aontais do ghéarchéimeanna sláinte amach anseo a áirithiú; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di caolú an chláir EU4Health, lena mbogtar formhór an bheartais sláinte, an choisc agus na ngníomhaíochtaí a neartaíonn an córas sláinte isteach in CEI; á iarraidh, mar sin, go ndéanfaí EUR 10,05 billiún i bpraghsanna reatha (comhionann le EUR 8,90 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025) de chistiú a chur i leataobh faoi CEI do thosaíochtaí sonracha sláinte EU4health;

51. á athdhearbhú gur cheart acmhainní leormhaithe a dhíriú ar fhoréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus ar thacú le seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe, le heagraíochtaí um chearta na mban, agus le tionscnaimh agus comhlachtaí AE a chuireann fíor-chomhionannas chun cinn i measc na ndaoine, gan beann ar a n-inscne, aois, gnéaschlaonadh ná cine; á chur i bhfios, ina leith sin, an teachtaireacht ón gCoimisiún[6] tar éis an rúin ón bParlaimint i mí na Nollag 2025[7] maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (TES) ‘Mo Ghuth, Mo Rogha’;

52. ag tabhairt dá haire an togra chun an ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus an fhreagairt ar éigeandáil sláinte a aistriú ó chlár EU4Health reatha go cumais freagartha níos ginearálta ar ghéarchéimeanna an Aontais, arna gcomhlánú le feidhmeanna agus gníomhaíochtaí nua trasearnála de chomhordú géarchéime a bhaineann le comhar sibhialta-míleata, lena gcruthaítear cosaint shibhialta Eorpach atá comhtháite agus athléimneach; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról AE mar mhol chun ullmhacht agus acmhainneachtaí na mBallstát a chomhordú agus a fheabhsú chun freagairt láithreach d’éigeandálaí mórscála ardtionchair agus á iarraidh an athuair go n-áiritheofaí cistiúchán leormhaith d’ullmhacht agus do mhearfhreagairt ar ghéarchéimeanna, lena n-áiritheofar go leanfaidh UCPM+ de bheith ar an bpríomhchreat ar leibhéal AE i gcás freagairt ghinearálta ar ghéarchéimeanna; á iarraidh go mbeadh buiséad SACS+ de EUR 12,42 billiún ann i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 11 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025);

53. á athdhearbhú go bhfuil ról lárnach ag Erasmus+, mar cheann de chláir shuaitheanta an Aontais, i luachanna Eorpacha, i gcomhar trasteorann agus i rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn agus á mheabhrú, i gcomhthéacs thuarascálacha Draghi agus Letta, go sainaithnítear gur cuid bhunriachtanach d’iomaíochas agus

---

6 IO C, C/2026/1383, 4.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1383/oj.

7 Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2025)0338

d’athléimneacht na hEorpa é caipiteal daonna, soghluaisteacht an lucht saothair agus scileanna a neartú, lena n-áirítear trí mhalartuithe ollscoile agus printíseachta; á iarraidh go mbeadh buiséad Erasmus+ de EUR 47,39 billiún ann i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 42 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025);

54. á chur i bhfáth gur dlúthchuid d’uathriail straitéiseach an Aontais í an infheistíocht san athléimneacht dhaonlathach agus sa bheocht chultúrtha; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, an togra le haghaidh chlár nua AgoraEU, lena n-aithnítear a raon feidhme leathnaithe agus a bhreisluach uathúil Eorpach mar chlár amháin an Aontais atá tiomnaithe d’earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus d’iolrachas na meán, chomh maith le tacú le rannpháirtíocht dhaonlathach agus luachanna Eorpacha a chur chun cinn; á iarraidh go mbeadh buiséad de EUR 10,72 billiún ann i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 9,5 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025) i gcás AgoraEU;

55. á iarraidh go mbeadh buiséad EUR 0,89 billiún ann i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 0,79 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025) don Chlár um Cheartas, lena n-áirítear tacaíocht do dhigitiú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar cheartas, cur i bhfeidhm ionstraimí trasteorann nua, agus tionscnaimh atá ag teacht chun cinn chun ilroinnt dhlíthiúil trasteorann a laghdú, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear coireacht ar líne agus fuathchaint;

Ceannteideal 3

56. ag tabhairt dá haire go leithdháiltear EUR 190 billiún i bpraghsanna 2025 ar Cheannteideal 3 ‘An Eoraip Dhomhanda’ in CAI 2028-2034, arb ionann é agus méadú suntasach ó EUR 121,5 billiún sa tréimhse reatha agus a sciar 10 % den CAI iomlán á chothabháil ag an am céanna; á mheas go bhfuil an treisiú bunriachtanach sin de EUR 68,5 billiún ríthábhachtach go hiomlán, ó léiríonn sé tiomantas an Aontais a ról mar ghníomhaí domhanda agus comhpháirtí iontaofa a neartú i dtimpeallacht gheopholaitiúil atá ag éirí níos casta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, nach leor an leibhéal cistiúcháin sin fós chun tacaíocht réamhaontachais agus gníomhaíocht sheachtrach a mhaoiniú i bhfianaise scála na ndúshlán domhanda, lena n-áirítear riachtanais forbartha agus neamhionannais atá ag dul i méid, géarchéimeanna daonnúla, líon géarchéimeanna, coimhlintí agus leochaileachtaí foriomlána, dícharbónú, sláinte dhomhanda gan fasach agus an gá tacú leis an Úcráin agus le comhpháirtithe eile; á mheas, mar sin, gur gá an leithdháileadh buiséid don ionstraim um an Eoraip Dhomhanda a mhéadú chun EUR 225 billiún i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 198,63 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025);

57. á chur in iúl gur oth léi an easpa spriocanna téamacha lena gclúdaítear réimsí criticiúla a chumasódh do na comhreachtóirí

tosaíochtaí straitéiseacha a leagan síos; á chur i bhfáth gur gá go mbeadh comhpháirtithe na sochaí sibhialta páirteach ann chomh maith le gníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha; á chur i bhfáth go bhfuil an leithdháileadh méadaithe sin bunriachtanach chun an tAontas a áirithiú mar ghníomhaí domhanda inchreidte; á iarraidh go mbeadh na cistí is gá ann chun tacú le próisis mhéadaithe agus aontachais agus chun luachanna agus leasanna an Aontais a chur chun cinn agus a chaomhnú ar fud an domhain, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha; á chur i bhfáth go dtacaíonn cistiú intuartha agus leormhaith le cobhsaíocht, athléimneacht agus forbairt inbhuanaithe agus go gcuireann sé le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce trí dheiseanna eacnamaíocha, oideachas agus gairmoiliúint cáilíochta, agus cruthú post i dtíortha comhpháirtíochta a chothú, agus ar an gcaoi sin an tslándáil fhadtéarmach a neartú; á iarraidh go gcaibidleofaí forálacha faoin nós imeachta reachtach ábhartha chun a áirithiú nach ndéanfar neamhaird ar sháruithe leanúnacha ar chearta an duine i dtíortha comhpháirtíochta le cur chun feidhme chistí AE faoin ionstraim um an Eoraip Dhomhanda, agus ag meabhrú phrionsabail na daonnachta, na neamhchlaontachta, na neodrachta agus an neamhspleáchais don chabhair dhaonnúil agus don chabhair forbraíochta;

58. ag tabhairt rabhaidh go bhféadfadh, arís eile, maoirseacht agus rannpháirtíocht pharlaiminteach lagaithe agus infheictheacht cistiúcháin laghdaithe do thosaíochtaí sonracha a bheith mar thoradh ar chumasc na gclár, mar a tharla leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) – an Eoraip Dhomhanda; á iarraidh go mbeadh sásraí cuntasachta agus tuairiscithe soiléire agus fónta ann laistigh de chreat na hEorpa Domhanda; á áitiú go gcothabhálfaidh na colúin, chomh maith le cláir théamacha, tíortha agus ionstraimí laistigh díobh, lena n-áirítear cistí réamhaontachais, línte buiséid soiléire agus ar leithligh chun trédhearcacht a áirithiú i leithdháiltí agus go mbeidh iarrataí ar aistrithe laistigh de cholúin de mhéid suaithinseach faoi réir formheas a fháil roimh ré ón bParlaimint; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go lamhálfar do shaoradh faoin Eoraip Dhomhanda filleadh ar an líne bhuiséid thionscnaimh; á mheas gur gá don Choimisiún miondealú soiléir a chur ar fáil idir cistiúchán in-chlársceidealta agus do-chlársceidealta agus á mheabhrú nach mór don Eoraip Dhomhanda a bheith comhdhéanta den chuid is mó de ghníomhaíochtaí cláir gheografaigh;

59. á mheabhrú gurb í an chabhair dhaonnúil, le cistiú imfhálaithe, arna cosaint agus arna cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle a bhaineann le cabhair dhaonnúil[8], an léiriú dlúthpháirtíochta is infheicthe agus is prionsabálta atá ag an

---

8 Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil (IO L 163, 2.7.1996, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/1257/oj).

Eoraip i gcónaí agus nach mór di leanúint de phrionsabail na daonnachta, na neamhchlaontachta, na neodrachta agus an neamhspleáchais a chaomhnú; ag athdhearbhú a seasaimh go n-éilítear le cineál prionsabálta agus riachtanasbhunaithe na cabhrach daonnúla go seachadfar a cistiúchán intuartha trí chreat comhleanúnach le bonnlíne bhliantúil a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici le hainmníocht thiomnaithe, arna chomhlánú le cúlchiste leormhaith chun freastal ar ghníomhaíochtaí éigeandála;

60. ag cur béim ar a thábhachtaí atá rochtain ráthaithe ar chosaint airgeadais chúlchiste na hEorpa Domhanda, ar cheart é a bheith ar fáil sa bhreis ar an leithdháileadh táscach EUR 25 bhilliún le haghaidh treisithe i gcás riachtanais gan choinne, agus gan féachaint don leithdháileadh sin, atá ag dul i méid mar gheall ar thosca amhail an t-athrú aeráide; á iarraidh go bhféachfaí ar EUR 25 bhilliún le haghaidh cabhair dhaonnúil thar thréimhse 2028-2034 mar íosmhéid ráthaithe seachas mar uasteorainn, i bhfianaise líon agus fhad méadaithe na ngéarchéimeanna daonnúla;

61. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil slógadh Cúlchiste na hEorpa Domhanda le hathrú i gcomparáid le ICFCI – an Eoraip Dhomhanda, ós rud é, faoin gcéad CAI eile agus rialacha an Rialacháin Airgeadais[9], go mbeidh ar an bParlaimint agus ar an gComhairle aon slógadh os cionn 10% den leithdháileadh bliantúil a fhormheas; ag áitiú, áfach, ar son a hiarrataí roimhe seo go gcuirfeadh an Coimisiún an Pharlaimint ar an eolas agus in am cuí roimh aon slógadh ar an gcúlchiste agus go gcuirfeadh sé a mbarúlacha san áireamh maidir leis an gcineál, na cuspóirí agus na méideanna airgeadais beartaithe;

62. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ionstraim don Eoraip Dhomhanda a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici bunriachtanach i gcomhair chomhsheasmhacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus chun go ngníomhóidh AE mar chomhpháirtí iontaofa agus fadtéarmach, ar comhchéim le tíortha comhpháirtíochta; á athdhearbhú gur cheart leithdháiltí faoin Eoraip Dhomhanda a ailíniú le cuspóir bheartas AE maidir le comhar um fhorbairt mar a luaitear in Airteagal 208 CFAE, eadhon an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, deireadh a chur léi, chomh maith leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe;

63. á iarraidh go mbeadh sásraí fónta cuntasachta agus tuairiscithe ann; á chur in iúl gur cúis bhuartha di úsáid fhorleathan ‘maoiniú nach bhfuil nasctha le costais’ i gcur chun feidhme cholún na hEorpa trí phleananna feidhmíochtbhunaithe agus á áitiú gur cheart na cistí sin a eisíoc bunaithe ar bhunphrionsabail phróiseas an mhéadaithe a

---

9 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

chomhlíonadh, lena n-áirítear an smacht reachta;

64. á mheas gur deis é an méadú chun an tAontas a neartú agus go bhfuil an chéad CAI eile ríthábhachtach chun an tAontas agus na tíortha is iarrthóirí a ullmhú dá n-aontachas; á chur in iúl gur geal léi an cinneadh chun stádas mar thír is iarrthóir a thabhairt don Úcráin agus do Phoblacht na Moldóive in aice láimhe; á áitiú gur gá na cistí is gá a úsáid chun tacú lena bpróisis aontachais agus le próisis aontachais thíortha na mBalcán Thiar; á chur in iúl gur geal léi gealltanas na hEorpa Domhanda tacaíocht láidir airgeadais a chur ar fáil do thíortha is iarrthóirí mar phríomhionstraim chun iad a dhaingniú go daingean san Aontas agus a n-ullmhúchán don aontachas a chur chun cinn; á iarraidh go ráthófaí leithdháileadh tiomnaithe do gach tír is iarrthóir le línte sonracha buiséid;

65. á athdhearbhú go dtugann sí tacaíocht iomlán do mhuintir na hÚcráine agus iad ag troid ar son na saoirse agus an daonlathais agus á chur in iúl gur saoth léi an fhulaingt agus an tionchar uafásacha mar thoradh ar chogadh foghach gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an togra chun an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a chur chun feidhme mar chuid de thacaíocht an Aontais don Úcráin; á chur i bhfios go láidir nár tugadh cuntas ar chostais fiachsheirbhíse a d'éirigh ón iasachtaíocht don Iasacht Tacaíochta don Úcráin sna tograí don chéad CAI eile; á áitiú go gcuirfí na costais fiachsheirbhíse sin go hiomlán de bhreis ar uasteorainneacha an chéad CAI eile agus lasmuigh den chistiúchán atá beartaithe cheana féin faoin gCúlchiste don Úcráin;

66. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, an sprioc laghdaithe maidir le cúnamh oifigiúil forbraíochta (COF) ó 93% go 90% sa togra ón gCoimisiún; á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh an Coimisiún ábalta an sprioc sin a athrú trí ghníomhartha tarmligthe;

67. á chur i bhfáth gur gá cistiú leordhóthanach a áirithiú don chomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC) agus don Acmhainneacht Mhear-Imscartha; á chur i bhfios go láidir go bhfuil misin shibhialta CBSC straitéiseach don Aontas agus go dtacaíonn siad le leasanna slándála agus cuspóirí gníomhaíochta seachtraí an Aontais chomh maith le leasanna ár gcomhpháirtithe; á iarraidh, mar sin, go ndéanfaí EUR 3,76 billiún i bpraghsanna reatha (comhionann le EUR 3,34 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2025) a leithdháileadh ar bhuiséad an chomhbheartais eachtraigh agus slándála, lena gclúdaítear CBSC;

68. á chur i bhfios go láidir gur sócmhainní uathúla agus straitéiseacha iad na tíortha agus na críocha thar lear a théann chun tairbhe an Aontais ina iomláine; á chreidiúint nach bhfreagraíonn an leithdháileadh atá molta ag an gCoimisiún do na dúshláin roimh thíortha agus críocha thar lear agus á iarraidh go leithdháilfear EUR 2.08 billiún i bpraghsanna reatha (coibhéiseach le EUR 1,85 billiún i

bpraghsanna tairiseacha 2025), agus na bagairtí a rinneadh le déanaí ar iomláine chríochach na Graonlainne á gcur san áireamh freisin, ar féidir leis an gcomhar cabhrú go suntasach leis an Aontas a neamhspleáchas straitéiseach a chur chun cinn;

69. á áitiú gurb ionann cistiúchán AE do chosc coinbhleachtaí, do chothú na síochána agus d'atógáil iarchoinbhleachta agus infheistíocht dhíreach i gcobhsaíocht agus i slándáil fhadtéarmach an Aontais, go háirithe ina chomharsanachtaí san Oirthear agus sa Deisceart; ag moladh ról na Náisiún Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí i limistéir choinbhleachta agus á iarraidh ar AE a thacaíocht pholaitiúil agus airgeadais don iltaobhachas a neartú; á éileamh go gcuirfear cistiúchán tiomnaithe, leormhaith agus intuartha ar fáil sa chéad CAI eile do na Náisiúin Aontaithe agus dá ngníomhaireachtaí, a bhfuil a gcuid oibre ríthábhachtach don phobal sibhialta, go háirithe in Gaza, sa Bhruach Thiar, sa tSiria, sa Liobáin agus sa réigiún máguaird; á iarraidh ar AE ról gníomhach a bheith aige i gcothú na síochána agus i ndul i ngleic le héifeachtaí na gcoinbhleachtaí san Úcráin agus in Gaza agus tacú le hiarrachtaí atógála; á iarraidh go mbeadh cistiúchán tiomnaithe ann maidir leis sin in CAI; á chur i bhfios go láidir nach mór cistiú uile AE a bheith i gcomhréir le luachanna agus rialacha AE, go háirithe an Rialachán Airgeadais;

70. á iarraidh go leanfaí d'acmhainní a chur ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), go háirithe gníomhaithe áitiúla agus eagraíochtaí um chearta na mban, agus go mbeadh rannpháirtíocht fhónta ann leo, agus go mbeadh idirphlé struchtúrtha ann, le tacaíocht ó shruthanna cistiúcháin tiomnaithe atá saincheaptha do riachtanais ESSanna agus do chosantóirí chearta an duine; á iarraidh go gcuirfí cistiúchán gníomhaíochta seachtraí chun feidhme, agus ról bunúsach na rialtas áitiúil agus réigiúnach á chur i gcuntas ag an am céanna a bhuí le rialachas agus comhpháirtíochtaí il-leibhéil atá éifeachtach, soiléir agus comhsheasmhach;

71. á áitiú go n-aithneofaí Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) go foirmiúil mar phríomh-chomhpháirtí airgeadais straitéiseach an Aontais laistigh d'ollstruchtúr na hEorpa Domhanda chun tionchar acmhainní Cheannteideal 3 a uasmhéadú; á iarraidh go mbeadh comhpháirtíocht infheistíochta láidir ann le BEI chun buiséad an Aontais a ghiaráil, infheistíocht phríobháideach a shlógadh agus an ráthaíocht bhuiséadach agus an creat measctha a fheabhsú, lena n-áiritheofar go ndéanfar cuspóirí na hionstraime a bhaint amach go héifeachtach, go háirithe maidir le hiomaíochas, athléimneacht agus rochtain na hearnála príobháidí ar chistiú a chur chun cinn i dtíortha comhpháirtíochta; ag aithint ról comhlántach na gcomhpháirtithe cur chun feidhme eile amhail bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa;

Acmhainní daonna, gníomhaireachtaí díláraithe agus caiteachas riaracháin eile

72. á chur i bhfios go láidir gur gá riarachán dea-fheidhmiúil a bheith ina bhonn taca le beartais an Aontais; á áitiú, tar éis 2027, go ndéanfaí acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus foirne a leithdháileadh ón tús agus ar feadh thréimhse iomlán CAI ionas gur féidir le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, go háirithe nuair a shínfear a sainordú, ceapadh beartas atá éifeachtach agus éifeachtúil agus cur i gcrích agus forfheidhmiú ardcháilíochta beartas a áirithiú, cúnamh teicniúil a sholáthar, leanúint de na daoine is fearr ó na Ballstáit uile a mhealladh, lena n-áirithítear, dá bhrí sin, cothromaíocht gheografach, agus an tsaoirse chun dul in oiriúint do dhálaí atá ag athrú; á chur i bhfios go láidir gur gá cothromaíocht inscne a chinntiú laistigh den riarachán ar gach leibhéal;

73. á iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis bhreise a chur ar fáil faoin gcistiú agus faoin bhfoireann do ghníomhaireachtaí díláraithe AE sa chéad CAI eile; á mheas, i gcás roinnt gníomhaireachtaí, go leanfaidh togra an chistiúcháin chobhsaí agus na foirne cobhsaí den bhonn a bhaint dá gcumas chun a sainorduithe a chomhlíonadh; ag athdhearbhú sheasamh seanbhunaithe na Parlaiminte gur cheart cúraimí nua a mhaoiniú trí leithreasuithe nua, agus nach mór d'ath-imlonnuithe ó chláir agus ó thosaíochtaí eile a bheith eisceachtúil; á aithint gur gá forluí nó dúblálacha féideartha idir gníomhaireachtaí a mheasúnú agus a sheachaint agus deiseanna le haghaidh sineirgí agus comhair a shainaithint chun a áirithiú go leithdháilfear acmhainní go héifeachtúil;

74. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil soláthar foirne cobhsaí féin-fhorchurtha an Choimisiúin fritorthúil chun ceanglais oibríochtúla a chomhlíonadh; á aithint, i gcás CAI 2028-2034, gur iarr an Coimisiún poist bhreise, go háirithe maidir leis na ceanglais chibearshlándála ó thaobh na foirne de; á áitiú nach mór riachtanais foirne na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí uile a chur i gcuntas agus poist bhreise á mbunú; á thabhairt chun suntais an staid scanrúil ar leith ina bhfaigheann roinnt gníomhaireachtaí AE cistiú oibríochtúil neamhleor, lena dteorannaítear go mór a n-acmhainneacht a sainorduithe a chomhlíonadh, an Rialachán lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais a chomhlíonadh[10] agus cur le cuspóirí beartais agus forfheidhmiú chomh maith lena n-oibleagáidí rialála; á chur i bhfáth, i bhfianaise na ndúshlán méadaithe nach mór dul i ngleic leo, nach mór d'institiúidí agus do chomhlachtaí AE timpeallacht oibre

---

10 Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (IO L, 2023/2841, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2841/oj).

tharraingteach a chur ar fáil chun feidhmchláir tallainne ardleibhéil a dhaingniú;

75. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht ag córas na Scoileanna Eorpacha mar shamhail shuaitheanta a leagann síos ardchaighdeáin chomhchoiteanna oideachais ar fud na mBallstát agus a chuireann cáilíocht a aithnítear go hidirnáisiúnta ar fáil a chuireann barr feabhais acadúil, soghluaisteacht foghlaimeoirí agus féiniúlacht Eorpach chomhroinnte chun cinn; á iarraidh, mar sin, go dtabharfaí tacaíocht agus cistiúchán intuartha chun na costais struchtúracha fhadtéarmacha agus na freagrachtaí leathnaithe nach gclúdaítear faoi láthair a chomhlíonadh, agus go n-áiritheofaí a infheictheacht, a thrédhearcacht agus a dheimhneacht bhuiséadach;

76. ag glacadh leis go léirítear go cuí sa togra ón gCoimisiún na riachtanais iarbhír ar fud na n-institiúidí, na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí uile agus, ar an gcúis sin, nach moltar méadú breise ann; á chur in iúl go bhfuil sé ar intinn aici, áfach, an togra ón gCoimisiún a chosaint agus an cistiú is gá a fháil i gcomhair riarachán poiblí Eorpach atá láidir, éifeachtúil agus ar ardchaighdeán bunaithe ar phrionsabal chomhionannas shaoránaigh an Aontais, chun freastal ar na hEorpaigh uile;

Ionstraimí speisialta

77. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún maidir le hIonstraim Sholúbthachta a bheith comhdhéanta ní hamháin de mhéid socraithe ach de chistí breise freisin ó ioncam a bhaineann le fíneálacha agus saoradh; á mheas, i bhfianaise a seasaimh an 7 Bealtaine 2025, gur cheart go bhfaigheadh an Ionstraim Sholúbthachta cistí ó fhoinsí breise, is é sin corrlaigh nár caitheadh ó bhlianta roimhe sin, an barrachas bliantúil ón mbliain roimhe sin agus athshreabha ó ionstraimí airgeadais, mar aon le corrlaigh a bheidh ann amach anseo mar rogha deiridh; á mheas freisin gur cheart é a thús-ualú go mór; á iarraidh go ndéanfaí nósanna imeachta a shimpliú agus a chuíchóiriú maidir le hionstraimí speisialta a shlógadh agus, dá bhrí sin, á mheas go bhfuil an Ionstraim Corrlaigh Aonair imithe i léig agus á iarraidh go ndéanfaí a gnéithe a ionchorprú san Ionstraim Sholúbthachta; á mheas go bhféadfaí ioncam sannta seachtrach agus méideanna a chuirtear ar fáil arís faoi rialacha sonracha ioncaim agus saortha i bhforálacha clárshonracha a dhíolmhú ón riail ghinearálta sin;

78. á athdhearbhú gur cheart go mbeadh an dara hionstraim speisialta ann, an Cúlchiste Dlúthpháirtíochta le haghaidh Tubaistí Nádúrtha, arb ionann í agus EUR 4 bhilliún in aghaidh na bliana i bpraghsanna tairiseacha 2025, a bheadh le slógadh de bhreis ar uasteorainneacha CAI, agus tiomnaithe don dlúthpháirtíocht a áirithiú i gcás tubaistí nádúrtha, ar cheart an sásra cascáide atá beartaithe le haghaidh géarchéimeanna a chomhlánú léi agus ba cheart a rialú le rialacha lena gceadaítear eisíocaíocht mhear agus, i gcás inarb iomchuí,

sásraí réamh-mhaoinithe i gcomhordú soiléir leis na hionstraimí ábhartha uile, lena n-áirítear UCPM+, agus ar an gcaoi sin, rannchuidiú le hathléimneacht agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna; á mheas gur cheart go mbeadh an dá ionstraim speisialta in ann méideanna nár caitheadh a thabhairt anonn le linn thréimhse CAI, chun solúbthacht a ráthú;

79. ag tabhairt dá haire go molann an Coimisiún EUR 88 mbilliún don Chúlchiste don Úcráin laistigh de rialachán CAI chun iarrachtaí cúnaimh réamhaontachais, téarnaimh agus atógála a mhaoiniú; á mheas go bhféadfadh an méid sin tacaíocht shuntasach a chur ar fáil; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh Cúlchiste na hÚcráine de bhreis ar uasteorainneacha CAI chun freastal ar riachtanais eisceachtúla agus dhothuartha na hÚcráine; á thabhairt faoi deara, áfach, dá leanfadh an choinbhleacht ar aghaidh, nach mbeadh an leithdháileadh sin leordhóthanach chun freastal ar riachtanais na hÚcráine; á iarraidh go ndéanfaí an Cúlchiste a mhéadú agus a thús-ualú, d'fhonn tacaíocht bhreise a chur ar fáil don Úcráin; á chur i bhfáth gur cheart go leanfadh an struchtúr maoinithe don Úcráin de bheith comhleanúnach, trédhearcach agus éifeachtach, ag tacú go hiomlán le conair aontachais na tíre agus idirdhealú soiléir á dhéanamh ag an am céanna idir cúnamh réamhaontachais agus riachtanais atógála;

Forálacha sonracha

80. á mheabhrú go bhfuil an CAI reatha tearcmhaoinithe, rud a d'fhág gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI in 2024; ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil solúbthacht mhéadaithe i dtogra CAI 2028-2034, nach leor fós na méideanna foriomlána sa togra ón gCoimisiún;

81. á chur in iúl gur oth léi nach n-áirítear clásal athbhreithnithe meántéarma sa rialachán CAI atá beartaithe; á áitiú, le rialachán CAI, nach mór go gceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú CAI a thíolacadh faoi mhí Iúil 2031 ar a dhéanaí, agus an staid eacnamaíoch ag an tráth sin á chur san áireamh ina hiomláine chomh maith leis na réamh-mheastacháin maicreacnamaíocha agus fostaíochta is déanaí agus forbairtí ábhartha domhanda; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim freisin gur cheart togra reachtach le haghaidh athbhreithniú ar an Rialachán seo a bheith ag gabháil leis an athbhreithniú éigeantach sin, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in CFAE; á chur i bhfáth nár cheart go laghdódh aon athbhreithniú den sórt sin imchlúdaigh náisiúnta réamh-leithdháilte, mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le pleananna CNR;

82. á mheabhrú go mbeidh toghcháin Eorpacha ar siúl in 2034; á mheas go bhfuil dáta foilsithe an togra don chéad Rialachán CAI eile, i.e. an 1 Iúil 2033, i bhfad níos déanaí ná mar is gnách i saolré CAI; á iarraidh go bhfoilseofaí an togra le haghaidh CAI iar-2034 faoi mhí Iúil 2032 ar a dhéanaí;

Rialachas

83. ag cur sonrú in insint an Choimisiúin go bhféachann a thograí le solúbthacht agus simpliú a mhéadú sa chéad CAI eile; á aithint go bhfuil solúbthacht bunriachtanach chun freagairt do dhúshláin gan choinne, ach á chur i bhfáth nach féidir í a úsáid chun dochair don chuntasacht, don intuarthacht, don trédhearcacht agus don chomhleanúnachas beartais; ag tabhairt rabhaidh go leathnódh solúbthacht gan trédhearcacht an bhearna cuntasachta daonlathaí agus go mbainfeadh sí an bonn ó mhuinín an phobail as AE;

84. á chur in iúl gur oth léi go dtéann tograí simpliúcháin an Choimisiúin chun tairbhe go príomha dá phróisis féin seachas do thairbhithe deiridh, rud a chuireann leis an easnamh daonlathach san Aontas; á mheabhrú gur áitigh an Pharlaimint go comhsheasmhach go ndéanfaí simpliú do thairbhithe deiridh, lena n-áirítear an t-ualach riaracháin a bhaineann le rochtain a fháil ar bhuiséad AE a laghdú agus caiteachas a dhéanamh níos éifeachtúla; á áitiú nár cheart don simpliú cáilíocht an chláir ná cuntasacht dhaonlathach a chur i mbaol, ná nár cheart é a úsáid mar leithscéal chun an bonn a bhaint ó phrionsabail an rialachais il-leibhéil agus na comhpháirtíochta ná ó idirphlé cuiditheach leis na príomhpháirtithe leasmhara agus leis na comhpháirtithe sóisialta, ós rud é go méadófar éifeachtacht chaiteachas an Aontais trí chur i bhfeidhm cuí na bprionsabal sin a chur san áireamh agus go mbeidh sé bunriachtanach chun go n-éireoidh le CAI; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, mar an gcéanna leis an gCúirt Iniúchóirí, go mbeidh simpliú mar thoradh ar chur chuige an Choimisiúin i ndáil le hidirghníomhaíochtaí an Choimisiúin leis na Ballstáit, agus an t-ualach riaracháin á mhéadú nó á aistriú chuig leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus tairbhithe ag an am céanna; á chur i bhfios go láidir go mbeidh gá, i gcás inar féidir, le rialacha agus ceanglais tuairiscithe a chomhchuibhiú idir leibhéal an Aontais, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach chun simpliú a dhéanamh; á chur i bhfáth go ndéanfaidh an Pharlaimint na sásraí trédhearcachta uile is gá a chur ar aghaidh chun a ról mar chaomhnóir leasanna na saoránach a chomhlíonadh;

85. á chreidiúint go bhféadfadh ‘athnáisiúnú’ roinnt beartas de chuid an Aontais a bheith mar thoradh ar an togra reatha maidir le plean comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí, mar gheall ar easpa cur chuige cothrománach agus ar an tsolúbthacht mhéadaithe a thugtar do na Ballstáit chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme bunaithe ar chur chuige náisiúnta; á iarraidh go n-áiritheofaí go leanfaidh an buiséad de bheith ina bhuiséad infheistíochta, lena gcoinneofar béim ar bhreisluach AE agus lena n-áiritheofar cur chuige cothrománach láidir;

86. á chur i bhfios go láidir nach mór rialachas il-leibhéil neartaithe a bheith ag gabháil le húsáid fhorleathan ionstraimí solúbthachta agus feidhmíochtbhunaithe sa chéad CAI eile; á mheas go bhfuil rannpháirtíocht fhóinteach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach,

chomh maith le comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, maidir le dearadh, cur chun feidhme agus faireachán gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas bunriachtanach chun cur chun feidhme atá dírithe ar an gCoimisiún a fhrithchothromú, chun an bhearna chuntasachta daonlathaí a laghdú agus chun a áirithiú go bhfreagróidh caiteachas d'fhíor-riachtanais chríochacha; á áitiú gur cheart grinnscrúdú leormhaith a dhéanann ionadaithe tofa ar leibhéal AE, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, i gcás inarb ábhartha, a bheith ag gabháil leis na hionstraimí sin agus go gcaomhnófaí ról buiséadach agus urscaoilte na Parlaiminte;

87. á mheabhrú gur chinn an Chúirt Iniúchóirí gur léiríodh laigí i ndearadh, cur chun feidhme agus éifeachtacht na samhla feidhmíochtbhunaithe, mar a thugtar uirthi, atá bunaithe ar thaithí STA. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go n-áirítear i dtograí CAI úsáid fhorleathan a bhaint as maoiniú nach bhfuil nasctha le costais (FNLC) do chuid shuntasach de na hionstraimí faoin gcéad CAI eile; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di athrú chomh mór sin i dtreo samhail nua cur chun feidhme; ag tarraingt aird ar an bhfíoras, in éagmais coimircí leormhaithe chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú i gcur chun feidhme chistiú an Aontais nó céimeanna soiléire chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh in ionstraimí feidhmíochtbhunaithe roimhe seo nó in ionstraimí feidhmíochtbhunaithe atá ann cheana, go bhfuil rioscaí suntasacha ag baint leis an gcur chuige sin agus go lagaítear in-iniúchóireacht leis; á chur i bhfios go láidir gur gá teacht ar réiteach chun aghaidh a thabhairt ar na héagsúlachtaí idir meastacháin chostais a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna agus fíorchostais na dtionscadal, ós rud é go bhfuil an baol ann go mbainfidh an mí-ailíniú sin an bonn ó chur chun feidhme tosaíochtaí polaitiúla comhaontaithe uile-Aontais; á mheas nach féidir le haon mhéadú féideartha ar éifeachtúlachtaí a bheith chun dochar do chosaint leasanna airgeadais an Aontais; á chur i bhfios go láidir, go háirithe, gur cheart go leanfadh tionscadail mhórscála chasta de bheith bunaithe ar chostais, ó éilíonn a raon feidhme, a bhfad agus a maoiniú il-leibhéil tuairisciú airgeadais mionsonraithe agus sonraí caiteachais infhíoraithe chun faireachán agus cuntasacht chuí a áirithiú; á iarraidh go n-úsáidfí roghanna costais simplithe go leanúnach agus ar bhealach leathnaithe, go háirithe i gcás infheistíochtaí beaga nó meánmhéide, mar uirlisí éifeachtacha agus comhréireacha chun ualaí riaracháin a laghdú, inrochtaineacht a mhéadú do thairbhithe beaga, agus cuntasacht agus inrianaitheacht a choinneáil ar bun in úsáid chistí an Aontais;

88. á áitiú nach mór sonraí maidir le costais arna dtabhú a bheith ar fáil i gcónaí don údarás um urscaoileadh chun éifeachtúlacht agus 'luach ar airgead' i mbuiséad an Aontais a fhíorú; ag tabhairt rabhaidh, gan trédhearcacht costais, go bhfuil an baol ann go mbeidh grinnscrúdú parlaiminteach ina chleachtadh líonta foirmeacha nach bhfuil in ann bainistíocht fhónta airgeadais an bhuiséid a choimirciú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar obair leantach chórasach ar

thorthaí agus ar mholtaí na Cúirte Iniúchóirí;

89. á áitiú go bhfuil gá le comhleanúnachas níos fearr maidir le faireachán agus cur chun feidhme chláir chaiteachais AE agus maidir le cuspóirí agus gealltanais thábhachtacha AE a phríomhshruthú; á chur i bhfios go láidir gur céad chéim é an togra le haghaidh Rialachán Feidhmíochta i dtreo creat cothrománach rianaithe caiteachais agus faireacháin feidhmíochta a chur i bhfeidhm don bhuiséad arb é is aidhm dó an t-ualach riaracháin a laghdú; á mheas go bhféadfadh maoirseacht dhaonlathach neartaithe a bheith mar thoradh ar an gcur chuige sin, má chuirtear chun feidhme go leormhaith é; á chur i bhfáth go bhféadfaí rianú fóinteach a dhéanamh agus tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a léiriú ar bhealach níos fearr dá gcuirfí prionsabail chothrománacha san áireamh go cuimsitheach i gcreat aonair; á áitiú nach mór don chreat feidhmíochta tosaíocht a thabhairt do tháscairí tionchair lena dtomhaistear torthaí iarbhír do shaoránaigh; á chur i bhfáth nach mór a áirithiú leis an Rialachán Feidhmíochta atá beartaithe go mbeidh táscairí tuairiscithe éigeantach i gcás inarb ábhartha agus inchomparáide ar fud na mBallstát agus na modhanna bainistíochta uile; ag tabhairt rabhaidh, gan an inchomparáideacht sin, nach mbeidh an t-údarás um urscaoileadh in ann measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht choibhneasta ná cláir thearcfheidhmiúla a shainaithint; á chur i bhfios go láidir nach mór táscairí feidhmíochta a dhíorthú go sainráite ó chuspóirí gach cláir agus gur cheart aschuir, torthaí agus tionchair a ghabháil leo; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór caiteachas a bhaineann leis an aeráid a chomhtháthú in CAI chun faireachán agus rianú cruinn a dhéanamh ar an gcistiú agus ar a thionchair;

90. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag buiséad AE maidir le tacú le bunluachanna an daonlathais agus an iolrachais, a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach; á chur in iúl gur geal léi straitéis AE don tsochaí shibhialta a foilsíodh le déanaí, lena n-aithnítear an ról tábhachtach atá ag ESSanna maidir le comhairle, tacaíocht agus saineolas a chur ar fáil chun reachtaíocht agus bheartais AE a fhorbairt agus a chur chun feidhme; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, gur gá cistiú fadtéarmach, intuartha agus leordhóthanach a áirithiú do ESSanna;

91. á mheabhrú, mar a cheanglaítear leis an Rialachán Airgeadais, gur cheart cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí agus i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha ábhartha, chun na cuspóirí a leagadh síos dóibh a bhaint amach agus dálaí oibre agus fostaíochta faoin dlí náisiúnta is infheidhme, faoi dhlí an Aontais, faoi choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, agus faoi chomhaontuithe comhchoiteanna á n-urramú ag an am céanna, agus prionsabal an chomhionannais inscne á chur san áireamh agus gan dochar suntasach a dhéanamh do chuspóirí comhshaoil an Aontais;

92. á chur i bhfáth nach mór an cistiú uile a bheith i gcomhréir leis an Treoir ón gCoimisiún maidir le cistiú do ghníomhaíochtaí a bhaineann le reachtaíocht agus beartas an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a fhorfheidhmiú; á mheabhrú, ina leith sin, an ráiteas ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2025 maidir le clár reatha LIFE;

Rialachas buiséadach

93. ag cur sonrú i struchtúr foriomlán ceithre cheannteideal CAI, mar a mhol an Coimisiún, síos ó sheacht gceannteideal sa CAI reatha; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún líon chláir an Aontais a laghdú ó 60 go 19, lena dtugtar isteach easpa soiléireachta idir cuspóirí agus ainmníocht bhuiséadach, rud a bhaineann an bonn ón trédhearcacht agus ón chuntasacht; á chur i bhfáth go gcinnfear seasamh na Parlaiminte maidir le struchtúr na gclár nua CAI sin le linn an nós imeachta comhchinnteoireachta do na gníomhartha reachtacha earnála ábhartha; á áitiú nach mór don ainmníocht bhuiséadach atá beartaithe agus do na méideanna a leithdháiltear ar gach líne bhuiséid cuspóirí sonracha uile gach cláir agus laistigh díobh a léiriú, d’fhonn trédhearcacht, intuarthacht agus cuntasacht a áirithiú agus d’fhonn an fhaisnéis is gá a chur ar fáil don údarás buiséadach chun an buiséad bliantúil a bhunú agus chun maoirseacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme;

94. á chur in iúl gur saoth léi, ina leith sin, nach leor ar chor ar bith an ainmníocht bhuiséadach a mholtar sa reachtaíocht earnálach; á chur i bhfios go láidir nár cheart go rachadh an simpliú ar an struchtúr buiséadach chun dochair do thrédhearcacht ná do chumas an údaráis bhuiséadaigh grinnscrúdú éifeachtúil a fheidhmiú ná cinntí eolasacha a dhéanamh; á áitiú nach mór don ainmníocht leanúint de bheith mionsonraithe go leor chun cuspóirí an chláir a leagtar amach sna bunghníomhartha a léiriú, chun infheictheacht ghníomhaíochtaí AE i ngach cuspóir agus tosaíocht beartais a chaomhnú, agus chun a chur ar chumas na Parlaiminte a ról grinnscrúdúcháin a fheidhmiú go hiomlán; á iarraidh go mbeadh ainmníocht níos mionsonraithe ann chun nós imeachta buiséadach bliantúil fóinteach, dréachtbhuiséid leasaitheacha agus nós imeachta um urscaoileadh a cheadú; á athdhearbhú gurb é an nós imeachta buiséadach bliantúil an príomhshásra daonlathach chun cistí a leithdháileadh laistigh den CAI;

95. ag tabhairt dá haire go gcuireann aistrithe buiséadacha faoin Rialachán Airgeadais solúbthacht ar fáil cheana féin le linn chur chun feidhme an bhuiséid; á chur i bhfáth gur féidir leis an gCoimisiún méideanna suntasacha a aistriú faoi láthair idir réimsí beartais gan formheas ó údarás buiséadach, lena ndéantar an fhormhaoirseacht a theorannú; in éagmais struchtúr buiséid atá mionsonraithe go leor, á iarraidh go mbeadh rialacha nua ann lena socrófaí uasmhéid agus céatadán in aghaidh na líne buiséid

d’aistrithe gan fhormheas; á mheas go bhféadfaí aistrithe ó institiúidí eile de chuid an Aontais atá faoi bhun tairseach áirithe a dhíolmhú ón nós imeachta agóide mar bheart simpliúcháin;

96. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le rialachas láidir lena n-áiritheofar cuntasacht, maoirseacht agus rialú parlaiminteach, mar aon le hollstruchtúr éifeachtach frithchalaoise; á chur in iúl, thairis sin, gur cúis bhuartha di cén chaoi a bhfaighidh an Coimisiún dearbhú leordhóthanach ar leibhéal an Aontais maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais, á mheabhrú go bhfuil dearbhú soiléir den sórt sin fíor-riachtanach don Pharlaimint chun a ról mar údarás um urscaoileadh a fheidhmiú; ag diúltú d’aon chur chuige lena dteorannaítear an Pharlaimint do ról comhairleach nó faisnéise amháin maidir le haon ionstraim nó ciste a shlógadh faoin gcéad CAI eile; á chur i bhfáth nár cheart go rachadh solúbthacht bhuiséadach timpeall ar shainphribhléidí an údaráis bhuiséadaigh agus nach mór gach athdháileadh, ath-chlársceidealú agus slógadh cúlchiste nó cúlchistí eile a bheith faoi réir fhormheas na Parlaiminte; á mheas go n-éilíonn fíorsholúbthacht acmhainneacht mhearfhreagartha agus dlisteanacht dhaonlathach araon, rud nach féidir a bhaint amach ach amháin trí rannpháirtíocht iomlán na Parlaiminte i gcinntí maidir le leithdháileadh agus úsáid acmhainní;

97. á chur in iúl gur cúis imní di an easpa intuarthachta i gcistiú an Aontais a d’fhéadfadh a bheith mar thoradh ar shásraí solúbthachta iomarcacha agus athdháiltí athfhillteacha; á aithint go bhfuil gá le solúbthacht fheabhsaithe maidir le hacmhainní a leithdháileadh laistigh de chláir áirithe, ach á chur i bhfáth nár cheart go gcuirfeadh sé sin isteach ar chuspóirí beartais fadtéarmacha, ar intuarthacht cistiúcháin ná ar shainphribhléidí na Parlaiminte; á chur i bhfios go láidir, cé nach bhfuil dóthain solúbthachta sa CAI reatha chun dul in oiriúint do thosaíochtaí atá ag athrú, nach mór don chéad CAI eile cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir intuarthacht infheistíochta agus inoiriúnaitheacht; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le cobhsaíocht chistiúcháin níos fearr i réimsí beartais áirithe ná i réimsí eile; ag diúltú go láidir d’athdháiltí athfhillteacha mar mhodh chun tosaíochtaí an Aontais a mhaoiniú, toisc go mbaineann siad an bonn ó chur chun feidhme an chláir agus go gcuireann siad seachadadh na gcuspóirí beartais comhaontaithe i mbaol;

98. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú beartaithe in iasachtaíocht agus iasachtú faoin gcéad CAI eile; á mheas nach mór don údarás buiséadach faireachán cúramach a dhéanamh ar thionchar an chur chuige sin ar lamháil CAI nó ar ráthaíochtaí eile; á éileamh go n-urramódh oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe cumhachtaí na gcomhreachtóirí agus an údaráis bhuiséadaigh;

99. ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh comhpháirtíocht infheistíochta threisithe ann le Grúpa BEI chun buiséad an Aontais a ghiaráil, chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh agus chun an riosca a bhaint

de réimsí beartais tábhachtacha amhail an aeráid, an t-iomaíochas, an tithíocht, an fhiontraíocht shóisialta, agus an nuálaíocht, an chosaint agus an ghné sheachtrach; á chur i bhfáth gur cheart ionstraimí saincheaptha a choinneáil ar bun leis an gcomhpháirtíocht sin agus le comhpháirtíochtaí comhchosúla le comhpháirtithe cur chun feidhme eile lena mbaintear leas as buiséad an Aontais i ngach réimse beartais agus lena laghdaítear an riosca infheistíochta i gcás inarb ábhartha, chun rochtain a éascú do FBManna, do chuideachtaí meánchaipitlithe agus do chuibhreannais trasteorann, agus rialachas láidir, trédhearcacht agus breisluach an Aontais á n-áirithiú ag an am céanna; á athdhearbhú a thábhachtaí atá maoiniú leormhaith do chúnamh teicniúil, arna fhorbairt go comhpháirteach ag BEI agus ag an gCoimisiún, d'údaráis cur chun feidhme chun cabhrú le cur chun feidhme tráthúil agus breisíocht infheistíochtaí a áirithiú, go háirithe trí acmhainneacht riaracháin a fhorbairt agus trí phíblínte infheistíochta a fhorbairt, agus á iarraidh go mbeadh cistiú leormhaith ann chun an tionchar leanúnach a áirithiú;

100. ag athdhearbhú a seasaimh sheanbhunaithe go ndéanfaí na hionstraimí caiteachais uile ar leibhéal an Aontais a thabhairt faoi réim an údaráis bhuiséadaigh, agus ar an gcaoi sin rialú daonlathach, trédhearcacht agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú;

Rialachas reachtach

101. ag cur béim ar an bhfíoras, ar mhaithe le toiliú na Parlaiminte a áirithiú, go ndéanfar gach gné den CAI, go háirithe gnéithe buiséadacha, a mheas mar phacáiste agus go mbeidh siad faoi réir fíorchaibidlíochta; á athdhearbhú go bhfuil sí i gcoinne an chaoi ar glacadh Rialacháin CAI atá ann faoi láthair agus a bhí ann roimhe seo, agus gur sháraigh an Chomhairle Eorpach a ról trí ghnéithe iomadúla amhail imchlúdaigh airgeadais agus forálacha a bhaineann go sonrach le beartas a réamhchinneadh, agus ar an gcaoi sin forálacha an Chonartha a shárú ó thaobh substainte agus intinne de araon; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go ndéanann na 'boscaí caibidlíochta' tosaigh a d'ullmhaigh Uachtaránacht na Comhairle macasamhlú ar an modheolaíocht lochtach sin, lena n-ionchorpraítear saincheisteanna a bhaineann leis an nós imeachta comhchinnteoireachta agus reachtaíocht nua AE maidir le cláir á bunú;

102. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na gnéithe deartha clár níos leithne agus na tograí earnála lena n-aistrítear cinntí bunriachtanacha beartais agus buiséadacha ón mbunghníomh go cláir oibre, lena ndéantar ról reachtach na Parlaiminte a lagú go suntasach; ag cur go láidir i gcoinne eilimintí reachtacha a aistriú ó rialacháin earnála, lena n-eisiatar an Pharlaimint ó chinntí a dhéantar faoi láthair faoin ngnáthnós imeachta reachtach agus lena gcruthaítear éiginnteacht dhlíthiúil do thairbhithe;

103. á áitiú nach mór gach rogha shubstainteach beartais amhail cuspóirí an chláir, tosaíochtaí caiteachais, leithdháiltí airgeadais, rátaí cistiúcháin, incháilitheacht, critéir roghnúcháin agus dhámhachtana, coinníollacha, sainmhínithe agus modhanna ríofa a chinneadh sna bunghníomhartha ábhartha, agus lánurraim á tabhairt do shainphribhléidí na Parlaiminte mar chomhreachtóir agus mar údarás buiséadach seachas sa chlár oibre ná i gcumhachtuithe comhchosúla; á éileamh go ndéanfaí roghanna beartais, cuspóirí agus gnéithe rialachais a chinneadh sna bunghníomhartha agus go ndéanfaí aon eilimintí forlíontacha agus neamhriachtanacha nach n-áirítear sa bhunghníomh a ghlacadh go heisiach trí ghníomhartha tarmligthe, lena ndiúltaítear d'aon úsáid a bhaintear as gníomhartha cur chun feidhme nó as nósanna imeachta eile nach bhfuil faoi réir thoiliú na Parlaiminte; á éileamh, ina leith sin, go nglacfaí gach clár oibre ilbhliantúil agus bliantúil trí ghníomhartha tarmligthe, i gcomhréir le hAirteagal CFAE, chun rannpháirtíocht chórasach na Parlaiminte i gcinnteoireacht agus i ngrinnscrúdú beartais a áirithiú; ag diúltú go neamhbhalbh d'aon iarracht cinntí beartais straitéiseacha a aistriú chuig nósanna imeachta coiste nó chuig socruithe eile; ag tabhairt rabhaidh nach nglacfaidh an Pharlaimint le haon togra a mhainníonn a cumhachtaí iomlána reachtacha agus formhaoirseachta a ráthú; á chur i bhfáth gurb é an toradh a bhíonn ar leibhéal na mionsonraí sna bunghníomhartha a laghdú ná roghanna tábhachtacha beartais a aistriú chuig céim an chur chun feidhme, rud a lagaíonn cuntasacht dhaonlathach agus a dhéanann ról na Parlaiminte i gcinntí polaitiúla a bhfuil impleachtaí suntasacha beartais agus buiséadacha acu a imeallú;

104. á chur i bhfáth go n-éilíonn raon feidhme leathan na gcuspóirí sna rialacháin earnála atá beartaithe nós imeachta measúnaithe athbhreithnithe do threoirthionscadail agus do ghníomhaíochtaí ullmhúcháin chun ceart tionscnaimh na Parlaiminte atá teoranta cheana féin a choimirciú; á mheas go bhfuil critéir níos soiléire agus nósanna imeachta cuíchóirithe bunriachtanach chun a áirithiú gur féidir leis an bParlaimint leanúint de ghníomhaíochtaí nuálacha a sheoladh agus de chineálacha nua cur chuige beartais i gceannteidil 1, 2 agus 3 a thástáil; á áitiú nár cheart go laghdódh leathnú raon feidhme na gclár cumas na Parlaiminte treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin a mholadh i réimsí beartais sonracha;

Urraim don smacht reachta agus do na bunluachanna

105. á chur i bhfios go láidir gur réamhriachtanas bunriachtanach é luachanna agus cearta bunúsacha an Aontais a chomhlíonadh chun rochtain a fháil ar chistí de chuid an Aontais; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le naisc láidre idir urraim don smacht reachta agus rochtain ar chistí an Aontais faoi CAI 2021-2027; á chreidiúint go bhfuil dlúthbhaint ag cosaint leasanna airgeadais an Aontais le hurraim don smacht reachta agus do luachanna an Aontais; á chur i bhfáth go raibh an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta

Reachta[11] ina phríomhuirlis chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ó sháruithe ar an smacht reachta, agus gur cheart é a chur i bhfeidhm aon uair a chomhlíontar a choinníollacha dlíthiúla ar fud bhuiséad iomlán an Aontais, lena n-áirítear ionstraimí feidhmíochtbhunaithe chomh maith le cistiú dá bhforáiltear faoi Airteagal 122 CFAE; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle an rialachán a chur i bhfeidhm go docht agus go comhsheasmhach agus bearta a dhéanamh gan moill mhíchuí nuair is gá;

106. á áitiú, sa chéad CAI eile, gur cheart go gcumhdófaí le bosca uirlisí rianúil agus comhleanúnach de luachanna an Aontais an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha ar fud chistí uile an Aontais; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an forluí leis an sásra coinníollachta a tugadh isteach, go háirithe leis na pleananna CNR, agus á iarraidh go mbeadh creat aontaithe, comhleanúnach agus cuimsitheach ann ar fud chláir chistiúcháin uile an Aontais, i gcomhréir iomlán leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, lena gcumhdaítear coinníollacha cumasúcháin nach mór a chomhlíonadh chun rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas, agus bearta chun cistí a choinneáil siar nuair nach gcomhlíontar coinníollacha ábhartha a thuilleadh; á iarraidh ar an gCoimisiún uirlisí uile an smachta reachta a chomhdhlúthú i gcreat aontaithe agus cuimsitheach lena soláthraítear critéir shoiléire, oibiachtúla agus thrédhearcacha maidir le cur i bhfeidhm agus an chaoi a n-áiritheoidh an Coimisiún comhordú i measc na n-uirlisí sin;

107. á iarraidh go gcoinneofaí siar cistí an Aontais mura gcomhlíontar ceanglais bhunriachtanacha agus nach scaoilfí cistí reoite ar na Ballstáit lena mbaineann ach amháin nuair a bheidh athchóirithe fóinteacha curtha chun feidhme go hiomlán acu agus go mbeidh sé léirithe go soiléir go bhfuil an smacht reachta á chomhlíonadh acu sa chleachtas agus i gcomhréir le torthaí na dtuarascálacha maidir leis an smacht reachta; á chur i bhfáth nach mór cinntí maidir le cistiú an Aontais a chur ar fionraí nó a laghdú mar gheall ar sháruithe ar an smacht reachta a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla, agus iad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus nár cheart breithnithe eile a bheith mar threoir acu ná a bheith mar thoradh ar chaibidlíocht;

108. á aithint go molann an Coimisiún, i gcomhthéacs na bpleananna CNR, go bhféadfaí cistiú arna shaoradh mar gheall ar easpa bearta feabhais mar fhreagairt ar shárú sainaitheanta ar an smacht reachta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht a chur ar fáil arís do chláir faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach; á éileamh go ndéanfaí soiléiriú maidir leis an gcaoi a bhféadfaí méideanna saortha den sórt

---

11 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj).

sin a dhíriú ar chláir eile agus á iarraidh go gcuirfí toirmeasc ar chistí reoite a athdháileadh; á áitiú gur sainphribhléid de chuid an údaráis bhuiséadaigh é an cinneadh cistí saortha a úsáid faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil agus nár cheart é a fhágáil faoi rogha an Choimisiúin;

109. á chur i bhfáth go bhfuil gá le cur chuige láidir chun a áirithiú nach mbeidh faighteoirí agus tairbhithe deiridh dlisteanacha faoi mhíbhuntáiste toisc go bhfuil cistí an Aontais atá ceaptha dá rialtas curtha ar fionraí mar gheall ar sháruithe ar an smacht reachta; á chur i bhfáth go bhfuil an prionsabal sin i gcroílár cur chuige coinníollachta níos cliste;

Ábhair a bhaineann le IIA

110. ag cur béim ar an bhfíoras nach gcúiteoidh sásra stiúrtha aon chaillteanas de chumhachtaí reachtacha nó buiséadacha na Parlaiminte; á chur i bhfios go láidir gur cheart go léireofaí sa bhuiséad bliantúil tosaíochtaí beartais agus pleananna arna gcomhaontú ag na comhreachtóirí; á áitiú gur réamhriachtanais bhunriachtanacha iad rialachas buiséadach ceart a bhaint amach agus sainphribhléidí an údaráis bhuiséadaigh a chaomhnú chun an nós imeachta buiséadach bliantúil a dhéanamh níos fónta agus nach féidir le haon sásra stiúrtha feidhmiú ach amháin má tá na bunfhondúireachtaí i bhfeidhm;

111. ag diúltú d’aon socrú a chuirfeadh srian ar shaoirse an údaráis bhuiséadaigh cinntí uathrialacha a dhéanamh maidir le tosaíochtaí agus leithdháiltí buiséid; ag cur go láidir i gcoinne aon sásra lena gcuirfí ar chumas an Choimisiúin roghanna buiséadacha a réamhchinneadh trí mheasúnuithe teicniúla; ag diúltú go neamhbhalbh d’aon fhéidearthacht go n-imreodh an Chomhairle Eorpach tionchar ar an nós imeachta buiséadach bliantúil trí Chonclúidí ón gComhairle Eorpach, ós rud é gur sárú soiléir ar fhorálacha an Chonartha a bheadh sa mhéid sin agus go mbainfeadh sé an bonn den chothromaíocht institiúideach a bunaíodh le haghaidh cinnteoireacht bhuiséadach; á mheabhrú go bhforáiltear cheana féin leis an Rialachán Airgeadais don fhéidearthacht deireadh a chur le cúlchistí buiséadacha; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún comhordú córasach leis an údarás buiséadach sula ndéanfaidh sé aon ghealltanais dheonacha maidir le solúbthacht ionsuite a úsáid, agus go bhformheasfaí aon slógadh le cinneadh ón údarás buiséadach;

112. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún an diall ó mhéideanna táscacha sa reachtaíocht earnálach a mhéadú ón 15 % atá ann faoi láthair go 20 % sa Chomhaontú Idirinstitiúideach (IIA)[12]; á chur i bhfios go láidir go gcruthódh an méadú sin atá beartaithe, mar aon le cláir a chumasc

12 (COM(2025)0572)

agus buiséid i bhfad níos mó in aghaidh an chláir, acmhainneacht shuntasach do mhodhnuithe gan rannpháirtíocht na gcomhreachtóirí; á chur in iúl gur cúis mhór amhrais di éifeacht charnach na n-athruithe sin ar mhaoirseacht dhaonlathach agus ar chothromaíocht na gcumhachtaí institiúideacha; á mheas go mbaineann leathnú den sórt sin ar sholúbthacht feidhmiúcháin an bonn ó shainphribhléidí an údaráis bhuiséadaigh; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí an t-uasdiall ó mhéideanna táscacha a theorannú go 5 % thar thréimhse iomlán na gclár, gan dochar do chur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha Rialachán CAI agus IIA, lena n-áiritheofar go leanfaidh aon ath-leithdháileadh suntasach buiséadach de bheith faoi réir grinnscrúdú daonlathach cuí agus cinnteoireacht chomhreachtach; á áitiú go gcoinneodh an tairseach laghdaithe sin an tsolúbthacht oibríochtúil is gá agus ról ríthábhachtach na Parlaiminte sa mhaoirseacht bhuiséadach á chaomhnú ag an am céanna;

113. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé an t-idirphlé rialta idirinstitiúideach maidir le hacmhainní dílse a choinneáil ar bun agus á iarraidh go mbeadh cruinnithe ann níos minice;

114. á mholadh go n-áireofaí iarscríbhinn thiomnaithe maidir le comhar a bhaineann leis an gcóras coinníollachta; á chreidiúint, sa chomhthéacs sin, go mbeadh idirphlé rialta idir na trí institiúid maidir leis an staid reatha i ndáil le buiséad AE a chosaint, i dtaca leis an smacht reachta, ina bhealach éifeachtach chun comhordú bhosca uirlisí an smachta reachta a fheabhsú;

Acmhainní dílse

115. ag athdhearbhú thiomantas láidir na Parlaiminte acmhainní dílse nua a thabhairt isteach chun maoiniú fadtéarmach inbhuanaithe agus intuartha bhuiséad AE a áirithiú; á athdhearbhú go bhfuil gá le hioncam inbhuanaithe agus athléimneach do bhuiséad an Aontais ar cheart dó a bheith ag teacht le taobh an chaiteachais, agus ar an gcaoi sin cobhsaíocht bhuiséadach, éifeachtúlacht agus smacht fioscach a áirithiú agus, ar an gcaoi sin, a chur ar chumas an Aontais aghaidh a thabhairt ar a riachtanais agus ar a thosaíochtaí;

116. ag athdhearbhú a hiarrata seanbhunaithe go dtabharfaí isteach fíoracmhainní dílse nua, ní hamháin le haghaidh aisíocaíocht fiachais NGEU ach freisin chun uaillmhianta beartais feabhsaithe an Aontais a mhaoiniú; á chur in iúl go gcreideann sí i gcónaí go bhfuil sé fíor-riachtanach fíoracmhainní dílse nua a thabhairt isteach chun buiséad an Aontais a mhaoiniú; á mheabhrú, gan acmhainní nua, gur cinnte go dtitfidh an t-ualach airgeadais ar na Ballstáit trí ranníocaíochtaí méadaithe atá bunaithe ar OIN; á mheas, dá bhrí sin, gur coinníoll bunriachtanach le haghaidh CAI uaillmhianach 2028-2034 é fíorshruthanna nua ioncaim EUR 60 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana a thabhairt isteach;

117. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an easpa iomlán dul chun cinn maidir leis an athchóiriú ar an gcóras acmhainní dílse sa Chomhairle ó 2020 i leith; á chur i bhfios go láidir gurb iad fíoracmhainní dílse nua an freagra is gá, tráth srianta buiséadacha, chun beartais sheanbhunaithe agus nua de chuid an Aontais agus infheistíochtaí a bhfuil géarghá leo in AE a mhaoiniú;

118. ag athdhearbhú a cáinte seanbhunaithe go mbeidh breisluach AE laghdaithe mar thoradh ann má dhéantar an buiséid a chaibidliú bunaithe ar an bprionsabal '*juste retour*', toisc go laghdaíonn sé an réasúnaíocht maidir le hinfheistíocht a dhéanamh le chéile maidir le hearraí poiblí coiteanna agus Eorpacha; ag aithint, ag an am céanna, fhiúntas na hacmhainne dílse bunaithe ar OIN, i bhfianaise a feidhme cothromúcháin iontaofa; á iarraidh ar an gComhairle agus ar na Ballstáit staonadh ó shíneadh a chur le haon laghduithe cnapshuime, agus comhardú buiséadach foriomlán cothrom a chruthú do chách trí dhíriú ar na sineirgí agus ar bhreisluach AE de mheon dlúthpháirtíochta agus níos mó trédhearcachta a cheadú;

119. á mheabhrú go n-éilíonn an cinneadh maidir le hacmhainní dílse aontoilíocht sa Chomhairle, comhairliúchán leis an bParlaimint, agus daingniú náisiúnta ag na Ballstáit uile; á chur i bhfáth nach mór a mheas go bhfuil aon chiseán d'acmhainní dílse nua cothrom chun cásanna a sheachaint ina ngearrtar pionós díréireach ar Bhallstáit áirithe le cur chun feidhme na sruthanna ioncaim sin;

120. á mheas, i bhfianaise dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo lena n-éilítear méaduithe suntasacha ar infheistíocht i réimsí beartais éagsúla sa chéad tréimhse CAI eile, nach mór bonn ioncaim bhuiséad AE a leathnú, a neartú, a éagsúlú agus a nuachóiriú ar bhealach a bhfuil údar cuí leis; á áitiú, chun na críche sin, gur cheart na hacmhainní dílse atá ann cheana a choigeartú agus a uasghrádú, agus gur cheart acmhainní dílse nua a thabhairt isteach gan a thuilleadh moille; á mheas, ina theannta sin, gur cheart ioncam seachas acmhainní dílse a bheith ina chomhábhar bunriachtanach den mheascán d'fhoinsí ioncaim, agus gur cheart go leanfadh oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe dea-shainithe a gcumhdaítear a ndliteanais theagmhasacha ina dhiaidh sin go sábháilte leis an lamháil faoi uasteorainneacha na n-acmhainní dílse de bheith ina rogha chúltaca inghníomhaithe, ar a laghad le linn géarchéimeanna gan choinne;

121. á mheabhrú go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil agus freagracht pholaitiúil ann fiachas NGEU a aisíoc go tráthúil; ag athdhearbhú a seasaimh gur cheart leanúint d'aisíoc fhiachas NGEU a bhainistiú ar bhealach stuama agus solúbtha, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, trí oibríochtaí athmhaoiniúcháin, chun an brú ar CAI agus ar a chláir do 2028-2034 a íoslaghdú;

122. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Choimisiúin acmhainní dílse nua a shainaithint agus calabrúcháin áirithe a chur ar aghaidh chuig

acmhainní dílse traidisiúnta, amhail dleachtanna custaim, d'fhonn neamhspleáchas airgeadais an Aontais a neartú agus spleáchas ar ranníocaíochtaí náisiúnta a laghdú, agus ar an gcaoi sin maoiniú bhuiséad an Aontais amach anseo a áirithiú; ag tacú leis an gcur chuige ciseáin níos leithne atá molta ag an gCoimisiún ós rud é gur bealach réalaíoch é sin chun an tacaíocht is gá a fháil sa Chomhairle; ag cur sonrú sna cineálacha éagsúla acmhainní dílse atá beartaithe; á chur i bhfios go láidir, áfach, nach mór aon chiseán d'acmhainní dílse nua a ghlacadh ag an am céanna leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile agus nach mór sreabhadh cobhsaí agus leordhóthanach ioncaim de thart ar EUR 60 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana a ghiniúint leis, ós rud é go bhfuil an leibhéal sin bunriachtanach chun aisíocaíocht sheasta na hiasachtaíochta a dhéantar faoi NGEU a áirithiú, chun gealltanais an Aontais a chomhlíonadh agus chun infheistíocht chomhpháirteach in earraí poiblí Eorpacha a mhaoiniú; á iarraidh ar an gComhairle teacht ar chomhaontú go pras maidir le hacmhainní dílse nua chun deimhneacht bhuiséadach fhadtéarmach a chur ar fáil;

123. á éileamh, i gcás ina gcuirfeadh an Chomhairle deireadh le gnéithe áirithe den chiseán, gur cheart di rátaí glaonna méadaithe d'fhoinsí eile a chur in ionad na bearna a eascraíonn as sin nó trí fhoinse eile a chur ina n-ionad; ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart go ndéanfadh na foinsí nua dochar d'iomaíochas fiontar beag agus meánmhéide ná d'iomaíochas AE ina iomláine; á mheas gur cheart féachaint ar an acmhainneacht ioncaim a bhaineann, *inter alia*, le tobhach seirbhísí digiteacha atá dírithe ar mhórardáin dhigiteacha, tobhach ar sheirbhísí cearrbhachais agus gealltóireachta ar líne, síneadh a chur leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha, agus tobhach atá bunaithe ar ghlaoráta aonfhoirmeach ar ghnóthachain chaipitiúla ó chriptea-shócmhainní mar réitigh fhéideartha i gcás nach bhfaigheadh acmhainní dílse eile atá beartaithe tacaíocht i measc na mBallstát, chun cothroime chánach agus leibhéal ioncaim atá i gcomhréir le riachtanais a áirithiú;

124. á mheas gur rogha inmharthana í iasachtaíocht chomhpháirteach lena dtugtar an cumas don Aontas freagairt go pras d'fhorbairtí gan choinne agus lena n-éascaítear maoiniú tráthúil bheartais an Aontais a bhfuil breisluach soiléir AE ag baint leo; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh an rogha sin i gcomhréir go hiomlán le tosaíochtaí straitéiseacha AE maidir le hearraí poiblí Eorpacha, nó infheistíocht a éascú i dtionscadail trasteorann nó uile-Eorpacha a chuireann borradh faoi acmhainneacht fáis an Aontais;

125. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an togra ón gCoimisiún maidir le cineál nua sásra géarchéime atá bunaithe ar iasachtaíocht urghnách a bhfuil lamháil bhreise mar thaca leis faoi uasteorainn na n-acmhainní dílse agus atá fréamhaithe i rátáil chreidmheasa bhuiséad an Aontais atá ar fheabhas go comhsheasmhach; ag tabhairt dá haire go bhfuil an ionstraim sin faoi cheangal ama, faoi réir critéir atá réamhshainithe agus teorainneacha ó thaobh cuspóra,

raon feidhme agus méid, arna dteorannú ag an urrann tiomnaithe bhreise lamhála atá ar fáil; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go gcuirfidh an ionstraim ar chumas an Aontais suas le EUR 395 bhilliún d'iasachtaí a shlógadh do na Ballstáit nuair a tharlaíonn géarchéimeanna tromchúiseacha, dianchruatan nó bagairtí tromchúiseacha ina leith le linn na tréimhse 2028-2034; á chur in iúl gur díol sásaimh di nach mbeadh an sásra atá beartaithe bunaithe ar Airteagal 122 CFAE, a chuireann an Pharlaimint ar leataobh mar a bhí i gcásanna roimhe seo, ach ar rialachán ón gComhairle faoi Airteagal 311(4) CFAE, lena n-éilítear toiliú na Parlaiminte, agus ar an gcaoi sin, go ndéanfaí cothromaíocht institiúideach agus cuntasacht nós imeachta a áirithiú leis;

126. á mheas go bhféadfadh an sásra sin a bheith ina uirlis bhreise ar leibhéal an Aontais chun freagairt go tapa agus go héifeachtach do riachtanais mhéadaitheacha, mar a mhol Mario Draghi arís agus arís eile, agus d'fhorbairtí dothuartha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leas a bhaint as an taithí a fuarthas ó NGEU chun infheistíochtaí straitéiseacha AE amach anseo a mhaoiniú agus a chur chun feidhme;

127. á chur in iúl nach bhformheasfaidh sí ach buiséad fadtéarmach, lena n-áirítear ioncam iomchuí agus inbhuanaithe, atá oiriúnach don fheidhm don Aontas i ndomhan atá ag athrú;

Leasuithe ar Rialachán CAI:

128. á iarraidh ar an gCoimisiún na modhnuithe seo a leanas a chur san áireamh:

ba cheart an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle a mhodhnú mar a leanas:

Modhnú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
(13) Tá gá le hionstraimí speisialta neamhthéamacha chun solúbthacht a sholáthar i bhfabhar aon cheannteideal de CAI de réir riachtanas, agus chun an nós imeachta buiséadach a éascú. Leis an Ionstraim Corrlaigh Aonair, ba cheart a bheith in ann na corrlaigh a bheidh ar fáil faoi na huasteorainneacha le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoi seach a aistriú idir na blianta airgeadais agus, i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, idir ceannteidil CAI, gan dul thar mhéideanna iomlána uasteorainneacha CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le linn thréimhse iomlán CAI. I gcomhréir le bainistíocht fhónta airgeadais agus buiséadú stuama, ba cheart slógadh méideanna corrlach ón mbliain airgeadais reatha agus ó na blianta airgeadais amach anseo a bheith ina rogha dheiridh.	***scriosta***

Modhnú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	(***13a***) ***I bhfianaise na héiginnteachta a bhaineann le héabhlóid na rátaí úis amach anseo agus chun brú míchuí ar chláir an Aontais a sheachaint, is iomchuí ionstraim speisialta théamach, Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI), a bhunú chun aisíocaíocht na príomhshuime agus na gcostas cistiúcháin a bhaineann le NextGenerationEU a chumhdach. Ba cheart na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas is gá agus na leithreasuithe comhfhreagracha faoi chomhair íocaíochtaí i mbuiséad an Aontais a chur ar fáil de bhreis ar uasteorainneacha CAI.***

Modhnú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
(14) ***Ba cheart an Ionstraim Sholúbthachta a bheith ar fáil chun gur féidir caiteachas sonrach gan choinne le haghaidh bliain airgeadais ar leith a mhaoiniú. Ba cheart an Ionstraim Sholúbthachta a bheith comhdhéanta de mhéid***	(14) Ba cheart an Ionstraim Sholúbthachta a bheith ar fáil chun gur féidir caiteachas sonrach gan choinne le haghaidh bliain airgeadais ar leith a mhaoiniú. Ba cheart an Ionstraim Sholúbthachta a bheith comhdhéanta de mhéid socraithe,

socraithe, chomh maith le méideanna atá coibhéiseach le hioncam arna bhailiú de bhun chur chun feidhme bheartais an Aontais, amhail fíneálacha, pionóis eile, smachtbhannaí agus aon ús fabhraithe nó ioncam eile arna ghiniúint acu arna bhforchur ag institiúidí an Aontais, agus méideanna atá coibhéiseach le saoradh leithreasuithe, seachas ioncam sannta seachtrach, cé is moite de mhéideanna arna gcur ar fáil arís i gcomhréir le rialacha sonracha maidir le leithreasuithe a chomhfhreagraíonn do ghealltanais a saoradh a chur ar fáil arís.

chomh maith le méideanna atá coibhéiseach le hioncam arna bhailiú de bhun chur chun feidhme bheartais an Aontais, amhail fíneálacha, pionóis eile, smachtbhannaí agus aon ús fabhraithe nó ioncam eile arna ghiniúint acu arna bhforchur ag institiúidí an Aontais, méideanna atá coibhéiseach le saoradh leithreasuithe, seachas ioncam sannta seachtrach, cé is moite de mhéideanna arna gcur ar fáil arís i gcomhréir le rialacha sonracha maidir le leithreasuithe a chomhfhreagraíonn do ghealltanais a saoradh a chur ar fáil arís, corrlaigh atá fós ar fáil ó bhlianta roimhe sin, an barrachas bliantúil chomh maith le hathshreabha ó ionstraimí airgeadais gan dochar d'fhorálacha clárshonracha. ***I gcás inar gá agus mar rogha deiridh, ba cheart é a bheith indéanta, sa nós imeachta buiséadach bliantúil, méid na hIonstraime Solúbthachta a mhéadú le méid a dhéanfaí a fhritháireamh go hiomlán in aghaidh an chorrlaigh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas nó leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gceann amháin nó níos mó de cheannteidil CAI don bhliain airgeadais atá i gceist nó do bhlianta airgeadais amach anseo.***

Modhnú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 1 – Airteagal 2 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
2. I gcás inar gá úsáid a bhaint as na hacmhainní ó na	2. I gcás inar gá úsáid a bhaint as na hacmhainní ó na

hionstraimí speisialta dá bhforáiltear in Airteagail 6 ***agus*** 8***, iontrálfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas*** agus ***leithreasuithe comhfhreagracha faoi chomhair íocaíochtaí sa bhuiséad de bhreis ar uasteorainneacha ábhartha CAI.***	hionstraimí speisialta dá bhforáiltear in Airteagail ***5a,*** 6***,*** 8 agus ***8a***, iontrálfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe comhfhreagracha faoi chomhair íocaíochtaí sa bhuiséad de bhreis ar uasteorainneacha ábhartha CAI.
I gcás inar gá úsáid a bhaint as na hacmhainní ón Ionstraim Corrlaigh Aonair mar a leagtar síos in Airteagal 7, iontrálfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe comhfhreagracha faoi chomhair íocaíochtaí sa bhuiséad de bhreis ar uasteorainneacha ábhartha CAI le haghaidh bliain ar leith.	
Modhnú 5	
Togra le haghaidh rialacháin Caibidil 2 – Airteagal 3a (nua)	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	Airteagal 3a
	Corrlach foriomlán d'íocaíochtaí
	1. Gach bliain, ag tosú in 2029, mar chuid den choigeartú teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 4, déanfaidh an Coimisiún an uasteorainn íocaíochta do na blianta 2029-2034 ar aghaidh a choigeartú suas le méid a bheidh coibhéiseach leis an difríocht idir na híocaíochtaí a chuirtear chun feidhme agus

	uasteorainn íocaíochta CAI bhliain n-1.
	2. Déanfar aon choigeartú a dhéanfar de bhun mhír 1 a fhritháireamh go hiomlán trí laghdú comhfhreagrach ar an uasteorainn íocaíochta don bhliain n-1.

Modhnú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 2 – Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
(c) ríomh den Chorrlach Foriomlán le haghaidh Gealltanas dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (a);	***scriosta***

Modhnú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 2 – Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
(d) ríomh den choigeartú ar an uasteorainn le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoin gCorrlach Foriomlán le haghaidh Íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal ***7(1), pointe (b)***;	(d) ríomh den choigeartú ar an uasteorainn le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoin gCorrlach Foriomlán le haghaidh Íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal ***3a***;

Modhnú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 2 – Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
(e) ríomh den uasmhéid le haghaidh an Chorrlaigh Teagmhais dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (c);	***scriosta***

Modhnú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 2 – Airteagal 4 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
(f) ríomh de na méideanna atá le cur ar fáil don Ionstraim Sholúbthachta faoi Airteagal 8(2)***, an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b)***.	(f) ríomh de na méideanna atá le cur ar fáil don Ionstraim Sholúbthachta faoi Airteagal 8(2).

Modhnú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 3 - Airteagal 5a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	Airteagal 5a
	Ionstraim EURI
	1. Déanfar Ionstraim EURI a shlógadh chun aisíocaíocht na príomhshuime agus na gcostas cistiúcháin atá dlite i leith na gcistí a fuarthas ar iasacht ar na margaí caipitil a mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053.
	2. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Ionstraim EURI a shlógadh faoi chuimsiú an nós imeachta

bhuiséadaigh dá bhforáiltear in Airteagal 314 CFAE.

Modhnú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 3 – Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
1. Féadfar an Cúlchiste don Úcráin a shlógadh chun ***caiteachas don Úcráin*** a mhaoiniú ***faoi*** [Rialachán (AE) XXXX/XX] [an Eoraip Dhomhanda] agus ***chun na críche sin amháin***.	1. Féadfar an Cúlchiste don Úcráin a shlógadh chun ***na nithe seo a leanas*** a mhaoiniú***, agus chun na críche sin amháin:***
	(a) caiteachas don Úcráin faoi [Rialachán (AE) XXXX/XX] [an Eoraip Dhomhanda] ***chomh maith le caiteachas d'fhóirdheontais ráta úis*** agus ***d'fhóirdheontais i leith costais iasachtaíochta de bhun Airteagail 23 agus 34 de Rialachán (AE) 2024/792 [an tSaoráid don Úcráin], Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2022/2463 [MFA+], Airteagal 6 de Chinneadh (AE) 2022/1628 [MFA II] agus Airteagal 5(2) de Chinneadh (AE) 2022/1201 [MFA I];***
	(b) caiteachas de bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2026/467 [an Rialachán maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin].
2. ***Ní rachaidh an Cúlchiste*** don Úcráin ***thar*** EUR 88,9 billiún i bpraghsanna 2025 le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034. Ní rachaidh an méid bliantúil a shlógfar ***faoin gCúlchiste don Úcráin*** in aon bhliain ar leith thar EUR 13,5 billiún i bpraghsanna 2025. Féadfar an chuid nach	2. ***Is é a bheidh sa Chúlchiste*** don Úcráin ***méid nach mó ná*** EUR 88,9 billiún i bpraghsanna 2025 le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034***, le haghaidh caiteachas dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), agus le haghaidh***

mbainfear úsáid as den mhéid bliantúil a úsáid sna blianta ina dhiaidh sin, suas go 2034.	***an chaiteachais sin amháin***. Ní rachaidh an méid bliantúil a shlógfar in aon bhliain ar leith thar EUR 13,5 billiún i bpraghsanna 2025. Féadfar an chuid nach mbainfear úsáid as den mhéid bliantúil a úsáid sna blianta ina dhiaidh sin, suas go 2034.
	3. Ina theannta sin, is é a bheidh sa Chúlchiste don Úcráin freisin méid EUR 26,2 billiún i bpraghsanna 2025 don tréimhse 2028 go 2034, le haghaidh an chaiteachais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), agus le haghaidh an chaiteachais sin amháin. I gcás nach leor na hinfhaighteachtaí atá fágtha i mbliain ar leith chun an fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta arna iarraidh ag an Úcráin faoi Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2026/467 [an Rialachán maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin] a chumhdach, sannfar ranníocaíochtaí breise ó na Ballstáit rannpháirteacha faoin rialachán céanna, Rialachán (AE) 2026/467 [an Rialachán maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin], i bhfoirm ioncam sannta seachtrach.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Cúlchiste don Úcráin a shlógadh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh dá bhforáiltear in Airteagal 314 CFAE.	***4.*** Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Cúlchiste don Úcráin a shlógadh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh dá bhforáiltear in Airteagal 314 CFAE.

Modhnú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 3 - Airteagal 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
Airteagal 7	***scriosta***
Ionstraim Corrlaigh Aonair	
1. Is éard a bheidh san Ionstraim Corrlaigh Aonair:	
(a) ó 2029 ar aghaidh, méideanna a chomhfhreagraíonn do chorrlaigh a bheidh fós ar fáil faoi uasteorainneacha CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas den bhliain n-1 a chuirfear ar fáil de bhreis ar uasteorainneacha CAI do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh na mblianta ó 2029 go 2034 (‘Corrlach Foriomlán le haghaidh Gealltanas’);	
(b) ó 2029 ar aghaidh, méideanna atá coibhéiseach leis an difríocht idir na híocaíochtaí a fhorghníomhaítear agus uasteorainn íocaíochta CAI den bhliain n-1 chun an uasteorainn íocaíochta le haghaidh na mblianta ó 2029 go 2034 a choigeartú suas (‘Corrlach Foriomlán le haghaidh Íocaíochtaí’);	
(c) Mar ionstraim rogha deiridh, méideanna breise a fhéadfar a chur ar fáil de bhreis ar uasteorainneacha CAI in aon bhliain ar leith do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas nó do leithreasuithe faoi chomhair	

íocaíochtaí, nó don dá rud, de réir mar a bheidh, ar choinníoll go ndéanfar iad a fhritháireamh go hiomlán in aghaidh na gcorrlach i gceann amháin nó níos mó de cheannteidil CAI le haghaidh na bliana airgeadais reatha nó le haghaidh na mblianta airgeadais amach anseo a mhéid a bhaineann le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus go ndéanfar iad a fhritháireamh go hiomlán in aghaidh na gcorrlach faoin uasteorainn íocaíochta le haghaidh na mblianta airgeadais amach anseo a mhéid a bhaineann le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ('An Corrlach Teagmhais').

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Corrlach Foriomlán le haghaidh Gealltanas a shlógadh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh dá bhforáiltear in Airteagal 314 CFAE.

3. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh na coigeartuithe suas faoin gCorrlach Foriomlán le haghaidh Íocaíochtaí, ag tosú in 2029, mar chuid den choigeartú teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 4.

Déanfar aon choigeartú suas faoin gCorrlach Foriomlán le haghaidh Íocaíochtaí a fhritháireamh go hiomlán trí laghdú comhfhreagrach a dhéanfar ar an uasteorainn

íocaíochta le haghaidh na bliana n-1.

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Corrlach Teagmhais a shlógadh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh dá bhforáiltear in Airteagal 314 CFAE mar ionstraim rogha deiridh chun freagairt ar imthosca gan choinne.

Ní fhéadfar méideanna a shlógadh faoin gCorrlach Teagmhais ach amháin mura leor na méideanna atá ar fáil de bhun mhír 1, pointí (a) agus (b).

Ní rachaidh an Corrlach Teagmhais, in aon bhliain ar leith, thar 0,04 % d'ollioncam náisiúnta an Aontais, arna ríomh sa choigeartú teicniúil bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 4.

Na méideanna a dhéanfar a fritháireamh, ní shlógfar a thuilleadh iad i gcomhthéacs CAI.

5. An méid a rachfar ar iontaoibh na hIonstraime Corrlaigh Aonair in aon bhliain ar leith beidh sé comhsheasmhach leis na huasteorainneacha a leagtar amach sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse

Modhnú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 3 – Airteagal 8 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
(b) méid atá coibhéiseach le saoradh na leithreasuithe, seachas ioncam sannta seachtrach, a rinneadh sa bhliain n-2, cé is moite de mhéideanna a saoradh a cuireadh ar fáil arís i gcomhréir leis na rialacha sonracha maidir le leithreasuithe a chur ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ***agus*** Rialachán [(AE) XXXX/XX] [An Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí].	(b) méid atá coibhéiseach le saoradh na leithreasuithe, seachas ioncam sannta seachtrach, a rinneadh sa bhliain n-2, cé is moite de mhéideanna a saoradh a cuireadh ar fáil arís i gcomhréir leis na rialacha sonracha maidir le leithreasuithe a chur ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509***,*** Rialachán [(AE) XXXX/XX] [An Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí***], agus Rialachán [(AE) XXXX/XX] [an Eoraip Dhomhanda***].

Modhnú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 3 - Airteagal 8 - mír 2 - pointe ba (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	(ba) méid a chomhfhreagraíonn do chorrlaigh atá fós ar fáil faoi uasteorainneacha CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na mblianta airgeadais roimhe sin;

Modhnú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 3 - Airteagal 8 - mír 2 - pointe bb (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	(bb) i gcás ina mbeidh barrachas sa bhliain n-1, méid atá coibhéiseach leis an mbarrachas sin, gan ioncam dá dtagraítear i bpointe (a) a áireamh.

Modhnú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 3 - Airteagal 8 - mír 2 - fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	I gcás inar gá agus mar rogha dheireanach, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an méid dá dtagraítear sa chéad fhomhír a mhéadú faoi mhéid nach mó in aon bhliain ar leith ná 0,04 % d'ollioncam náisiúnta an Aontais, arna ríomh sa choigeartú teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 4, agus a dhéanfar a fhritháireamh go hiomlán in aghaidh an chorrlaigh faoi chomhair gealltanas nó na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, nó in aghaidh an dá rud, i gceann amháin nó níos mó de cheannteidil CAI don bhliain airgeadais reatha nó do na blianta airgeadais amach anseo. Ní dhéanfar méideanna a fhritháirítear ar an mbealach sin a shlógadh a thuilleadh i gcomhthéacs CAI agus beidh siad comhsheasmhach le huasteorainn na n-acmhainní dílse.

Modhnú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 3 - Airteagal 8 - mír 2 - fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
Ríomhfaidh an Coimisiún gach bliain, mar chuid de choigeartuithe teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 4, na méideanna atá ar fáil ar bhonn na chéad fhomhíre, pointí (a) agus (b) den mhír seo.	***Ríomhfaidh an Coimisiún gach bliain, mar chuid de choigeartuithe teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 4, na méideanna atá ar fáil ar bhonn na chéad fhomhíre agus an dara fomhír den mhír seo.***

Modhnú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 3 - Airteagal 8a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	Airteagal 8a
	Cúlchiste Dlúthpháirtíochta le haghaidh Tubaistí Nádúrtha
	1. ***Féadfar an Cúlchiste Dlúthpháirtíochta le haghaidh Tubaistí Nádúrtha a úsáid mar rogha dheireanach chun freagairtí ar riachtanais shonracha laistigh den Aontas a mhaoiniú le haghaidh práinnfhreagairtí agus oibríochtaí tacaíochta tar éis damáiste díreach arna dhéanamh mar iarmhairt dhíreach ar thubaiste nádúrtha.***
	2. ***Ní rachaidh an Cúlchiste Dlúthpháirtíochta le haghaidh Tubaistí Nádúrtha thar uasmhéid bliantúil EUR 4 bhilliún (i bpraghsanna 2025). Féadfar aon chuid den mhéid bliantúil nach n-úsáidtear sa bhliain n a úsáid***

	sna blianta ina dhiaidh sin go dtí 2034.
	An 1 Deireadh Fómhair gach bliain, beidh ar a laghad aon cheathrú de mhéid bliantúil an Chúlchiste Dlúthpháirtíochta le haghaidh Tubaistí Nádúrtha fós ar fáil chun na riachtanais a thiocfaidh chun cinn go dtí deireadh na bliana sin a chumhdach.
	I gcásanna eisceachtúla agus mura leor na hacmhainní airgeadais a bheidh fágtha chun na méideanna a mheastar a bheith riachtanach sa bhliain ina dtarlóidh teagmhas dá dtagraítear i mír 1 a chumhdach, féadfaidh an Coimisiún a mholadh go maoineofar an difríocht tríd an méid bliantúil dá dtagraítear i mír 2 a bheidh ar fáil an bhliain ina dhiaidh sin, suas le huasmhéid EUR 1 bhilliún (i bpraghsanna 2025).
	3. Déanfar na leithreasuithe don Chúlchiste Dlúthpháirtíochta le haghaidh Tubaistí Nádúrtha a iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais mar fhoráil.

Modhnú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 4 - Airteagal 9 - teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
Athscrúdú ar CAI chun a áirithiú go gcomhlíonfar uasteorainn na n-acmhainní dílse	***Athbhreithniú meántéarma ar CAI***

Modhnú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 4 - Airteagal 9 - fomhír 1a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	1a. Faoin 31 Iúil 2031 ar a dhéanaí, tíolacfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú CAI. Beidh togra reachtach le haghaidh athbhreithniú ar an Rialachán seo ag gabháil leis an athbhreithniú éigeantach sin, de réir mar is iomchuí. Ní laghdófar clúdaigh náisiúnta réamh-leithdháilte de réir Rialachán XXXX/2027 [pleananna CNR] trí athbhreithniú den sórt sin.

Modhnú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 5 - Airteagal 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
Faoin 1 Iúil 2033, tíolacfaidh an Coimisiún togra le haghaidh creat airgeadais ilbhliantúil nua.	***Faoin 1 Iúil 2032, tíolacfaidh an Coimisiún togra le haghaidh creat airgeadais ilbhliantúil nua.***

Leasuithe ar an gComhaontú Idirinstitiúideach

129. á chur i bhfáth, mar thoradh ar Rialachán nua CAI a chaibidliú agus a ghlacadh, gur cheart an togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais a mhodhnú mar seo a leanas:

Modhnú 22

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
COMHAONTÚ IDIRINSTITIÚIDEACH	COMHAONTÚ IDIRINSTITIÚIDEACH
idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais	idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais

Modhnú 23

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
1. An Comhaontú seo a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 295 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is é is cuspóir dó smacht buiséadach a chur chun feidhme agus feabhas a chur ar fheidhmiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil agus ar an gcomhar idir na hinstitiúidí in ábhair bhuiséadacha chomh maith le bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú.	1. An Comhaontú seo a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 295 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is é is cuspóir dó feabhas a chur ar fheidhmiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil agus ar an gcomhar idir na hinstitiúidí in ábhair bhuiséadacha chomh maith le bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú.

Modhnú 24

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 1
Roinn A – pointe 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
7. I gcomhréir le hAirteagal 312(5) CFAE, déanfaidh na hInstitiúidí aon bheart is gá chun glacadh CAI nua nó aon athscrúdú air a éascú, i gcomhréir leis an nós imeachta reachtach speisialta dá dtagraítear in Airteagal 312(2) CFAE. Ar na bearta sin, áireofar cruinnithe tráthrialta agus malartú faisnéise idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar thionscnamh an Choimisiúin, cruinnithe idir Uachtaráin na n-Institiúidí mar a leagtar amach in Airteagal 324 CFAE chun comhairliúchán agus comhréiteach sheasaimh na nInstitiúidí a chur chun cinn. I gcás ina dtíolacfar togra le haghaidh CAI nua nó athscrúdú suntasach air, féachfaidh na hInstitiúidí le socruithe sonracha a chinneadh don chomhar agus don idirphlé eatarthu i gcaitheamh an nós imeachta as a leanfaidh a ghlacadh.	7. I gcomhréir le hAirteagal 312(5) CFAE, déanfaidh na hInstitiúidí aon bheart is gá chun glacadh CAI nua nó aon athscrúdú air a éascú, i gcomhréir leis an nós imeachta reachtach speisialta dá dtagraítear in Airteagal 312(2) CFAE. Áireofar ar na bearta sin: ***(a)*** cruinnithe tráthrialta agus malartú faisnéise idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an leibhéal polaitiúil agus teicniúil le linn an phróisis ar fad, lena n-áirítear láithreacht ionadaithe Pharlaimint na hEorpa ag cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta ina bpléitear CAI; ***(b)*** ar thionscnamh an Choimisiúin, lena n-áirítear arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, cruinnithe Uachtaráin na nInstitiúidí mar a leagtar amach in Airteagal 324 CFAE chun comhairliúchán agus comhréiteach sheasaimh na nInstitiúidí a chur chun cinn; ***(c) sonraí agus faisnéis thráthúil arna dtarchur ag an gCoimisiún, lena n-áirítear arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, agus eagrú***

faisnéisithe teicniúla a eagrú don dá institiúid;

(d) caibidlíocht thríthaobhach.

I gcás ina dtíolacfar togra le haghaidh CAI nua nó le haghaidh athscrúdú suntasach, féachfaidh na hInstitiúidí le socruithe sonracha a chinneadh don chomhar agus don idirphlé eatarthu i gcaitheamh an nós imeachta as a leanfaidh a ghlacadh ar bhonn féilire arna mholadh ag an gCoimisiún, lena n-áirítear go háirithe na bearta a leagtar síos sa chéad fhomhír.

I gcás ina mbeidh moilleanna ar an bhféilire dá dtagraítear sa dara fomhír as a n-eascróidh an baol nach mbeidh aon rialachán ón gComhairle lena gcinnfear creat airgeadais nua á ghlacadh faoi dheireadh an chreata airgeadais roimhe sin, cuirfidh an Coimisiún plean teagmhasach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Modhnú 25

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 1
Roinn B – pointe 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
Ionstraim Corrlaigh Aonair	***scriosta***
9. Molfaidh an Coimisiún na méideanna uile nó cuid de na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (c) de Rialachán CAI ('Corrlach Teagmhais') a shlógadh tar éis dó a fhionnadh nach féidir na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas nó na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí is gá, de réir mar a bheidh, a mhaoiniú ar shlí eile. Féadfar togra den sórt sin a dhéanamh i ndáil le dréachtbhuiséad nó le dréachtbhuiséad leasaitheach.	
Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Corrlach Teagmhais a shlógadh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh a leagtar amach in Airteagal 314 CFAE.	

Modhnú 26

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 1
Roinn B – pointe 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	Cúlchiste Dlúthpháirtíochta le haghaidh Tubaistí Nádúrtha
	9a. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil na coinníollacha maidir le

slógadh an Chúlchiste Dlúthpháirtíochta le haghaidh Tubaistí Nádúrtha comhlíonta, cuirfidh sé togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh aistriú ón gCúlchiste sin chuig na línte buiséid comhfhreagracha i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, an cinneadh maidir le méideanna a shlógadh faoi Airteagal 8a (1) de Rialachán CAI go comhpháirteach.

Sula ndéanfar aon togra le haghaidh aistriú ón gCúlchiste Dlúthpháirtíochta le haghaidh Tubaistí Nádúrtha ar mhaithe le cúnamh, scrúdóidh an Coimisiún an raon feidhme maidir le leithreasuithe a ath-leithdháileadh.

Modhnú 27

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 2
Roinn A - pointe 10 - fomhíreanna 2 agus 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
Gabhann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus an Coimisiún nuair a tharraingeoidh sé suas an dréachtbhuiséad, orthu féin gan imeacht níos mó ná 20 % ón méid sin ar feadh ré iomlán an chláir nó na hionstraime lena mbaineann, mura rud é go dtagann imthosca nua, a bhfuil údar cuí leo, chun cinn, lena n-áirítear imthosca i ndáil le tosaíochtaí beartais an Aontais, agus na torthaí a fuarthas ó na cláir agus na hionstraimí a chur chun feidhme á gcur san áireamh.	Gabhann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus an Coimisiún nuair a tharraingeoidh sé suas an dréachtbhuiséad, orthu féin gan imeacht níos mó ná 5 % ón méid sin ar feadh ré iomlán an chláir nó na hionstraime lena mbaineann, mura rud é go dtagann imthosca nua, a bhfuil údar cuí leo, chun cinn, lena n-áirítear imthosca i ndáil le tosaíochtaí beartais an Aontais, agus na torthaí a fuarthas ó na cláir agus na hionstraimí a chur chun feidhme á gcur san áireamh. ***Aon mhéadú a eascróidh as athrú den sórt sin, fanfaidh sé faoi bhun na huasteorann atá ann cheana don cheannteideal lena mbaineann, gan dochar d'úsáid na n-ionstraimí dá dtagraítear i Rialachán CAI agus sa Chomhaontú seo.***
Níl feidhm ag an bpointe seo maidir le leithreasuithe arna réamh-leithdháileadh in aghaidh an Bhallstáit faoi Rialachán [(AE) XXXX/XX] [Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí].	Ní bheidh feidhm ag an bpointe seo maidir le leithreasuithe arna réamh-leithdháileadh in aghaidh an Bhallstáit faoi Rialachán [(AE) XXXX/XX] [An Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí].

Modhnú 28

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 2
Roinn A – pointe 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Modhnú
11. Chun réamhaisnéisí beachta iontaofa a chur ar fáil maidir le himpleachtaí buiséadacha na mbunghníomhartha de réir bhrí Airteagal 2(4) den Rialachán Airgeadais agus na dtograí reachtacha atá ar feitheamh, cuirfidh an Coimisiún clárú airgeadais táscach iomlán i gceangal leis an dréachtbhuiséad le haghaidh cheannteidil 2 agus 3 de CAI. Ba cheart an clárú sin, arna struchtúrú de réir ceannteidil, réimse beartais agus líne bhuiséid, an méid seo a leanas a shainaithint:	11. Chun réamhaisnéisí beachta iontaofa a chur ar fáil maidir le himpleachtaí buiséadacha na mbunghníomhartha de réir bhrí Airteagal 2(4) den Rialachán Airgeadais agus na dtograí reachtacha atá ar feitheamh, cuirfidh an Coimisiún clárú airgeadais táscach iomlán i gceangal leis an dréachtbhuiséad le haghaidh Shaoráid AE arna bunú sa [Rialachán maidir le pleananna CNR] agus le haghaidh na gclár uile i gceannteidil 2 agus 3 de CAI. Sainaithneofar an méid seo a leanas sa chlárú sin, arna struchtúrú de réir ceannteidil, réimse beartais agus líne bhuiséid:
(a) na bunghníomhartha, agus idirdhealú á dhéanamh idir cláir ilbhliantúla, gníomhartha dlí lena mbunaítear cúraimí nó lena gcuirtear cúraimí ar ghníomhaireachtaí díláraithe, agus gníomhaíochtaí bliantúla:	(a) na bunghníomhartha, agus idirdhealú á dhéanamh idir cláir ilbhliantúla, gníomhartha dlí lena mbunaítear cúraimí nó lena gcuirtear cúraimí ar ghníomhaireachtaí díláraithe, agus gníomhaíochtaí bliantúla:
(1) i gcás clár ilbhliantúil, ba cheart don Choimisiún an nós imeachta faoinar glacadh iad, fad na gclár, an t-imchlúdach airgeadais táscach iomlán agus an sciar arna leithdháileadh ar chaiteachas riaracháin a léiriú;	(1) i gcás cláir ilbhliantúla, léireoidh an Coimisiún an nós imeachta faoinar glacadh iad, fad na gclár, an t-imchlúdach airgeadais táscach iomlán agus an sciar arna leithdháileadh ar chaiteachas riaracháin;
(2) i gcás gníomhartha dlí lena mbunaítear nó lena gcuirtear cúraimí nua ar ghníomhaireachtaí díláraithe, ba cheart don Choimisiún an bunús dlí faoinar glacadh iad a léiriú agus meastacháin ilbhliantúla a sholáthar;	(2) i gcás gníomhartha dlí lena mbunaítear nó lena gcuirtear cúraimí nua ar ghníomhaireachtaí díláraithe, léireoidh an Coimisiún an bunús dlí faoinar glacadh iad agus soláthróidh sé meastacháin ilbhliantúla;
(3) i gcás gníomhaíochtaí bliantúla (a bhaineann le treoirthionscadail,	(3) i gcás gníomhaíochtaí bliantúla (a bhaineann le treoirthionscadail,

gníomhaíochtaí ullmhúcháin) agus gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin, ba cheart don Choimisiún meastacháin ilbhliantúla a sholáthar;

(b) tograí reachtacha ón gCoimisiún atá ar feitheamh leis an nuashonrú is déanaí maidir leis an tionchar buiséadach a d'fhéadfadh a bheith acu, lena n-áirítear, nuair is gá, an gá gaolmhar le hathchlárú i gcás ina nglacfar iad.

Sa chlárú airgeadais táscach, léireofar go trédhearcach cúlchistí nach bhfuil leithdháilte laistigh de chláir ilbhliantúla.

Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar bhealaí chun an clárú airgeadais a chrostagairt lena chlárú reachtach chun réamhaisnéisí níos cruinne agus níos iontaofa a sholáthar. Maidir le gach togra reachtach, ba cheart don Choimisiún a thabhairt le fios cibé an bhfuil sé san áireamh sa chlárú a chuirtear in iúl tráth a thíolactar an dréachtbhuiséad nó tar éis an buiséad a ghlacadh go críochnaitheach. Ba cheart, go háirithe, don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

(a) gach gníomh reachtach nua a glacadh agus gach togra atá ar feitheamh a tíolacadh ach nach n-áirítear sa chlárú a cuireadh in iúl tráth an dréachtbhuiséid nó tar éis an buiséad a ghlacadh go críochnaitheach (agus na

gníomhaíochtaí ullmhúcháin) agus gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin, soláthróidh an Coimisiún meastacháin ilbhliantúla;

(b) tograí reachtacha ón gCoimisiún atá ar feitheamh leis an nuashonrú is déanaí maidir leis an tionchar buiséadach a d'fhéadfadh a bheith acu, lena n-áirítear, nuair is gá, an gá gaolmhar le hathchlárú i gcás ina nglacfar iad.

Cuirfidh an Coimisiún i gceangal leis an dréachtbhuiséad freisin clárú airgeadais táscach de réir phríomhchuspóirí na gcistí faoi bhainistíocht chomhroinnte faoi cheannteideal 1. Sa chlárú airgeadais táscach, léireofar go trédhearcach cúlchistí nach bhfuil leithdháilte laistigh de chláir ilbhliantúla.

Déanfaidh an Coimisiún crostagairt don chlárú airgeadais lena chlárú reachtach chun réamhaisnéisí níos cruinne agus níos iontaofa a sholáthar. Maidir le gach togra reachtach, tabharfaidh an Coimisiún le fios cibé an bhfuil sé san áireamh sa chlárú a chuirtear in iúl tráth a thíolactar an dréachtbhuiséad nó tar éis an buiséad a ghlacadh go críochnaitheach. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) gach gníomh reachtach nua a glacadh agus gach togra atá ar feitheamh a tíolacadh ach nach n-áirítear sa chlárú a cuireadh in iúl

méideanna comhfhreagracha ag gabháil leis);

(b) reachtaíocht dá bhforáiltear i gclár oibre reachtach bliantúil an Choimisiúin, ina dtugtar le fios cibé an dócha go mbeidh tionchar airgeadais ag na gníomhaíochtaí.

Nuair is gá, ba cheart don Choimisiún an t-athchlárú a ghabhann le tograí reachtacha nua a léiriú.

Déanfar an clárú airgeadais táscach a nuashonrú tar éis ghlacadh an bhuiséid, chun torthaí an nós imeachta bhuiséadaigh agus aon chinneadh ábhartha eile a chorprú.

tráth an dréachtbhuiséid nó tar éis an buiséad a ghlacadh go críochnaitheach (agus na méideanna comhfhreagracha ag gabháil leis);

(b) reachtaíocht dá bhforáiltear i gclár oibre reachtach bliantúil an Choimisiúin, ina dtugtar le fios cibé an dócha go mbeidh tionchar airgeadais ag na gníomhaíochtaí.

Nuair is gá, léireoidh an Coimisiún an t-athchlárú a ghabhann le tograí reachtacha nua.

Déanfar an clárú airgeadais táscach a nuashonrú tar éis ghlacadh an bhuiséid, chun torthaí an nós imeachta bhuiséadaigh agus aon chinneadh ábhartha eile a chorprú. ***Tabharfar forléargas mionsonraithe ann ar an gclárthréimhse iomlán, míniú mionsonraithe ar na hathruithe a rinneadh i gcomparáid le clárú airgeadais na bliana roimhe sin agus aon imeacht ón méid príomhthagartha dá dtagraítear i bpointe 10.***

Modhnú 29

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 2
Roinn A – pointe 11b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	Idirphlé maidir le hAcmhainní Dílse
	11b. Leanfaidh na trí Institiúid den idirphlé idirinstitiúideach rialta maidir le hAcmhainní Dílse, ag teacht le chéile dóibh uair amháin ar

a laghad in aghaidh Uachtaránacht na Comhairle agus ar bhonn níos minice arna iarraidh sin d'institiúid amháin.

Modhnú 30

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 2
Roinn A – pointe 11c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	Gealltáin
	11c. Sula bhfógróidh sé gealltanais airgeadais chun tacú le tríú tíortha, cuirfidh an Coimisiún an t-údarás buiséadach ar an eolas agus cuirfidh sé a thuairimí ar na hábhair sin san áireamh; maidir le haon chás den sórt sin, cuirfidh an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe agus chuimsitheach ar fáil, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an bhfoinse maoiniúcháin le haghaidh gealltanais airgeadais, cibé an bhfuil acmhainní atá ann cheana á n-atreorú nó an bhfuil acmhainní nua le slógadh, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil iasachtaí i gceist, nó i gcás ina mbaintear úsáid as solúbthachtaí, cúlchistí nó méideanna neamh-leithdháilte ar bhealach eile.

Modhnú 31

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 2
Roinn B – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
B. GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS SCOILEANNA EORPACHA	***B. RÁITEAS AIRGEADAIS***

Modhnú 32

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 2
Roinn B - pointe 12 - fomhíreanna 1 go 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
12. *Sula dtíolacfaidh an Coimisiún togra chun gníomhaireacht dhíláraithe nua a chruthú, agus tar éis dó breithniú a dhéanamh maidir leis na cúraimí atá beartaithe a shannadh d'institiúid atá ann cheana, do ghníomhaireacht atá ann cheana nó do chomhlacht atá ann cheana,* ***ba cheart dó*** *measúnú tionchair fónta, iomlán agus oibiachtúil a chur ar fáil, lena gcuirfí san áireamh, inter alia, mais chriticiúil na foirne agus na n-inniúlachtaí is gá, gnéithe costais is tairbhe, comhleanúnachas, coimhdeacht agus comhréireacht, an tionchar ar ghníomhaíochtaí an Aontais, agus na himpleachtaí buiséadacha don cheannteideal caiteachais lena mbaineann. Ar bhonn na faisnéise sin agus gan dochar do na nósanna imeachta reachtacha* ***lena rialaítear bunú na gníomhaireachta díláraithe****, geallann Parlaimint na hEorpa*	12. *Sula dtíolacfaidh an Coimisiún togra maidir le gníomhaireacht dhíláraithe nua a chruthú, agus****, i gcás inarb iomchuí,*** *tar éis breithniú a dhéanamh ar* ***aon*** *chúraimí atá beartaithe a shannadh d'institiúid, do ghníomhaireacht nó do chomhlacht atá ann cheana,* ***déanfaidh*** *sé measúnú tionchair fónta, iomlán agus oibiachtúil a chur ar fáil, lena gcuirfear san áireamh, inter alia, mais chriticiúil na foirne agus na n-inniúlachtaí is gá, gnéithe costais is tairbhe, comhleanúnachas, coimhdeacht agus comhréireacht, an tionchar ar ghníomhaíochtaí* ***náisiúnta agus*** *ar ghníomhaíochtaí an Aontais, agus na himpleachtaí buiséadacha don cheannteideal caiteachais lena mbaineann. Ar bhonn na faisnéise sin agus gan dochar do na nósanna imeachta reachtacha* ***lena mbaineann****, geallann Parlaimint na hEorpa agus an*

agus an Chomhairle, faoi chuimsiú an chomhair bhuiséadaigh, go dtiocfaidh siad ar chomhaontú tráthúil ***maidir le maoiniú na gníomhaireachta díláraithe atá beartaithe****.*

Cuirfear na céimeanna nós imeachta seo a leanas i bhfeidhm:

— *ar an gcéad dul síos, déanfaidh an Coimisiún aon togra maidir le gníomhaireacht dhíláraithe nua a chur ar bun a thíolacadh go córasach don chéad chruinniú tríthaobhach buiséadach tar éis an togra uaidh a ghlacadh, agus tíolacfaidh sé an ráiteas airgeadais a bheidh ag gabháil leis an togra reachtach* ***maidir leis an ngníomhaireacht dhíláraithe a bhunú*** *agus léireoidh sé na hiarmhairtí a bheidh ann le haghaidh na tréimhse atá fágtha den chlárú airgeadais;*

— *ar an dara dul síos, le linn an phróisis reachtaigh, tabharfaidh an Coimisiún cúnamh don reachtóir iarmhairtí airgeadais na leasuithe atá beartaithe a mheasúnú;* ***ba cheart*** *na hiarmhairtí airgeadais sin a mheas le linn na* ***gcéimeanna ábhartha*** *den* ***nós imeachta*** *reachtach is infheidhme;*

— ar an tríú dul síos, tíolacfaidh an Coimisiún, roimh an bpróiseas reachtach a thabhairt i gcrích, ráiteas airgeadais nuashonraithe a chuirfidh san áireamh leasuithe a d’fhéadfadh an reachtóir a dhéanamh; ***pléifear*** *an ráiteas airgeadais críochnaitheach sin*

Chomhairle, faoi chuimsiú an chomhair bhuiséadaigh, go dtiocfaidh siad ar chomhaontú tráthúil.

Cuirfear na céimeanna nós imeachta seo a leanas i bhfeidhm:

— ar an gcéad dul síos, déanfaidh an Coimisiún aon togra maidir le gníomhaireacht dhíláraithe nua a chur ar bun, a thíolacadh go córasach don chéad chruinniú tríthaobhach buiséadach tar éis an togra uaidh a ghlacadh, agus tíolacfaidh sé an ráiteas airgeadais a bheidh ag gabháil leis an togra reachtach agus léireoidh sé na hiarmhairtí a bheidh ann le haghaidh na tréimhse a bheidh fágtha den chlárú airgeadais;

— ar an dara dul síos, le linn an phróisis reachtaigh, tabharfaidh an Coimisiún cúnamh don reachtóir iarmhairtí airgeadais na leasuithe atá beartaithe a mheasúnú; ***déanfar*** *na hiarmhairtí airgeadais sin a mheas le linn na gcruinnithe* ***tríthaobhacha*** *reachtacha ábhartha;*

— ar an tríú dul síos, tíolacfaidh an Coimisiún, roimh an bpróiseas reachtach a thabhairt i gcrích, ráiteas airgeadais nuashonraithe a chuirfidh san áireamh leasuithe a d’fhéadfadh an reachtóir a dhéanamh; ***pléifidh an reachtóir*** *an ráiteas airgeadais* ***nuashonraithe sin*** *sula dtiocfar ar chomhaontú críochnaitheach agus* ***formhuineoidh sé an ráiteas airgeadais críochnaitheach*** *go foirmiúil;*

sula dtiocfar ar chomhaontú deiridh agus ***déanfaidh an reachtóir é a fhormhuiniú*** *go foirmiúil; cuirfear* ***é*** *ar chlár oibre cruinnithe thríthaobhaigh bhuiséadaigh ina dhiaidh sin freisin (i gcásanna práinneacha, i bhfoirm shimplithe) d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an maoiniú;*

— ar an gceathrú dul síos, déanfar an comhaontú ar thángthas air a dhaingniú i ndearbhú comhpháirteach, agus measúnú buiséadach an Choimisiúin maidir le hábhar an phróisis reachtaigh á chur san áireamh; beidh an dearbhú comhpháirteach sin faoi réir formheas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, gach ceann acu i gcomhréir lena rialacha nós imeachta féin.

Ba cheart *an nós imeachta céanna a chur i bhfeidhm maidir le haon leasú ar ghníomh dlí a bhaineann le gníomhaireacht dhíláraithe a mbeadh tionchar aige ar acmhainní na gníomhaireachta atá i gceist.*

cuirfear ***an ráiteas airgeadais críochnaitheach sin*** *ar chlár oibre cruinnithe thríthaobhaigh bhuiséadaigh ina dhiaidh sin freisin (i gcásanna práinneacha, i bhfoirm shimplithe) d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an maoiniú;*

— ar an gceathrú dul síos, déanfar an comhaontú ar thángthas air a dhaingniú i ndearbhú comhpháirteach, agus measúnú buiséadach an Choimisiúin maidir le hábhar an phróisis reachtaigh á chur san áireamh; beidh an dearbhú comhpháirteach sin faoi réir formheas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, gach ceann acu i gcomhréir lena rialacha nós imeachta féin.

Soláthróidh an Coimisiún forléargas bliantúil comhdhlúite ar na hathruithe uile arna ndéanamh ar chláir agus ar ghníomhaireachtaí i gcomparáid le bonnlíne CAI mar aon leis an dréachtbhuiséad.

Déanfar *an nós imeachta céanna a chur i bhfeidhm maidir le haon leasú ar ghníomh dlí a bhaineann le gníomhaireacht dhíláraithe a mbeadh tionchar aige ar acmhainní na gníomhaireachta atá i gceist.*

Modhnú 33

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 3
Roinn B – pointe 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
13. ***Ba cheart go ndéanfaí*** *na forálacha ábhartha ón gCur Chuige Coiteann atá i gceangal leis an Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe a síníodh an 19 Iúil 2012 a chur san áireamh go cuí sa nós imeachta buiséadach.*	13. ***Déanfar*** *na forálacha ábhartha ón gCur Chuige Coiteann atá i gceangal leis an Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe a síníodh an 19 Iúil 2012 a chur san áireamh go cuí sa nós imeachta buiséadach.*

Modhnú 34

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 3
Roinn B – pointe 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
14. Nuair a bheartaíonn Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha scoil Eorpach nua a chruthú, ***bíonn nós imeachta comhchosúil le cur i bhfeidhm, mutatis mutandis, maidir lena himpleachtaí buiséadacha ar bhuiséad an Aontais***.	14. ***Tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle*** nuair a bheartóidh Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha ***den chéad uair*** scoil Eorpach nua a chruthú nó a ***fhadú***, ***trí bhíthin tuarascáil ina mbeidh réamhfhaisnéis maidir le cruthú nó leathnú beartaithe na scoile, lena n-áirítear na himpleachtaí buiséadacha a bhaineann leis sin. A luaithe a dhéanfaidh an Bord Gobharnóirí cinneadh maidir le scoil a chruthú nó a fhadú,***

cuirfidh an Coimisiún an dara tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh faisnéis atá cothrom le dáta maidir le himpleachtaí buiséadacha an chinnidh.

Modhnú 35

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 2
Roinn B – pointe 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
15. *I gcás ina dtíolacann an Coimisiún togra chun gníomh ón gComhairle a ghlacadh faoi Airteagal 122 CFAE a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige do bhuiséad an Aontais,* ***féadfaidh*** *feidhm a bheith ag na socruithe seo a leanas le haghaidh nós imeachta um ghrinnscrúdú buiséadach idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le cúnamh gníomhach ón gCoimisiún.*	15. *I gcás ina dtíolacfaidh an Coimisiún togra chun gníomh ón gComhairle a ghlacadh faoi Airteagal 122 CFAE a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige do bhuiséad an Aontais,* ***beidh*** *feidhm ag na socruithe seo a leanas le haghaidh nós imeachta um ghrinnscrúdú buiséadach idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le cúnamh gníomhach ón gCoimisiún.*

Modhnú 36

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 2
Roinn B – pointe 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
16. ***Cuirfidh*** *an Coimisiún measúnú ar impleachtaí buiséadacha an ghnímh dlí atá beartaithe ar fáil i dteannta aon togra le haghaidh gníomh ón gComhairle faoi Airteagal 122 CFAE agus* ***cuirfidh sé in iúl*** *an*	16. ***Cuirfidh*** *an Coimisiún measúnú ar impleachtaí buiséadacha an ghnímh dlí atá beartaithe ar fáil i dteannta aon togra le haghaidh gníomh ón gComhairle faoi Airteagal 122 CFAE agus* ***cuirfidh*** *sé in iúl an*

bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith ag an ngníomh atá i gceist, ina thuairim, do bhuiséad an Aontais. Ar an mbonn sin, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a iarraidh go ndéanfar an nós imeachta a thionscnamh.

Tionólfar *an nós imeachta i gComhchoiste ar a mbeidh ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an leibhéal iomchuí.* ***Beidh*** *an Coimisiún rannpháirteach in obair an Chomhchoiste.*

Gan dochar do chumhachtaí na Comhairle faoi Airteagal 122 CFAE, ***glacfaidh*** *Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle páirt in idirphlé cuiditheach d'fhonn teacht ar chomhthuiscint ar impleachtaí buiséadacha an ghnímh dlí atá beartaithe agus aird chuí á tabhairt ar phráinn an ábhair.*

Ba cheart *an nós imeachta a chur i bhfeidhm le linn tréimhse nach faide ná 2 mhí,* ***seachas*** *i gcás* ***nach mór*** *an gníomh atá i gceist a ghlacadh roimh* ***dháta sonrach*** *nó,* ***más*** *gá sin de bharr phráinn an ábhair,* ***laistigh de theorainn ama níos giorra a shocróidh an Chomhairle.***

bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith ag an ngníomh atá i gceist, ina thuairim, do bhuiséad an Aontais. Ar an mbonn sin, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a iarraidh go ndéanfar an nós imeachta a thionscnamh.

Seolfar *an nós imeachta i gComhchoiste ar a mbeidh ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an leibhéal iomchuí.* ***Beidh*** *an Coimisiún rannpháirteach in obair an Chomhchoiste.*

Gan dochar do chumhachtaí na Comhairle faoi Airteagal 122 CFAE, ***glacfaidh*** *Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle páirt in idirphlé cuiditheach d'fhonn teacht ar chomhthuiscint* ***i scríbhinn*** *ar impleachtaí buiséadacha an ghnímh dlí atá beartaithe agus aird chuí á tabhairt ar phráinn an ábhair.*

Seolfar *an nós imeachta le linn tréimhse nach faide ná 2 mhí* ***ón dáta a thionscnófar é. I gcás inar gá*** *an gníomh atá i gceist a ghlacadh roimh* ***dheireadh na tréimhse 2 mhí sin*** *nó* ***i gcás*** *ina n-éilítear amhlaidh de bharr phráinn an ábhair, f****éadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an tréimhse sin a ghiorrú de chomhthoil.***

Modhnú 37

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 3
Roinn A – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
A. CUR CHUN FEIDHME AN BHUISÉID, ÍOCAÍOCHTAÍ ***AGUS*** GEALLTANAIS LE hÍOC (RAL)	A. CUR CHUN FEIDHME AN BHUISÉID, ÍOCAÍOCHTAÍ, GEALLTANAIS LE hÍOC (RAL) ***AGUS DLITEANAIS THEAGMHASACHA***

Modhnú 38

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 3
Roinn A – pointe 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
19. ***Ós rud é gur gá*** *forchéimniú ordúil na leithreasuithe iomlána faoi chomhair íocaíochtaí a áirithiú maidir leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas chun aon aistriú neamhghnách gealltanas le híoc (RAL) a sheachaint, comhaontaíonn na hInstitiúidí faireachán géar a dhéanamh ar réamhaisnéisí íocaíochta agus ar leibhéal RAL* ***chun an riosca a mhaolú go gcuirfí bac ar chur chun feidhme chláir an Aontais de dheasca easpa leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta ag deireadh CAI.***	19. ***Chun a áirithiú go mbeidh an tAontas in ann a oibleagáidí airgeadais a eascraíonn as gealltanais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 323 CFAE agus d'fhonn a áirithiú*** *go ndéanfar forchéimniú ordúil na leithreasuithe iomlána faoi chomhair íocaíochtaí maidir leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas chun aon aistriú neamhghnách gealltanas le híoc (RAL) a sheachaint, comhaontaíonn na hInstitiúidí faireachán géar a dhéanamh ar* ***oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe agus ar dhliteanais theagmhasacha agus, chun maolú a dhéanamh ar an riosca go gcuirfí bac ar chur chun feidhme chláir an Aontais mar gheall ar easpa leithreasuithe faoi chomhair***
Le linn an nós imeachta bhuiséadaigh, tiocfaidh na	

hInstitiúidí le chéile go tráthrialta d’fhonn measúnú comhpháirteach a dhéanamh ar staid na himeartha agus ar an ionchas maidir le cur chun feidhme buiséadach sa bhliain airgeadais reatha agus sna blianta airgeadais atá le teacht. *Beidh an measúnú sin i bhfoirm cruinnithe idirinstitiúideacha tiomnaithe ar an leibhéal iomchuí, agus roimh na cruinnithe sin, soláthróidh an Coimisiún,* ***de réir mar is iomchuí,*** *staid mhionsonraithe na himeartha maidir le cur chun feidhme íocaíochta, maidir le héilimh íocaíochta a fuarthas agus maidir le réamhaisnéisí athscrúdaithe, lena n-áirítear réamhaisnéisí fadtéarmacha, i gcás inarb infheidhme, chomh maith le faisnéis* ***ábhartha*** *maidir le dliteanais theagmhasacha.*

íocaíochtaí ag deireadh CAI*, ar réamhaisnéisí íocaíochta agus ar leibhéal RAL.*

Le linn an nós imeachta bhuiséadaigh, tiocfaidh na hInstitiúidí le chéile go tráthrialta d’fhonn measúnú comhpháirteach a dhéanamh ar staid na himeartha agus ar an ionchas maidir le ***hiasachtaíocht agus iasachtú agus maidir le dliteanais theagmhasacha agus*** *cur chun feidhme buiséadach sa bhliain airgeadais reatha agus sna blianta airgeadais atá le teacht. Beidh an measúnú sin i bhfoirm cruinnithe idirinstitiúideacha tiomnaithe ar an leibhéal iomchuí, agus roimh na cruinnithe sin, soláthróidh an Coimisiún staid mhionsonraithe na himeartha maidir le cur chun feidhme íocaíochta,* ***maidir le haistrithe,*** *maidir le héilimh íocaíochta a fuarthas agus maidir le réamhaisnéisí athscrúdaithe, lena n-áirítear réamhaisnéisí fadtéarmacha, i gcás inarb infheidhme, chomh maith le faisnéis* ***iomlán*** *maidir le dliteanais theagmhasacha* ***agus an cumhdach buiséadach comhfhreagrach, lena n-áirítear réamhaisnéisí fadtéarmacha, modheolaíochtaí, agus nuashonruithe maidir le hiasachtaíocht agus iasachtú****.*

Modhnú 39

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 3
Roinn B - pointe 20 - fomhíreanna 2 go 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
Gabhann an Coimisiún air féin Parlaimint na hEorpa a choimeád ar an eolas go tráthrialta faoi ullmhú, riaradh agus críochnú na gcaibidlíochtaí maidir le comhaontuithe iascaigh, lena n-áirítear impleachtaí buiséadacha na gcomhaontuithe sin.	Gabhann an Coimisiún air féin Parlaimint na hEorpa a choimeád ar an eolas go tráthrialta faoi ullmhú, riaradh agus críochnú na gcaibidlíochtaí maidir le comhaontuithe iascaigh, lena n-áirítear impleachtaí buiséadacha na gcomhaontuithe sin.
Le linn an nós imeachta reachtaigh a bhaineann le comhaontuithe iascaigh, gabhann na hInstitiúidí orthu féin gach dícheall a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear gach nós imeachta i gcrích a thapúla is féidir.	Le linn an nós imeachta reachtaigh a bhaineann le comhaontuithe iascaigh, gabhann na hInstitiúidí orthu féin gach dícheall a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear gach nós imeachta i gcrích a thapúla is féidir***, agus rialacha inmheánacha gach institiúide á n-urramú go hiomlán.***
	Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall caibidlíocht maidir le comhaontuithe iascaigh nua nó maidir le hathnuachan comhaontuithe iascaigh a thabhairt chun críche go tráthúil chun cur i bhfeidhm sealadach na bprótacal a sheachaint sula mbeidh a toiliú tugtha ag Parlaimint na hEorpa do thabhairt i gcrích na gcomhaontuithe nó na bprótacal.
Áireofar sa phríomhlíne bhuiséid oibríochtúil méideanna dá bhforáiltear sa bhuiséad le haghaidh comhaontuithe iascaigh nua nó le haghaidh athnuachan comhaontuithe iascaigh a mheastar a thiocfaidh i bhfeidhm ***nó a chuirfear i bhfeidhm go sealadach*** faoin 1 Eanáir den bhliain airgeadais lena mbaineann.	Áireofar sa phríomhlíne bhuiséid oibríochtúil méideanna dá bhforáiltear sa bhuiséad le haghaidh comhaontuithe iascaigh nua nó le haghaidh athnuachan comhaontuithe iascaigh a mheastar a thiocfaidh i bhfeidhm faoin 1 Eanáir den bhliain airgeadais lena mbaineann.
Cuirfear i gcúlchiste na méideanna dá bhforáiltear sa bhuiséad le haghaidh comhaontuithe iascaigh nua nó le haghaidh athnuachan comhaontuithe iascaigh a thiocfaidh i bhfeidhm nó ***a chuirfear i bhfeidhm go***	Cuirfear i gcúlchiste na méideanna dá bhforáiltear sa bhuiséad le haghaidh comhaontuithe iascaigh nua nó le haghaidh athnuachan

sealadach tar éis an 1 Eanáir den bhliain airgeadais lena mbaineann.

comhaontuithe iascaigh a thiocfaidh i bhfeidhm tar éis an 1 Eanáir den bhliain airgeadais lena mbaineann.

Modhnú 40

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 3
Roinn C – pointe 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
22. Déanfar méid iomlán chaiteachas oibríochtúil CBES a iontráil go hiomlán in aon chaibidil amháin den bhuiséad, dar teideal CBES. Cumhdófar sa mhéid sin na fíor-riachtanais intuartha, arna measúnú faoi chuimsiú bhunú an dréachtbhuiséid, ar bhonn réamhaisnéisí arna dtarraingt suas go bliantúil ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an 'tArdionadaí'). Ceadófar corrlach réasúnta chun gníomhaíochtaí gan choinne a chumhdach. ***Ní fhéadfar aon chistí a chur isteach i gcúlchiste.***	22. Déanfar méid iomlán chaiteachas oibríochtúil CBES a iontráil go hiomlán in aon chaibidil amháin den bhuiséad, dar teideal CBES. Cumhdófar sa mhéid sin na fíor-riachtanais intuartha, arna measúnú faoi chuimsiú bhunú an dréachtbhuiséid, ar bhonn réamhaisnéisí arna dtarraingt suas go bliantúil ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an 'tArdionadaí'). Ceadófar corrlach réasúnta chun gníomhaíochtaí gan choinne a chumhdach.

Modhnú 41

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 3
Roinn C - pointe 24 - fomhíreanna 1 agus 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
24. Gach bliain, rachaidh an tArdionadaí i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le doiciméad réamhbhreathnaitheach, a tharchuirfear faoin 15 Meitheamh	24. Gach bliain, rachaidh an tArdionadaí i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le doiciméad réamhbhreathnaitheach, a tharchuirfear faoin 15 Meitheamh

den bhliain atá i gceist, ina leagfar amach príomhghnéithe agus bunroghanna CBES, lena n-áirítear na himpleachtaí airgeadais do bhuiséad ginearálta an Aontais, meastóireacht ar na bearta a seoladh sa bhliain n-1 agus measúnú ar chomhordú agus ar chomhlántacht CBES le hionstraimí airgeadais seachtracha eile an Aontais. *Thairis sin, cuirfidh an tArdionadaí Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthrialta* ***trí chruinnithe comhairliúcháin comhpháirteacha a thionól trí huaire sa bhliain ar a laghad,*** *faoi chuimsiú an idirphlé pholaitiúil thráthrialta maidir le CBES,* ***a bheidh le comhaontú an 30 Samhain ar a dhéanaí gach bliain. Cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle faoi seach an rannpháirtíocht sna cruinnithe sin, agus aird á tabhairt acu ar chuspóir agus ar chineál na faisnéise a mhalartófar sna cruinnithe sin.***

Iarrfar ar an gCoimisiún páirt a ghlacadh sna cruinnithe sin freisin.

den bhliain atá i gceist, ina leagfar amach príomhghnéithe agus bunroghanna CBES, lena n-áirítear na himpleachtaí airgeadais do bhuiséad ginearálta an Aontais, meastóireacht ar na bearta a seoladh sa bhliain n-1 agus measúnú ar chomhordú agus ar chomhlántacht CBES le hionstraimí airgeadais seachtracha eile an Aontais. *Thairis sin, cuirfidh an tArdionadaí Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthrialta faoi chuimsiú an idirphlé rialta* ***airgeadais agus*** *pholaitiúil maidir le CBES,* ***mar a leagtar síos i bpointe 24a****.*

Modhnú 42

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid 3
Roinn C – pointe 24 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	24a. Bainfidh an t-idirphlé rialta airgeadais agus polaitiúil maidir le CBES le gníomhaíochtaí uile an Aontais a eascraíonn as cur chun feidhme chaibidil CBES, agus go háirithe na gníomhaíochtaí sin lena ngabhann caiteachas nó dliteanais airgeadais do bhuiséad an Aontais. Tarlóidh sé cúig huaire sa bhliain ar a laghad, a chomhaontófar go dtí an 30 Samhain den bhliain n-1 ar a dhéanaí. I gcomhthéacs an idirphlé sin, rachaidh an tArdionadaí i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa i gcomhréir le hAirteagal 36 CAE mar a thuairiscítear i bpointí 22, 23 agus 24 den Chomhaontú seo agus áiritheoidh sé go dtabharfar aird chuí ar a dearcthaí. Féadfaidh Ionadaithe Speisialta an Aontais Eorpaigh nó, i gcás inarb iomchuí, Coimisinéirí, a bheith rannpháirteach san idirphlé. Déanfar é i gcomhréir leis na rialacha slándála is infheidhme maidir le malartú faisnéise.

Modhnú 43

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach
Cuid IV (nua)
COMHAR IDIRINSTITIÚIDEACH MAIDIR LE COINNÍOLLACHT AN SMACHTA REACHTA

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	COMHAR IDIRINSTITIÚIDEACH MAIDIR LE COINNÍOLLACHT AN SMACHTA REACHTA
	Cuid A. Comhar
	25 (nua). ***Déanfaidh an Coimisiún rochtain chórasach, thráthúil, struchtúrtha agus shlán ar fhaisnéis a sholáthar don Pharlaimint agus don Chomhairle i gcomhthéacs chur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 agus rialacha eile a bhaineann leis an gCairt um Chearta Bunúsacha agus coinníollacht an smachta reachta, lena n-áirítear:***
	a. an fógra i scríbhinn a seoladh chuig na Ballstáit;
	b. aon iarratas ar fhaisnéis bhreise:
	c. an comhfhreagras idir seirbhísí an Choimisiúin agus na Ballstáit;
	d. barúlacha agus tuarascálacha arna soláthar ag na Ballstáit;
	e. na doiciméid inmheánacha uile ina bhfuil anailísí dlí, measúnuithe nó doiciméid ábhartha eile de chuid an Choimisiúin — lena n-áirítear faisnéis ábhartha a fhaigheann an Coimisiún ó fhaighteoirí deiridh — as a dtiocfaidh glacadh, síneadh, modhnú nó baint na mbeart nó neamhthionscnamh na nósanna imeachta is infheidhme.
	26. (nua) Comhaontófar bealach cumarsáide slán chun

rúndacht a chosaint, nuair is gá.

Cuid B. Comhairliúchán agus idirphlé

27. (nua) Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle sula dtíolacfaidh an Coimisiún aon togra maidir le bearta a ghlacadh, a shíneadh, a mhodhnú nó a bhaint, agus cuirfidh sé san áireamh na tuairimí a cuireadh in iúl sa chomhthéacs sin.

28. Reáchtálfaidh an Coimisiún idirphlé struchtúrtha ráithiúil leis na coistí ábhartha de chuid Pharlaimint na hEorpa chun sreabhadh faisnéise fíor-ama a ráthú agus chun maoirseacht dhaonlathach a threisiú.

29. Tionólfaidh na hInstitiúidí cruinnithe ardleibhéil rialta chun feabhas a chur ar an gcomhordú maidir le bosca uirlisí an smachta reachta.

Cuid C. Trédhearcacht agus Tuairisciú Bliantúil

30. Déanfaidh an Coimisiún fardal bliantúil comhdhlúite de na cinntí uile a bhaineann le coinníollacht ar fud na gceannteideal buiséid a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil;

Modhnú 44

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach Iarscríbhinn
Cuid A – pointe 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	1a. Chun a áirithiú go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in ann a sainphribhléidí buiséadacha a fheidhmiú go héifeachtach, déanfar riochtaí buiséadacha, aistrithe nó fógraí eile lena ndéantar spriocanna a chur i ngníomh a thíolacadh agus aird chuí á tabhairt ar aon tréimhsí sosa, a bhfuil a ndátaí curtha in iúl ag na hinstitiúidí dá chéile in am trátha trína seirbhísí faoi seach.

Modhnú 45

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach Iarscríbhinn
Cuid B – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
2. In am trátha sula nglacfaidh an Coimisiún an dréachtbhuiséad, tionólfar cruinniú tríthaobhach buiséadach chun na tosaíochtaí cistiúcháin le haghaidh bhuiséad na bliana airgeadais atá le teacht a phlé. ***Cuirfear san áireamh*** *sa phlé tosaíochtaí beartais an Aontais arna sainaithint ag na* ***hInstitiúidí*** *i ndoiciméid ábhartha agus* ***beidh*** *sé d'aidhm aige bonn eolais a chur faoin nós imeachta buiséadach agus féachaint ar an mbealach is fearr is féidir na tosaíochtaí a léiriú sa chéad bhuiséad eile.*	2. In am trátha sula nglacfaidh an Coimisiún an dréachtbhuiséad, tionólfar cruinniú tríthaobhach buiséadach chun na tosaíochtaí cistiúcháin ***a d'fhéadfadh a bheith ann*** do bhuiséad na bliana airgeadais atá le teacht a phlé. ***Cuirfear san áireamh*** sa phlé tosaíochtaí beartais an Aontais arna sainaithint ag ***Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, mar an t-údarás buiséadach***, in ***aon*** doiciméid ábhartha agus ***beidh*** sé d'aidhm aige bonn eolais a chur faoin nós imeachta buiséadach agus féachaint ar an mbealach is fearr is féidir na tosaíochtaí a léiriú sa chéad bhuiséad eile.

Modhnú 46

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach Iarscríbhinn
Cuid D – pointe 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
13. ***D'fhéadfaí*** cruinniú tríthaobhach buiséadach a thionól roimh na vótaí i suí iomlánach Pharlaimint na hEorpa.	13. ***Féadfar*** cruinniú tríthaobhach a thionól roimh na vótaí i suí iomlánach Pharlaimint na hEorpa.

Modhnú 47

Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach Iarscríbhinn
Cuid E – pointe 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
15. Más rud é nach féidir leis an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir leis na leasuithe uile a ghlac Parlaimint na hEorpa, ***ba cheart di*** a seasamh a dheimhniú i litir a sheolfar roimh an gcéad chruinniú dá bhforáiltear le linn na tréimhse idir-réitigh. Sa chás sin, leanfaidh an Coiste Idir-réitigh ar aghaidh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna pointí seo a leanas den Iarscríbhinn seo.	15. Más rud é nach féidir leis an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir leis na leasuithe go léir a ghlac Parlaimint na hEorpa, deimhneoidh sí a seasamh i litir a sheolfar roimh an gcéad chruinniú dá bhforáiltear le linn na tréimhse idir-réitigh. Sa chás sin, leanfaidh an Coiste Idir-réitigh ar aghaidh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna pointí seo a leanas den Iarscríbhinn seo.

°
° °

130. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

Iarscríbhinn I: Seasamh Pharlaimint na hEorpa maidir le figiúirí (praghsanna reatha agus praghsanna tairiseacha 2025) gan costas seirbhíse fiachais NGEU a áireamh

EUR milliún - praghsanna reatha trí úsáid a bhaint as an díbhoilsceoir 2 %					
LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS	**2028**	**2029**	**2030**	**2031**	**2**
1. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht agus ceantair thuaithe, gnóthaí muirí, rathúnas agus slándáil tuaithe	**155.131**	**152.647**	**149.516**	**146.740**	**1**
2. Iomaíochas, rathúnas agus slándáil	**74.825**	**90.966**	**93.066**	**97.694**	**9**
3. An Eoraip Dhomhanda	**27.300**	**27.936**	**28.438**	**34.023**	**3**
4. Riarachán	**14.945**	**15.584**	**16.281**	**16.870**	**1**
IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS	**272.201**	**287.134**	**287.301**	**295.327**	**2**
IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ	**271.032**	**305.040**	**300.920**	**296.118**	**2**
EUR milliún - praghsanna 2025					
LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS	**2028**	**2029**	**2030**	**2031**	**2**
1. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, gnóthaí muirí, rathúnas agus slándáil	**146.152**	**140.992**	**135.392**	**130.273**	**1**
2. Iomaíochas, rathúnas agus slándáil	**70.508**	**84.037**	**84.291**	**86.747**	**8**
3. An Eoraip Dhomhanda	**25.727**	**25.810**	**25.758**	**30.214**	**3**
4. Riarachán	**14.083**	**14.397**	**14.746**	**14.980**	**1**
IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS	**256.472**	**265.237**	**260.189**	**262.215**	**2**
IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ	**255.399**	**281.809**	**272.552**	**262.944**	**2**

Iarscríbhinn II: Seasamh Pharlaimint na hEorpa maidir leis an miondealú de réir cláir

EUR billiún — Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (praghsanna reatha)	**Togra CAI**	**Seasamh PE (1.27 % OIN, gan aisíocaíocht NGEU a áireamh)**	**Athrú ainmniúil**
An Creat Airgeadais Ilbhliantúil	**1816,89**	**2014,20**	**197,30**
Ceannteideal 1: Samhail shóisialta agus cáilíocht saoil na hEorpa, gan NGEU a áireamh	894,22	997,37	103,15
An Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil	865,08	972,86	107,79
CBT	*293,70*	*433,01*	*139,31*
ar díobh sin *Tacaíocht ioncaim*	*293,70*	*320,30*	*26,60*
Ceantair thuaithe	*0,00*	*106,41*	*106,41*
*Líontán sábhála aontachta**	*6,30*	*6,30*	*0,00*
POSEI (le cur faoi CBT)	*0,00*	*7,33*	*7,33*
Iascach	*2,00*	*7,29*	*5,29*
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, lena n-áirítear le haghaidh Comhar Críochach Eorpach (Interreg) agus an Ciste Comhtháthaithe	*228,06*	*306,93*	*78,87*
ar díobh sin *CFRE*	*183,15*	*248,37*	*65,23*
CC	*34,65*	*46,99*	*12,34*
Interreg	*10,26*	*11,57*	*1,30*
Ciste Sóisialta na hEorpa	*0,00*	*124,19*	*124,19*
*Imirce - tearmann, imirce agus lánpháirtiú***	*11,98*	*13,31*	*1,34*
*Imirce - Bainistiú teorainneacha agus comhbheartas maidir le víosaí***	*15,40*	*17,12*	*1,72*
*Imirce - Slándáil inmheánach***	*6,84*	*7,61*	*0,76*
*Saoráid an Aontais****	*65,63*	*56,08*	*-9,56*
Neamhfhálaithe sa phlean comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí	*235,17*	*0,00*	*-235,17*
Tacaíocht do Phobal Turcach na Cipire	0,44	0,49	0,05
Gníomhaireachtaí díláraithe	22,89	22,89	0,00
Corrlaigh	5,82	1,13	-4,69

* Cuirtear an méid EUR 6,3 billiún a chomhfhreagraíonn don Líontán Sábhála Aontachta san áireamh faoi CBT

** Iomlán le haghaidh na gcistí Gnóthaí Baile: EUR 38.04 billiún

*** gan an Líontán Sábhála Aontachta a bheith curtha san áireamh

EUR billiún — Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (praghsanna reatha)	**Togra CAI**	**Seasamh PE (1.27 % OIN, gan aisíocaíocht NGEU a áireamh)**	**Athrú ainmniúil**
Ceannteideal 2: Iomaíochas, Rathúnas agus Slándáil	**589,59**	**659,70**	**70,10**
An Ciste Eorpach um Iomaíochas	234,30	264,35	30,05
ar díobh sin Gníomhaíochtaí LIFE	*0,00*	*3,39*	*3,39*
Gníomhaíochtaí EU4Health	*0,00*	*10,05*	*10,05*
Fís Eorpach	175,00	200,00	25,00
EURATOM/ITER	9,79	9,79	0,00
ICSN-D (An Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach - Díchoimisiúnú)	0,97	0,97	0,00
Clár Ignalina	0,68	0,68	0,00
SCE (Iompar, Fuinneamh, Soghluaisteacht Mhíleata)	81,43	91,29	9,86
Clár um an Margadh Aonair agus Custam	6,24	6,87	0,63
Pericles (cosaint an Euro)	0,01	0,01	0,00
Erasmus+	40,83	47,39	6,56
AgoraEU	8,58	10,72	2,14
SACS+ (Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus ullmhacht sláinte)	10,68	12,42	1,74
Ceartas	0,80	0,89	0,09
Gníomhaireachtaí díláraithe	9,80	9,80	0,00
Gníomhaíochtaí eile, sainphribhléidí	2,49	2,49	0,00
Corrlaigh	8,01	2,03	-5,98
Ceannteideal 3: An Eoraip Dhomhanda	**215,20**	**239,26**	**24,06**
An Eoraip Dhomhanda	200,31	225,00	24,69
Comhbheartas Eachtrach agus Slándála	3,37	3,76	0,39
Tíortha agus críocha thar lear, an Ghraonlainn san áireamh;	1,00	2,08	1,09
Comhaontuithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) agus Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna)	1,33	1,69	0,36
Gníomhaíochtaí eile, sainphribhléidí	1,12	1,12	0,00
Corrlaigh	8,07	5,59	-2,48
Ceannteideal 4: Riarachán	**117,88**	**117,88**	**0,00**

EUR billiún — Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (praghsanna tairiseacha 2025)	**Togra CAI**	**Seasamh PE (1.27 % OIN, gan aisíocaíocht NGEU a áireamh)**	**Athrú ainmniúil**
An Creat Airgeadais Ilbhliantúil	**1613,75**	**1788,86**	**175,11**
Ceannteideal 1: Samhail shóisialta agus cáilíocht saoil na hEorpa, gan NGEU a áireamh	797,08	888,86	91,78
An Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil	771,29	867,19	95,90
CBT	*261,01*	*385,12*	*124,11*
ar díobh sin Tacaíocht ioncaim	*261,01*	*284,65*	*23,64*
Ceantair thuaithe	*0,00*	*94,88*	*94,88*
*Líontán sábhála aontachta**	*5,60*	*5,60*	*0,00*
POSEI (le cur faoi CBT)	*0,00*	*6,50*	*6,50*
Iascach	*1,77*	*6,50*	*4,73*
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, lena n-áirítear le haghaidh Comhar Críochach Eorpach (Interreg) agus an Ciste Comhtháthaithe	*203,72*	*274,34*	*70,62*
ar díobh sin CFRE	*163,71*	*222,00*	*58,29*
CC	*30,97*	*42,00*	*11,03*
Interreg	*9,04*	*10,34*	*1,30*
Ciste Sóisialta na hEorpa	*0,00*	*110,73*	*110,73*
*Imirce - tearmann, imirce agus lánpháirtiú***	*10,70*	*11,90*	*1,20*
*Imirce - Bainistiú teorainneacha agus comhbheartas maidir le víosaí***	*13,76*	*15,30*	*1,54*
*Imirce - Slándáil inmheánach***	*6,12*	*6,80*	*0,68*
*Saoráid an Aontais****	*58,40*	*50,00*	*-8,40*
Neamhfhálaithe sa phlean comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí	*210,20*	*0,00*	*-210,20*
Tacaíocht do Phobal Turcach na Cipire	0,39	0,43	0,04
Gníomhaireachtaí díláraithe	20,24	20,24	0,00
Corrlaigh	5,16	1,00	-4,16

* Cuirtear an méid EUR 5,6 billiún a chomhfhreagraíonn don Líontán Sábhála Aontachta san áireamh faoi CBT

** Iomlán le haghaidh na gcistí

Gnóthaí Baile: EUR 34.0 billiún
*** gan an Líontán Sábhála Aontachta a bheith curtha san áireamh

EUR billiún — Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (praghsanna tairiseacha 2025)	**Togra CAI**	**Seasamh PE (1.27 % OIN, gan aisíocaíocht NGEU a áireamh)**	**Athrú ainmniúil**
Ceannteideal 2: Iomaíochas, Rathúnas agus Slándáil	**522,21**	**584,29**	**62,08**
An Ciste Eorpach um Iomaíochas	207,40	234,00	26,60
ar díobh sin *Gníomhaíochtaí LIFE*	*0,00*	*3,00*	*3,00*
Gníomhaíochtaí EU4Health	*0,00*	*8,90*	*8,90*
Fís Eorpach	154,88	177,01	22,13
EURATOM/ITER	8,71	8,71	0,00
ICSN-D (An Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach - Díchoimisiúnú)	0,85	0,85	0,00
Clár Ignalina	0,60	0,60	0,00
SCE (Iompar, Fuinneamh, Soghluaisteacht Mhíleata)	72,25	81,00	8,75
Clár um an Margadh Aonair agus Custam	5,54	6,10	0,56
Pericles (cosaint an Euro)	0,01	0,01	0,00
Erasmus+	36,19	42,00	5,81
AgoraEU	7,61	9,50	1,89
SACS+ (Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus ullmhacht sláinte)	9,46	11,00	1,54
Ceartas	0,71	0,79	0,08
Gníomhaireachtaí díláraithe	8,69	8,69	0,00
Gníomhaíochtaí eile, sainphribhléidí	2,23	2,23	0,00
Corrlaigh	7,09	1,80	-5,29
Ceannteideal 3: An Eoraip Dhomhanda	**190,02**	**211,26**	**21,24**
An Eoraip Dhomhanda	176,83	198,63	21,80
Comhbheartas Eachtrach agus Slándála	2,99	3,34	0,35
Tíortha agus críocha thar lear, an Ghraonlainn san áireamh;	0,89	1,85	0,96
Comhaontuithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) agus Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh	1,18	1,50	0,32

(ERBInna)			
Gníomhaíochtaí eile, sainphribhléidí	1,01	1,01	0,00
Corrlaigh	7,13	4,94	-2,19
Ceannteideal 4: Riarachán	**104,45**	**104,45**	**0,00**